An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2015

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

## Clár an Ábhair

Ár Misean 2

Eolas fúinn 3

Éachtaí – 2015 7

## Ráiteas Straitéise 2015 - 2017

1. Poist agus an tlomaíochas a Chothú 8

2. Ardfheidhmíocht san Fhiontraíocht a Chothú agus Tacú léi 35

3. Taighde agus Nuálaíocht 44

4. Margaí Níos Fearr agus Fostaíocht den Scoth de bhun Rialáil Níos Fearr 55

5. An Straitéis a Chur i bhFeidhm agus Athruithe a Bhainistiú 64

## Aguisín 1
**Ráitis Airgeadais Iniúchta amhail an 31 Nollaig 2015** 68

## Aguisín 2
**Billí a Foilsíodh nó a Achtaíodh in 2015** 77

## Aguisín 3
**Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2015** 78

## Ár Misean

*"Cruthú lánfhostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a spreagadh, trína bheith inár gcrann taca ar son na fiontraíochta ar fud an Rialtais, tacú le bonn fiontraíochta iomaíoch chun daoine a dhreasú i dtreo na hoibre agus na fiontraíochta, agus fostaíocht agus margaí atá cóir agus iomaíoch a chur chun cinn"*

# Eolas Fúinn

Tá ról lárnach ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainn táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn le cruthú post. Tá sainchúram ar an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint. Trína gníomhaireachtaí agus trína hOifigí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh,
- onnmhairí a mhéadú,
- feabhas a chur ar iomaíochas,
- nuálaíocht agus fás a chur chun cinn de bhun infheistíochta i dtaighde agus forbairt,
- iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthais agus do thomhaltóirí,
- seasamh leis na dlíthe cuideachtaí,
- cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear an teidlíocht atá acu i leith sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- timpeallacht dhearfach caidrimh thionsclaíoch a éascú,
- beartais a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnaithe ina bhonn eolais faoi,
- riachtanais scileanna ag fiontair amach anseo a aithint (feabhas a chur ar thairiscint táirgí chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, infheistíocht agus cruthú post a éascú trí ghnóthais dhúchasacha, agus feabhas a chur ar iomaíochas, nuálaíocht agus táirgiúlacht na hÉireann), agus
- ionadaíocht a dhéanamh maidir le leas na hÉireann i bhfóraim éagsúla ar cuid iad den Aontas Eorpach, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

# Gníomhaireachtaí na Roinne




**Oifigí Fiontair Áitiúla**

Chomh maith leis an méid thuas, maoiníonn an Roinn 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁnna).

# Oifigí na Roinne




*Ach ar bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre an 1 Deireadh Fómhair 2015, tugadh le chéile feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Bhinse Comhionannais, agus ar an gcéad ásc feidhmeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta le chéile. Aistríodh feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta chuig an gCúirt Oibreachais. Ní féidir deireadh a chur leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta go hiomlán nó go mbeidh a ualach stairiúil cásanna curtha de aige, rud a ghlacfadh um 18 nó 24 mí.

| Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta | |
|---|---|
| John Murphy* | An tArd-Rúnaí |
| Dermot Mulligan** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Iomaíochta agus Post |
| Declan Hughes | Rúnaí Cúnta, Aonad na mBeartas Straitéiseach |
| Philip Kelly | Rúnaí Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha, an Rannóg Gnóthaí AE agus Beartas Trádála |
| Breda Power | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Tráchtála, Tomhaltóirí agus Nuálaíochta |
| Michael O'Leary | Ceann Aonad Tacaíochta na mBainisteoirí |

*Tháinig Orlaigh Quinn i gcomharbacht ar John Murphy mar Ard-Rúnaí ach ar éirigh an tUas. Murphy as obair i mí Dheireadh Fómhair 2016

**Tháinig Dermot Mulligan i gcomharbacht ar Dermot Curran i mí Iúil 2015

# Éachtaí – 2015

**Chuntais Fiontraíocht Éireann an leibhéal ba mhó post lánaimseartha riamh sa bhliain ab fhearr riamh ó thaobh poist a chruthú i stair Fhiontraíocht Éireann. Tá 192,223 duine i bhfostaíocht faoi láthair, cruthaíodh 10,169 post nua in 2015.**

Tháinig fás 10% go €20.6bn ar onnmhairí de chuid cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann, arbh é sin an leibhéal gnóthachan onnmhairí ba mhó riamh. Tá líon na honnmhairíochta nach mór dhá oiread an líon a bhí ann 10 mbliana ó shin (€10.73bn in 2005).

**Chruthaigh an ÚFT 11,833 post nua glan i rith 2015, i gcomparáid le 7,131 in 2014 – arb ionann é sin agus méadú 66% bliain ar bhliain. Tháinig méadú ar líon na n-infheistíochtaí a gnóthaíodh d'Éirinn i rith na bliana go 213 ó 197 sa bhliain roimhe sin.**

Ag deireadh 2015, bhí 187,056 duine ag obair i gcliantchuideachtaí ÚFT Éireann, an líon is mó i stair na gníomhaireachta. Ba é an séú bliain as a chéile inar tháinig fás ar an nglanfhostaíocht.

**Seoladh Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist 2014 i mí Feabhra 2015. Tugann an tionscnamh seo páirtithe leasmhara i ngach ceann de na hocht réigiún le chéile chun raon gníomhartha tionscnaimh a shonrú a ghlacfaí ionas go mbeadh 10 – 15% breise i bhfostaíocht faoi 2020.**

Achtaíodh an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 (Uimh. 27 de 2015) i mí Iúil 2015. Tugann sé isteach meicníocht chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú, cuireann sé creat nua reachtúil ar fáil ionas gur féidir leis an gCúirt Oibreachais rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a scrúdú agus a bhunú in earnálacha áirithe agus leasaíonn sé an dlí i dtaca le cómhargáil agus le cumhacht na Cúirte Oibreachais i ndáil le horduithe a mbaineann ceanglas dlí leo a dhéanamh maidir le téarmaí fostaíochta in éadan fostóirí nach bhfuil comhaontuithe cómhargála acu.

**In 2015, baineadh amach buaicleibhéal onnmhairí as Éirinn a raibh luach um €234bn leo. Ba é sin an séú bliain as a chéile ina raibh fás onnmhairíochta bliain ar bhliain. B'ionann luach na n-earraí a onnmhairíodh agus breis is €112bn, ar méadú 21% é sin ar 2014. B'ionann onnmhairí seirbhíse agus um €122bn in 2015, figiúr a bhí breis is 15% níos airde ná luach na n-onnmhairí seirbhíse sa bhliain roimhe sin**.

Seoladh Fiontraíocht 2025 a leagann amach na gníomhartha straitéiseacha atá de dhíth ar fud an Rialtais chun an ardaidhm fhógartha fostaíocht iomlán a bhaint amach faoi 2020 a fhíorú agus lena chinntiú go bhfuil beartas fiontar na hÉireann daingean go leor chun a bheith céim chun tosaigh ar na hathruithe i dtimpeallacht iomaíoch na hÉireann agus ar an iomaíocht dhomhanda níos déine le haghaidh trádála, infheistíochta agus daoine, agus/nó chun a bheith freagrach dóibh.

**Ghlac an Rialtas le Nuálaíocht 2020, a leagann amach a uaillmhianta i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta do na cúig bliana atá romhainn amach.**

I rith 2015, ceadaíodh 108 saoráid, faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, a raibh luach €20.39m orthu agus as ar cruthaíodh 470 post úr agus as ar cothaíodh 489 post a bhí ann cheana féin.

**Cuireadh tús le hAcht na gCuideachtaí 2014 an 1 Meitheamh 2015. Thug an tAcht le chéile 17 Acht Cuideachtaí a achtaíodh idir 1963 agus 2013, mar aon le roinnt rialúchán de chuid an AE.**

Shínigh an tUachtarán an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Acht Uimh. 16 de 2015) an 20 Bealtaine 2015 agus tugtar le chéile feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Bhinse Comhionannais, agus ar an gcéad ásc feidhmeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Tá feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta corpraithe sa Chúirt Oibreachais atá leathnaithe.

# 1. Poist agus an tIomaíochas a Chothú

## Plean Gníomhaíochta do Phoist

Is é croílár straitéis na Roinne seo ó 2012 i leith 100,000 post breise a chruthú faoi 2016, arna leagan amach in uaillmhianta straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta do Phoist a seoladh sa chéad ráithe den bhliain sin. Is tionscnamh lán-Rialtais é an Plean Gníomhaíochta do Phoist (PGP) ina mbíonn Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Rialtais ag obair chun tacú le cruthú post san earnáil fiontar. Stiúrann RPFN forbairt an PGP thar ceann an Rialtais agus é ag obair go dlúth le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí rialtais.

Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta do Phoist an clár oibre um chruthú post a chur chun cinn ach timpeallacht thacúil agus iomaíoch ghnó a chruthú, díriú ar phoist a chruthú faoi stiúir na hearnála príobháidí agus atá dírithe ar onnmhairíocht agus cúinsí creata a chur ina gceart. Is príomhchuspóir é geilleagar na hÉireann a atógáil bunaithe ar fhiontair agus ar an bhfiontraíocht, ar thallann, ar an nuálaíocht agus ar onnmhairí, agus bunsraith daingean a sholáthar don fhás sa todhchaí.

Ba é tátal athbhreithniú an OECD ar an bpróiseas PGP in 2014 gur "nuálaíocht thábhachtach i Rialachas na hÉireann a bhí ann", a léiríonn meicníocht comhordaithe lena ndéantar cinnte de go mbeidh lucht polaitíochta ag tacú leis agus á mhaoirsiú ag ardleibhéal, go mbeidh an rialtas uile ag plé leis agus go mbunófar spriocanna ráithiúla a mbeidh córas monatóireachta láidir mar bhonn agus mar thaca acu. "Is céimeanna tábhachtacha iad sin i dtreo dul i ngleic le bearnaí atá ann le fada an lá agus a fhágann go mbíonn sé níos deacra beartas a chur i ngníomh i gceart" a thuairiscigh an OECD.

Seoladh an ceathrú cuid den chlár uaillmhianach ilbhlianta sin, Plean Gníomhaíochta do Phoist 2015, i mí Eanáir 2015.




(C-D) An tAire Scileanna, Taighde & Nuálaíochta, an tUas. Damian English, An tAire Gnó & Fostaíochta, an tUas. Ged Nash, an Taoiseach, an tUas. Enda Kenny, an Tánaiste Joan Burton Uasal agus an tAire Post, Fiontraíochta & Nuálaíochta, an tUas. Richard Bruton ag seoladh an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015 (Feabhra 2015)

Luadh 382 gníomh sa Phlean Gníomhaíochta a bhain le gach Roinn Rialtais agus le 46 Gníomhaireacht. Tráth a seoladh é bhí geilleagar na hÉireann ar tí sprioc um chruthú 100,000 post a bhaint amach bliain roimh ré. Leoga, sa bhliain 2015 sáraíodh an sprioc 100,000, agus bhí 138,000 duine sa bhreis i mbun fosaíochta i Ráithe 4 2015 i gcomparáid le Ráithe 1 2012 – rud a d'fhág go raibh 1,976,000 duine san iomlán i mbun fostaíochta.

Ach a ndearnadh an dul chun cinn sin, tugadh Plean Gníomhaíochta 2015 cothrom le dáta maidir leis an uaillmhian um chruthú poist, agus leagadh síos sprioc ardleibhéil níos dúshlánaí fós don tír, rud a léirítear i Ráiteas Straitéise 2015-2017 na Roinne, is é sin na poist sin go léir cailleadh i rith na géarchéime geilleagair a athsholáthar agus líon na ndaoine a bheidh i bhfostaíocht in 2018 a mhéadú go 2.1 milliún duine, sin dhá bhliain roimh an sprioc thosaigh a leagadh amach sa Straitéis Eacnamaíochta Mheántréimhseach, 2014-2020.

Tá ceithre phríomhthéama ag teacht chun cinn ón bPlean Gníomhaíochta:

1. Díolacháin agus Onnmhairí a mhéadú
   Faoi mar a luadh roimhe seo, bhí bearta in PGP 2015 a bhí dírithe ar fhiontraíocht na hÉireann a fhás agus infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú chun dlús a choinneáil faoi chruthú post a bhaineann le honnmhairíocht. Dhírigh an plean ar phoist nua a chruthú agus tacú le gnólachtaí chun feidhmíocht láidir onnmhairíochta a bhaint amach, ach obair a dhéanamh chun infheistíocht dhíreach eachtrach a fhás agus a neadú in Éirinn agus de bhun gníomhartha a threiseodh agus a chothódh bonn onnmhairíochta den scoth na hÉireann – go háirithe de chun straitéis nua de chuid Fhiontraíocht Éireann, *Driving Enterprise Delivering Jobs Strategy to 2016,* agus *Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019* de chuid an ÚFT a chur i ngníomh.

2. Cumas Iomaíochta
   Choinnigh Plean Gníomhaíochta 2015 an fócas ar an gcumas iomaíochta a fheabhsú. In ainneoin feabhsuithe ar bhonn costais na hÉireann ar fud raon méadrachta i mblianta roimhe sin, bhí bonn costais na hÉireann as cor le bonn lucht iomaíochta le haghaidh trádála agus infheistíochta, agus brú costais ardaitheacha ag teacht chun cinn. Bhí deis ann freisin feabhas a chur ar a éasca atá sé gnó a dhéanamh agus i dtaca le hacmhainneacht táirgiúlachta na hÉireann a bhaint amach. Bhí bearta sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an ualach oibre riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú; táirgiúlacht agus éifeachtúlacht gnólachtaí agus bainisteoireachta a fheabhsú; caighdeán bhonn scileanna agus bhonneagar geilleagrach na hÉireann a fheabhsú; agus monatóireacht a dhéanamh ar chumas iomaíochta na hÉireann agus é a fheabhsú chun áit i measc na 5 áit is airde go hidirnáisiúnta a bhaint amach – ag féachaint go háirithe do na réimsí sin is mó a rachadh i bhfeidhm ar ghnólachtaí arna sonrú ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais.

3. An Geilleagar Intíre a spreagadh de bhun na fostaíochta áitiúla
   Bhí raon beart in PGP 2015 chun a chinntiú go mbainfí amach an rath céanna sa gheilleagar intíre agus a baineadh amach i margaí idirnáisiúnta, agus go bhféadfadh gach réigiún a acmhainneacht a bhaint amach. Ar na nithe a bhí i gceist bhí tacaíocht don fhiontraíocht ar leibhéal réigiúnach, go háirithe de bhun tacar Straitéisí Réigiúnacha Fiontair a fhoilsiú agus maoiniú iomaíoch a chur ar fáil do thionscnaimh réigiúnacha; tacaíocht don fhorbairt áitiúil agus tuaithe; bearta a bhí dírithe ar leathanbhanda ardluais a sheachadadh; agus raon beart a bhí dírithe ar earnálacha an agraibhia, na mara, an mhiondíola, na foirgníochta agus na turasóireachta.

4. Gníomhaíocht fiontraíochta a mhéadú
Rinne PGP 2015 iarracht tógáil ar an athchóiriú a rinne Pleananna roimhe sin ach straitéisí uaillmhianacha agus tacúla a chur i bhfeidhm d'Oifigí Fiontair Áitiúla de réir contae agus spriocanna do ghnólachtaí nuathionscanta, do rannpháirtíochtaí fiontair agus do thacaíochtaí, tionscnaimh faoin Ráiteas Beartais Náisiúnta um an Fhiontraíocht, tógáil ar an rath a bhí ar chláir dámhachtainí, cuir i gcás Scoth Fiontraí Óig na hÉireann, agus Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta 2015 a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a sheachadadh go rathúil. Dhírigh an Plean freisin ar uaillmhian níos airde maidir le cuideachtaí a bheadh dírithe ar an onnmhairíocht a thosú mar aon le bearta chun iad a fhás de réir scála ar bhealach níos rathúla.

## Gnéithe Nua in PGP 2015

Agus feabhas ag teacht ar chúinsí geilleagair go ginearálta, thug Plean Gníomhaíochta 2015 isteach caibidil a dhírigh ar fhoinsí nua fáis, a leagann amach gníomhaíocht shonrach d'fhoinsí fáis gheilleagraigh atá ag teacht chun cinn sa chás gur féidir le tionscnaimh luatha spriocdhírithe faoi stiúir an Rialtais an bonn a chur faoi dhul chun cinn inbhuanaithe sa ghearrthréimhse nó sa mheántréimhse. Ba iad na tionscnaimh sin ar déileáladh leo in PGP 2015 Dul in Aois go Stuama, díolacháin a fháis de bhun ceannasaíochta ó thaobh dearaidh de, seirbhísí airgeadais, idirlíon na n-earraí, déantúsaíocht nuálach/ardleibhéil, an geilleagar glas, agus tionscnaimh Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta agus forbartha scileanna san Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála.

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta 2015 freisin bhí creat measúnachta a nascfadh cuspóirí agus gníomhartha PGP le hiarmhairtí, agus a thabharfadh tuiscint níos fearr ar threo an dul chun cinn i gcomparáid le slata tomhais idirnáisiúnta. Is ann dó sin chun a chinntiú go gcuideoidh gníomhartha go héifeachtach le cuspóir uileghabhálach na fostaíochta méadaithe.

## Athchóirithe Suaiteacha

Bhí sé Athchóiriú Shuaiteacha nua ann in 2015:

- An Feachtas Náisiúnta Tallann – Díríonn an t-athchóiriú seo ar infhostaitheacht foghlaimeoirí a threisiú agus rannpháirtíocht fostóirí a fheabhsú ar gach leibhéal ach úsáid a bhaint as sásraí cómhaoiniúcháin d'fhonn a chinntiú go sásaíonn an soláthar scileanna an t-éileamh chun bonn a chur faoin nGeilleagar Nua.
- Acmhainneacht Réigiúnach a Sheachadadh – Áirítear air seo Tionscnaimh Mhaoiniúcháin Iomaíoch oiread agus €25 milliún a sheoladh chun comhoibriú nuálach a chothú d'fhonn tacú leis an bhfiontraíocht agus leis an nuálaíocht sna réigiúin, agus leas á bhaint as buntáiste iomaíoch réigiúnach.
- Éire a bhunú mar Mhol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa – Díríonn an t-athchóiriú seo ar Éire a chur ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta agus i ndáil le hinfheistíocht shoghluaiste a mhealladh do thaighde, do sheirbhísí bainistíochta, do theicneolaíochtaí agus réitigh a bhaineann le fuinneamh agus dlús a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun an cumas iomaíochta a fheabhsú.
- Corparáid Baincéireacht Straitéisí na hÉireann – Is éard atá i gceist anseo maoiniú €800 milliún a úsáid chun iasachtaí sainoiriúnaithe agus raon táirgí nua a chur ar fáil d'fhiontair ar fud na tíre de bhun idirghabhálaithe airgeadais reatha agus nua i margadh na hÉireann go ceann dhá bhliain.
- Gníomhaíocht Fiontraíochta a Mhéadú – Baineann sé seo le dlús a chur faoi fheidhmiú gníomhartha sa Ráiteas Beartais Náisiúnta um an Fhiontraíocht, atá dírithe ar líon, ráta marthanais agus acmhainn gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú agus iarmhairt ghnólachtaí nuathionscanta na hÉireann ar phoist a dhúbailt laistigh de chúig bliana.

- Maoin Intleachtúil san Fhiontraíocht – Is é is aidhm leis seo líon na bpaitinní, na ndearaí tionscail cláraithe agus bainistíocht maoine intleachtúla eile gnólachtaí a dhúbailt. Is é is cuspóir leis tacaíocht do ghnólachtaí a fheabhsú, dlús a chur faoin tráchtálaíocht, agus Bosca Forbartha Eolais a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfuil an timpeallacht cánach oiriúnach d'fhiontair nuálacha atá bunaithe in Éirinn.

## Cur i bhFeidhm

Tá dhá fhorbairt shuntasacha sa tír a bhaineann le próiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist. An chéad cheann acu sin ná cur i bhfeidhm beartas d'aon lámh ag an rialtas uile le tacaíocht, maoirseacht agus treoir ón lucht polaitíochta ag an leibhéal is airde. An dara forbairt ná córas dian monatóireachta agus tuairiscithe ráithiúil faoi cheannas Roinn an Taoisigh. 89% an ráta feidhmithe a bhí ann in 2015. Bhí siad seo a leanas i measc na ngníomhartha is tábhachtaí a rinneadh:

- Seacht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a fhoilsiú
- Gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin Ráiteas Beartais Náisiúnta um an Fhiontraíocht
- Tacú le 150 gnólacht nuathionscanta faoin gClár Forbartha Fiontraithe, New Frontiers
- Printíseachtaí nua a fhorbairt mar fhreagairt do mholtaí ó phríomhearnálacha an gheilleagair
- 10,000 lá oiliúna a chur ar fáil do bhreis is 240 duine dífhostaithe mar chuid d'fheidhmiú chláir thiontaithe TFC Skillnets
- Éascaíocht a dhéanamh d'éileamh fostóirí ar cheadanna TFC de bhreis ar 2,000 in 2015
- Foilsiú *Collaborating for talent and growth: Strategy for Higher Education-Enterprise Engagement*
- Bunú an Choimisiúin um Pá Íseal
- Tugadh faoi 23 Mhisean agus imeacht Trádála faoi stiúir Aire in 2015, chuig SAM, an tSín, an Afraic Theas, an Nigéir agus an Mhurascaill ina measc
- D'fhorbair Fiontraíocht Éireann sraith tionscnamh comhoibríoch chun dlús a chur faoi onnmhairí agus infheistíocht i margaí tosaíochta, i gcomhar leis an ÚFT, Bord Bia, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- Foilsiú *Food Wise 2025* – straitéis d'earnáil an agraibhia
- Tacaíocht Fhiontraíocht Éireann do bhreis is 28 infheistíocht shuntasach i dtionscal an bhia
- Seirbhísí Comhtháite um Iarratais ar Cheadúnais a chur i ngníomh
- Oifig Bhaile Átha Cliath a bhunú don Choimisinéir Cosanta Sonraí
- Snáithe nua JobPlus a sheoladh do dhaoine óga faoin Ráthaíocht Óige
- Foilsiú na Straitéise Náisiúnta Óige 2015-2020, mar aon le bearta chun tacú le fostaíocht don aos óg agus tionscnaimh thaighde
- Fóram um Íoc Pras a bhunú chun tacú le Cód um Íoc Pras a sheachadadh
- Foilsiú *Nuálaíocht 2020,* a thiocfadh i gcomharbacht ar an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
- A thuilleadh uas-scálú d'Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann de bhun an chláir Spokes
- Leathnú na scéime Comhpháirtíochtaí SFI chun comhoibriú a fhorbairt a thuilleadh idir lucht tionscail agus taighde i bpríomhréimsí
- Bhunaigh an ÚFT Cineálacha Nua Deighilte Infheistíochta atá dírithe ar infheistíocht a chinntiú ó réimsí nach raibh baint ag an ÚFT leo roimhe seo
-

## Iarmhairt an Chruthaithe Post

Go foriomlán, léiríodh in 2015 go raibh tionchar cruthaithe ag an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Baineadh buaicleibhéil fostaíochta amach in 2015 i gcliantchuideachtaí Fhiontraíocht

Éireann. Bhí 192,223 duine san iomlán i bhfostaíocht dhíreach i gcliantchuideachtaí, agus tháinig glanmhéadú 10,169 ar líon na bpost i measc na gcliant in 2014. Rinne cliaint Fhiontraíocht Éireann onnmhairí de luach €20.6bn, leibhéal nár baineadh amach riamh cheana go dtí sin.

In 2015, chruthaigh cliantchuideachtaí ÚFT 11,833 post nua, arbh ionann é sin agus méadú 66% ar ghlanchruthú post bliain, rud a fhágann go raibh an leibhéal fostaíocht dírí cliant ab airde riamh i stair na heagraíochta ag an ÚFT, is é sin 187,056.

Bhí méadú bliana 2.3%, nó 44,500, ann i Ráithe 4 de réir shonraí na Suirbhéireachta Náisiúnta Ráithiúla ar Theaghlaigh, rud a fhágann go bhfuil 1,976,000 duine san iomlán i bhfostaíocht.

## Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist

Sheol an Rialtas an tionscnamh, Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist 2014 i mí Feabhra 2015. Tugann an tionscnamh seo páirtithe leasmhara difriúla i ngach ceann de na 8 réigiún le chéile chun raon gníomhartha nuálacha a shonrú le glacadh ar fud raon Rann agus gníomhaireachtaí, lena ngabhann amlínte soiléire um sheachadadh thar an tréimhse 2015–2017, dírithe ar éascaíocht a dhéanamh do gach réigiún a acmhainneacht gheilleagrach a bhaint amach agus leibhéil fostaíochta a ardú i ngach ceann de na réigiúin.

Foilsíodh sé cinn de na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha in 2015: Lár na Tíre, an tIardheisceart, an tOirdheisceart, an Lár-Iarthar, an tIarthar agus an tOirthuaisceart/Iarthuaisceart.

Is é príomhchuspóir na bpleananna sin go mbeadh idir 10 agus 15 faoin gcéad breise de dhaoine i mbun oibre i ngach réigiún faoi 2020 agus a chinntiú go bhfuil rátaí dífhostaíochta i ngach réigiún laistigh d'aon faoin gcéad de mheánráta an Stáit.

Is iad na príomhspriocanna i ngach Plean Gníomhaíochta Réigiúnach:

- Líon na bhfiontraithe/ngnólachtaí nuathionscanta i ngach réigiún a mhéadú 25% ar a laghad,
- An ráta marthanais 5 bliana a fheabhsú 25%
- Feidhmíocht scálaithe cuideachtaí a fheabhsú 25%,
- Infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú i ngach réigiún idir 30% agus 40%.

Tá Coiste Feidhmiúcháin Réigiúnach ag déanamh maoirseachta ar sheachadadh gach plean. Tá ionadaithe ón tionscal, ó údaráis áitiúla, ó ghníomhaireachtaí fiontair, ó earnáil an oideachais agus ó pháirtithe leasmhara agus ó ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile ar na coistí.

Tacaíonn ciste €250 milliún a fógraíodh i mí Feabhra 2015 feidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha, le cur ar fáil sna cúig bliana seo romhainn amach d'Fhiontraíocht Éireann agus don ÚFT. Is é atá ann Clár Maoine Réigiúnach €150 milliún arna sheachadadh ag an ÚFT agus oiread agus €100 milliún a bheidh ar fáil de bhun trí ghlao iomaíocha de chuid Fhiontraíocht Éireann.
Foilseofar eolas cothrom le dáta faoi dhó sa bhliain i ndáil le gach plean.

## Plean Gníomhaíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath

Sheol RPFN Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath do Phoist – an ceann deiridh d'ocht bplean gníomhaíochta réigiúnacha – i mí Eanáir 2016. Bhain rannpháirtíocht agus comhoibriú nach beag le raon páirtithe leasmhara a thug gealltanas maidir le tacar gníomhartha a sheachadadh sna chéad trí bliana eile le forbairt an Phlean. Admhaíonn PGP Bhaile Átha Cliath gur Plean

éagsúil é sin de bharr scála, éagsúlacht agus dinimic Bhaile Átha Cliath atá ann cheana féin, mar aon lena ról sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Tarraingíonn na Gníomhartha ar Fhiontraíocht 2025 agus is é is aidhm leo:

- Gníomhartha a ngabhann iarmhairt leo a mhéadú – gníomhartha a fheidhmíonn mar thaispeántóirí agus ar féidir aithris a dhéanamh orthu ar fud réigiún na cathrach agus a ardaíonn próifíl Bhaile Átha Cliath go hidirnáisiúnta;
- Comhoibriú a dhéanamh lenar féidir níos mó a bhaint amach agus muid ag obair le chéile ná mar a bhainfí amach asainn féin agus éascaíocht a dhéanamh do ghníomhaíochtaí cnuasaigh a mbaineann scála agus infheictheacht idirnáisiúnta leo; agus
- Iarracht a dhéanamh i gcónaí Baile Átha Cliath a idirdhealú i dtéarmaí nuálaíochta, suímh, tallann agus a nascacht go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cumhdaíonn na gníomhartha na réimsí seo a leanas:

- Uaschéimniú ó thaobh feidhmíochta fiontraíochta a bhaint amach i ndáil le cumas iomaíochta idirnáisiúnta, nuálaíocht agus táirgiúlacht – rud a sheachadfaidh:
  - 430 infheistíocht dhíreach eachtrach thar an tréimhse 2015-2019;
  - Ardú 20 faoin gcéad ar ghníomhaíocht Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a bhaint amach;
  - 66,000 post breise faoi 2020.
- Cáilmheas domhanda Bhaile Átha Cliath a fhorbairt do roinnt mol príomhearnála, cnuasaigh scála agus infheictheacht idirnáisiúnta a thógáil in earnálacha onnmhairíochta ina measc seirbhísí idirnáisiúnta airgeadais, bogearraí, seirbhísí, dearadh, Bithchógaisíocht, bia agus déantúsaíocht eile; agus chun acmhainneacht na fostaíochta in earnálacha géariomaíochta, an turasóireacht agus an miondíol ina measc, a bhaint amach.
- Seasamh Bhaile Átha Cliath mar chathair den scoth do ghnólachtaí nuathionscanta a fheabhsú agus cumas ár gcuid fiontraithe agus gnólachtaí nuathionscanta a threisiú chun fás inbhuanaithe a dhéanamh – chun méadú a dhéanamh ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta faoi 25 faoin gcéad ar a laghad le ráta marthanais níos fearr.
- Baile Átha Cliath a fhorbairt mar bhaile do thallann fiontraíochta an 21ú haois agus a chinntiú go mbímid ar an eolas i gcónaí faoin éabhlóid atá ag teacht ar earnálacha, ar ghairmeacha agus ar scileanna ionas gur féidir lenár ndaoine tairiscint Bhaile Átha Cliath a idirdhealú i gcomhthéacs domhanda.
- Tairiscintí uathúla chomharsanachtaí Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh agus a chothú agus tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí bonneagair a bhfuil gá leo chun tacú lenár gcathair idirnáisiúnta – áit arb í Baile Átha Cliath cathair dhomhanda a bhfuil cuma sráidbhaile uirthi.
- Cáilmheas Bhaile Átha Cliath a mhéadú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar Phríomhchathair Tuairimí, áit arb í an nuálaíocht nós na beatha, arna sheachadadh de bhun tionscnamh dá leithéidí tionscadal na gCathracha Cliste.

Bunaíodh grúpa feidhmiúcháin faoi stiúir lucht tionscail atá freagrach as dlús a chur faoi sheachadadh na ngníomhartha agus monatóireacht a dhéanamh orthu thar thréimhse go 2018, agus reáchtálfar an chéad chruinniú i mí Mheán Fómhair 2016.

## Beartas Náisiúnta Fiontar na hÉireann a Fhorbairt

Faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, éilítear ar RPFN athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar bheartas tionscail na hÉireann. I rith 2015, chuir an Roinn bailchríoch ar Fhiontraíocht 2025, beartas náisiúnta fiontraíochta na hÉireann don tréimhse 2015-2025. Ghlac an Rialtas le Fiontraíocht 2025 agus seoladh i mí na Samhna 2015 é. Léirítear príomhphrionsabail agus

uaillmhian Fhiontraíocht 2020 sa Chlár um Rialtas Comhpháirteach agus leagtar amach tiomantas dá sheachadadh i Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh a foilsíodh i mí Iúil 2016.

Is straitéis uaillmhianach í seo, arb é is cuspóir léi fás a chothú atá inbhuanaithe, a bhfuil feidhmíocht láidir taobh thiar de, a thógann ar bhuanna na hearnála agus a bhfuil an nuálaíocht, an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas mar bhonn aige.

Is mian linn go mbeadh an geilleagar athléimneach ionas nach bhfulaingeoimid arís a d'fhulaingíomar le roinnt blianta anuas.

Leagann Fiontraíocht 2025 amach ár n-uaillmhian maidir le:

- 2.18 milliún duine a bheith i bhfostaíocht faoi 2020 – ar leibhéal fostaíocht a bheadh ann nach bhfacthas riamh cheana sa Stát. Is dóigh linn go dtiocfaidh laghdú go 6 faoin gcéad ar an dífhostaíocht (thart ar 266,000 daoine breise ag obair i gcomparáid le bonnleibhéal 2014) – rud a thugann chun cinn teilgean na Roinne Airgeadais san anailís a rinneadh do Cháinaisnéis 2016;
- a chinntiú go gcruthaítear poist ar fud na réigiún ionas go mbeidh an dífhostaíocht i ngach réigiún laistigh de chéatadán amháin ó mheánráta an Stáit faoi 2020;
- onnmhairí na hÉireann a fhás faoi idir 6 agus 8 faoin gcéad gach bliain go dtí 2020;
- ár gcumas iomaíochta a athshlánú ionas go mbeimid i measc na dtrí thír bheaga is iomaíche ar domhan; agus
- fás táirgiúlachta fadtréimhse a bhaint amach go leibhéil a bheadh i measc na gcúig thír is fearr san AE.

Straitéis iomlánaíoch fiontraíochta atá ann – a chumhdaíonn gach earnáil agus gníomhaíocht sa gheilleagar, ar fud gach réigiúin in Éirinn.

Leagann Fiontraíocht 2025 amach gníomhartha straitéiseacha atá de dhíth ar fud an Rialtais chun an ardaidhm fhógartha fostaíocht iomlán a bhaint amach faoi 2020 a fhíorú agus lena chinntiú go bhfuil beartas fiontar na hÉireann daingean go leor chun a bheith céim chun tosaigh ar na hathruithe i dtimpeallacht iomaíoch na hÉireann agus ar an iomaíocht dhomhanda níos déine le haghaidh trádála, infheistíochta agus daoine, agus/nó chun a bheith freagrach dóibh.

Cumhdaíonn na gníomhartha trí phríomhréimse:

- athrú céime a bhaint amach i dtaca le feidhmíocht fiontraíochta a chuireann méadú suntasach ar chuideachtaí scála faoi úinéireacht Éireannach, líon níos mó gnólachtaí nuathionscanta le rátaí marthanais níos fearr, agus infheistíochtaí díreacha eachtracha a chuireann luach le forbairt earnálacha na hÉireann, le cnuasaigh scála agus fás geilleagrach;
- infheistíocht chaipitil spriocdhírithe i réimsí a idirdhealóidh Éire ó thíortha eile i dtimpeallacht dhomhanda atá dian-iomaíoch, ina measc tallann agus scileanna; nuálaíocht; suímh (acmhainneacht réigiúnach a bhaint amach); agus ár nascacht idirnáisiúnta a threisiú agus margaí onnmhairíochta a éagsúlú.
- na bunrudaí a chur i gcrích go hiontach d'fhonn a chinntiú gur féidir le cuideachtaí teacht ar an airgeadas a bhíonn de dhíth orthu chun tacú leis an bhfás; go dtacaíonn beartais chánachais leis an bhfiontraíocht; go ndéantar infheistíochtaí i mbonneagair tháirgiúla a thacaíonn le hinfheistíocht fiontraíochta agus le soghluaisteacht earraí, seirbhísí agus daoine; agus go ndírítear ar iomaíochas costais i gcomhréir le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Maidir le forbairt agus múnlú Fhiontair 2025, chuathas i mbun comhairliúcháin leathain le lucht fiontar, cumainn na dtionscal, lucht acadúil, gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais eile trí shraith cheardlann dírithe agus cruinnithe in 2014 agus suas go dtí an t-am a cuireadh an comhairliúchán i gcrích in 2015. Tá Fiontraíocht 2025 ag teacht le Nuálaíocht 2020 a sheol an RPFN ag deireadh 2015.

## Fiontraíocht Éireann

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann mar Ghníomhaireacht de chuid na Roinne agus tá sí freagrach as forbairt agus fás fiontar Éireannach i margaí domhanda. Oibríonn Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le fiontair Éireannacha d'fhonn cuidiú leo tosú, scálú, nuáil agus díolacháin onnmhairíochta a ghnóthú ar mhargaí domhanda. Ar an mbonn sin, cothaíonn an ghníomhaireacht fás inbhuanaithe geilleagrach, forbairt réigiúnach agus cruthú post. Mar gheilleagar oscailte, tá rath na honnmhairíochta ríthábhachtach d'fhás leanúnach geilleagrach na hÉireann.

Leagann straitéis Fhiontraíocht Éireann 2014-2016 amach na spriocanna straitéiseacha agus príomhnithe inghnóthaithe don tréimhse. Mionsonraítear inti tionscnaimh agus gníomhartha a chruthóidh 40,000+ post nua i gcuideachtaí na hÉireann agus a mhéadóidh onnmhairí na hÉireann faoi €5bn faoi 2016. Tá an straitéis sin ag cur dlúis faoin ngnóthachan onnmhairíochta agus faoin gcruthú post is mó a baineadh amach riamh i dtréimhse thrí bliana i measc chuideachtaí na hÉireann. Méadóidh an caiteachas breise a dhéanfaidh cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann in Éirinn an rathúnas náisiúnta i ngach réigiún ar fud na hÉireann.

Cuireann obair agus gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann go mór le cur chun cinn na fostaíochta. Baineann 300,000 post, go díreach nó hindíreach, i ngeilleagar na hÉireann le cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Ba é €23.7bn an caiteachas iomlán acu i ngeilleagar na hÉireann in 2015. Téann an iarmhairt gheilleagrach a bhaineann le gníomhaíocht Fhiontraíocht Éireann i gcion ar gach earnáil den gheilleagar, idir agraibhia agus fhoirgníocht, idir dhéantúsaíocht agus lóistíocht, agus idir mhiondíol agus óstaíocht.

Chuntais Fiontraíocht Éireann an leibhéal ba mhó post lánaimseartha riamh sa bhliain ab fhearr riamh ó thaobh poist a chruthú i stair Fhiontraíocht Éireann. Tá 192,223 duine i bhfostaíocht faoi láthair, cruthaíodh 10,169 post nua in 2015. Ba lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a cruthaíodh um 64% de na poist nua sin.

Tháinig fás 10% go €20.6bn ar onnmhairí de chuid cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann, arbh é sin an leibhéal gnóthachan onnmhairí ba mhó riamh. Tá líon na honnmhairíochta nach mór dhá oireadh an líon a bhí ann 10 mbliana ó shin (€10.73bn in 2005). Chuaigh dollar na Stát Aontaithe agus steirling na Ríochta Aontaithe a bhí láidir chun sochair do chliaint agus díolacháin le SAM agus an RA méadaithe 27% agus 12% faoi seach. Ba láidre a bhí fás onnmhairíochta go SAM/Ceanada in 2015 agus baineadh na leibhéil onnmhairíochta ba mhó riamh amach i ndáil le limistéar an Euro.

Tháinig méadú 12% ar onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe, ach mar chéatadán de gach onnmhaire de chuid chliaint Fhiontraíocht Éireann, tá laghdú ó 45% go 37% tagtha orthu le 10 mbliana anuas, toisc go bhfuil a mbonn onnmhairíochta leathnaithe ag cliaint Fhiontraíocht Éireann. Lean Margaí Ardfháis (e.g. an tSín, an Bhrasaíl, etc.) orthu ag éirí níos tábhachtaí le 10 mbliana anuas agus is ionann anois iad, ag €2.5bn, agus 12% d'onnmhairí san iomlán, i gcomparáid le 7% in 2005.

Agus í ag freagairt do dheiseanna athraitheacha fáis agus do straitéisí onnmhairíochta na gcliant, chomhordaigh Fiontraíocht Éireann breis is 120 misean trádála coigríche agus imeacht eolais, ina measc na chéad mhisin faoi stiúir an Stáit chun na hAfraice Thiar agus na Stát Baltach. Fuair cliantchuideachtaí 1,239 custaiméir nua suntasach thar sáile le linn na bliana le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann; agus bunaíodh 429 láithreacht nua thar lear.

D'fhonn a bheith iomaíoch i margaí onnmhairíochta, is ann do Scéim Tairisceana Fhiontraíocht Éireann do Ghnó Barainneach chun cliaint a spreagadh le prionsabail ghnó bharainnigh a chur i bhfeidhm san eagraíocht d'fhonn an fheidhmíocht agus an cumas iomaíochta a mhéadú. Tá uirlisí agus teicníochtaí barainneachta ag cuidiú le cuideachtaí ar fud na cruinne aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais ina gcuid gnólachtaí ach cumas na foirne a chothú i ndáil le deacrachtaí a thabhairt faoi deara agus oibríochtaí a fheabhsú. Cuireadh maoiniú ar fáil do 156 cuideachta ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as tairiscintí Gnó Ghlais agus Bharainnigh i rith 2015. Bhain Fiontraíocht Éireann triail as clár nua gnó bharainnigh do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga le seacht nOifig Fiontair Áitiúla.

D'fhonn tacú le clár oibre an scálaithe, ghlac um 1000 príomhfheidhmeannach agus bainisteoir páirt i gCláir Forbartha Bainisteoireachta agus Ceannaireachta in 2015. Thug príomhchláir shainiúla Fhiontraíocht Éireann uirlisí, teicníochtaí agus uaillmhian do 290 bainisteoir ó 165 cuideachta chun a ngnólachtaí a fhás. Chuir cláir ghairide Fhiontraíocht Éireann ar chumas 669 bainisteoir ó 401 cuideachta dul i gcion go tapa ar a gcuid gnólachtaí. Rinne an clár Platform4Growth cur chuige na foghlama cumaisc i leith na forbartha bainisteoireachta a phíolótú agus aithníodh an clár Graduates4International Growth ar an gClár Céime Oiliúna agus Forbartha ab Fhearr ag Gradaim Earcaíochta Céimithe GradIreland 2015.

I rith 2015, bhí baint mhór ag Fiontraíocht Éireann le gníomhartha a sheachadadh san PGP, le monatóireacht agus maoiniú a dhéanamh ar PGPanna réigiúnacha, le roinnt gníomhartha a sheachadadh faoin Ráiteas Beartais Fiontraíochta agus le forbairt agus bainistiú an 31 Oifig Fiontair Áitiúil. Lean an ghníomhaireacht ar aghaidh ag cur oiliúint do bhaill foirne na nOifigí Fiontair Áitiúla ar fáil d'fhonn leanúnacha seirbhíse a bhaint amach dá 6,000 cliant go náisiúnta.

In 2015, bunaíodh Cistí Cruthaithe Post Réigiúnach chun dlús a chur faoi chruthú post ach tograí comhoibríocha 'ón mbonn aníos' a spreagadh idir eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí, e.g. spás gorlainne a chur ar fáil, meantóireacht d'fhiontraithe, cláir chun dlús a chur faoi ghnólachtaí nuathionscanta, tacú le cnuasaigh tionscail laistigh de cheantair áitiúla agus réigiúnacha agus eatarthu mar aon le tionscnaimh áitiúla.
I rith na bliana, sheol Fiontraíocht Éireann glao nua um maoiniú iomaíoch i ndáil le Tionscnamh Fiontraíochta Pobail agus fuarthas 118 moladh ó ar fud na tíre. Bhí an glao ar iarratais ar oscailt d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do chomhghuaillíochtaí nua agus reatha, ar mhian leo fiontraíocht a chothú, poist a chruthú, an nuálaíocht a chothú agus deiseanna onnmhairíochta a fheabhsú do ghnólachtaí beaga.

## Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna)

Is éard is Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) ann 'siopa céad staid' do chomhairle agus do threoir, do chúnamh airgeadais agus do thacaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás. Is féidir le OFÁnna cúnamh deontais díreach a chur ar fáil do mhicrifhiontair (10 bhfostaí nó níos lú) in earnáil na déantúsaíochta nó seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a bhfuil sé d'acmhainn acu, le himeacht ama, forbairt ina n-aonáin láidre onnmhairíochta.

Ina theannta sin, cuireann OFÁnna seirbhís 'comharthaí bóthair' ar fáil i ndáil le tacaí ábhartha eile stáit atá ar fáil, mar shampla ó, na Coimisinéirí Ioncaim, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Microfinance Ireland agus ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann. I gcás duine ar bith ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás, seans go mbeadh OFÁnna in ann tacaíocht 'bhog' a chur ar fáil i bhfoirm traenála nó meantóireachta. Tá eolas breise ar OFÁnna le fáil ar www.localenterprise.ie.

Ba í 2015 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú OFÁnna agus d'éirigh go maith leo i ndáil le poist a chruthú in earnáil na micrifhiontar ar leibhéal áitiúil.

I mbeagán focal:

- Cruthaíodh 7,122 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán.
- Má chuirtear caillteanais san áireamh, bhí méadú glan 3,533 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ann
- Bhí 6,573 cliantchuideachta, le fostaíocht 32,592 duine (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán, ag baint le punann OFÁ in 2015.

Ba é an rud a bhí i gcroílár chruthú na bpost sin ná raon tacaí forbartha a chur ar fáil a bhí dírithe ar acmhainn agus feidhmíocht cuideachta a chothú in earnáil na micrifhiontar:

- In 2015, d'íoc OFÁnna amach cúnamh airgeadais díreach le 984 togra gnó (i gcomparáid le sprioc 900), ar bhain luach €10m leis. Astu sin, ba dheontais tionscnaimh do ghnólachtaí nuathionscanta iad 400 ceann díobh.
- I dteannta an chúnaimh airgeadais dhírigh, thacaigh na OFÁnna le cohórt níos leithne fiontraithe agus gnólachtaí beaga in 2015 de bhun tacaí boga eile:
    - 1,896 clár oiliúna le 27,185 rannpháirtí
    - tacaíocht meantóireachta eineach in ionchaibh a chur ar fáil do 8,175 rannpháirtí
    - daoine a chur ar aghaidh chuig Micro Finance Ireland (200 iarratas ar dheontas faofa)
    - Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (D/CCAE) le 1,770 dearbhán faofa in 2015.

I rith 2015, chugaibh 23 cuideachta OFÁ ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Tá na cliaint sin suntasach sa mhéid is go bhfuil siad ar na cuideachtaí is fearr feidhmíocht i bpunann cliant OFÁ (ní léirítear a bhfeidhmíocht in aschur 2015 thuas). Léiríonn siad toradh dearfach d'infheistíocht OFÁ agus is méadracht thábhachtach ar fheidhmíocht OFÁ iad agus leanfaidh an RPFN ar aghaidh á bhfaire.

Ina theannta sin in 2015, bhí ciste infheistíochta €2 mhilliún san iomlán ar fáil do bhuaiteoirí contae, réigiúnacha agus náisiúnta an chomórtais Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann. Bhí um 1,400 duine óg idir 18 agus 30 rannpháirteach (méadú ó 1,018 in 2014). Is é aidhm an tionscnaimh tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus daoine óga na hÉireann a spreagadh chun gnólachtaí nua a bhunú d'fhonn poist a chruthú.

## Príomh-mhéadracht Aschuir OFÁ in 2015

| | |
|---|---|
| Luach na dtograí faofa | €15,023,380 |
| Luach na n-íocaíochtaí a rinneadh | €10,048,453 |
| Líon na dtograí gnó a maoiníodh | 984 |
| ar dheontais tionscnaimh nua-thionscanta iad | 400 |
| Chláir oiliúna a reáchtáladh | 1,896 |
| Rannpháirtithe oiliúna | 27,185 |
| Rannpháirtithe meantóireachta | 8,175 |
| Líon na gcur ar aghaidh chuig Microfinance Ireland (MFI) | 399 |
| Líon na gcur ar aghaidh faofa | 200 |
| Rannpháirtithe an chomórtais Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann | 1,400 |
| Líon na Dearbhán Trádála ar líne | 1,770 |




An tAire Richard Bruton leis an Uasal James Foody ó Ayda, buaiteoir Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann 2015

## Ráiteas Beartais Náisiúnta Fiontraíochta

Seoladh an chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta riamh i dtaca leis an bhFiontraíocht i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus leagann sé amach cuspóirí straitéiseacha an Rialtais mar éascaitheoir in éiceachóras fiontraíochta na hÉireann. Cumhdaíonn sé sé phríomhghné a théann i gcion ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta agus tugann sé le fios an treo a rachaidh beartas sna blianta atá romhainn amach.

Is é an phríomhsprioc sa phlean líon na bpost i ngnólachtaí nuathionscanta in Éirinn a dhúbailt sna cúig bliana atá romhainn. D'fhonn é sin a bhaint amach, ní mór dúinn:

- Líon na ngnólachtaí nuathionscanta a mhéadú ar 25% – 3,000 gnólacht nuathionscanta in aghaidh na bliana
- An ráta marthana sna chéad chúig bliana a mhéadú ar 25% – 1,800 gnóthas níos mó a bheith ag maireachtáil in aghaidh na bliana
- Acmhainn na ngnólachtaí nuathionscanta fás agus scálú suas a fheabhsú ar 25%

Leag an Rialtas amach fís i ndáil le hÉirinn a bheith i measc na náisiún is fiontraíche ar domhan agus a bheith aitheanta mar thimpeallacht den scoth dhomhanda chun gnólachtaí a thosú agus a fhás.
D'fhonn an uaillmhian sin a bhaint amach, tá sé de rún ag an Roinn na príomhghnéithe idirnasctha a théann i gcion ar an bhfiontraíocht agus a chuimsíonn éiceachóras fiontraíochta na hÉireann a fheabhsú. Is iad sin:

- Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
- Timpeallacht agus tacaíochtaí gnó;
- Nuálaíocht;
- Rochtain ar airgeadú;
- Líonraí agus meantóireacht; agus
- Rochtain ar mhargaí.

Cuireadh na gníomhartha sa Ráiteas Beartais sin chun cinn in 2015 de bhun phróisis an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015, agus leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn le hais príomhtháscairí feidhmíochta agus ag obair i gcomhar le páirtnéirí i bhfiontair leis an uaillmhian a fhíorú.

Bunaíodh grúpa feidhmithe chun dlús a chur faoin straitéis. Tháinig an grúpa le chéile ceithre bhabhta in 2015 agus cuireadh Tuairisc Bhliantúil faoi Dhul chun cinn le chéile ag deireadh na bliana. Leag an Tuairisc faoi Dhul chun cinn béim ar éachtaí na bliana agus sonraíodh ceithre réimse le díriú orthu in 2016.

Faoi dheireadh 2015, bhí go leor athruithe dearfacha tagtha ar tháscairí idirnáisiúnta i réimsí na fiontraíochta agus na nuálaíochta:

- I mí na Samhna 2015, rangaigh Innéacs Fiontraíochta Domhanda Éire sa 12ú háit ar domhan (ardú ón 19ú háit an bhliain roimhe sin) agus sa 7ú háit san Eoraip (ardú ón 12ú háit an bhliain roimhe sin).
- Rangaigh Scórchlár Digiteachta 2015 an AE Éire san 8ú háit san AE, ardú ón 11ú háit in 2014.
- Rangaigh Innéacs Déanta Gnó 2016 an Bhainc Dhomhanda Éire sa 17ú háit, ardú ón 19ú háit sa bhliain roimhe sin.
- Rangaigh an tInnéacs Nuálaíochta Domhanda Éire san 8ú háit, ardú ón 11ú háit in 2014.

Ina theannta sin, mhéadaigh líon rannpháirtithe i gComórtas Fiontraí is fearr na hÉireann go 1,400, ar mhéadú 40% ar 2014 a bhí ann.

## Rannpháirteachas le Pobal na nGnólachtaí Beaga

Cuireann Grúpa Comhairleach na Roinne um Ghnólachtaí Beaga ardán ar fáil do rannpháirteachas struchtúrtha idir úinéirí Gnólachtaí Beaga agus an tAire Gnó agus Fostaíochta.

Tháinig an Grúpa Comhairleach le chéile sé bhabhta i rith na bliana, agus aighneacht i bpróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015.

## An Cruinniú Tionscantach

Thacaigh an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2015 le tionscnamh nua, an Cruinniú Tionscantach. Reáchtáladh é sin ar fud na hÉireann idir an 5ú agus an 10ú Deireadh Fómhair, agus bhí idir 400 imeacht ar siúl ar fud na hÉireann.

D'fheidhmigh cúig chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh mar Mhoil don Chruinniú Tionscantach agus bhí baint acu le himeachtaí réigiúnacha eile in dhá chontae agus fiche san iomlán.

Chuir na himeachtaí an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus earnáil gnólachtaí nuathionscanta na hÉireann chun cinn i measc lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## ÚFT Éireann

Chuir *an Ráiteas Beartais ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach in Éirinn*, ar glacadh leis in 2014, le forbairt straitéis nua ÚFT Éireann *Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019*. Is é is aidhm leis tógáil ar éachtaí i dtaca le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh le cúig bliana anuas agus aeráid mhéith infheistíochta na hÉireann a chomhdhlúthú de bhun spriocanna dúshlánacha agus intomhaiste. Leagann an straitéis uaillmhianach seo amach spriocanna 5 bliana i dtaca le 80,000 post nua, 900 infheistíocht agus €3bn d'infheistíochtaí Taighde agus Forbartha (T&F) a aimsiú.

Is gné thábhachtach é an fhorbairt réigiúnach de straitéis nua an ÚFT agus den chéad uair riamh tugadh tacar spriocanna infheistíochta do gach réigiún lena n-éilítear méadú 30-40% i ngach réigiún lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá an ghné sin den straitéis ag teacht le Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist RPFN. D'fhonn na spriocanna réigiúnacha sin a bhaint amach tá sé de rún ag an ÚFT a lorg coise réigiúnach a mhéadú ionas go mbeadh a chuid earnálacha gnó ag teacht leis na réigiúin chun "éiceachórais earnála" a fhorbairt agus chun leas a bhaint as cnuasaigh thionscail. Oibreoidh an ÚFT níos dlúithe chomh maith le Fiontraíocht Éireann agus lena chuid cliant reatha d'fhonn a chinntiú go mbaintear an leas is fearr is féidir amach do gach réigiún. Forbróidh ÚFT Éireann, de bhun an Chláir Mhaoine Réigiúnaigh, réitigh chuí mhaoine in ionaid shainithe réigiúnacha chun infheistíocht a mhealladh thar tír isteach.

In 2015, i bhfianaise dianiomaíochta ó dhlínsí eile, rinne an ÚFT dul chun cinn nach beag leis na spriocanna dúshlánacha atá sa straitéis sin. Chruthaíodh 11,833 post nua glan i rith 12 mhí, i gcomparáid le 7,131 in 2014 – arb ionann é sin agus méadú 66% bliain ar bhliain. Tháinig méadú ar líon na n-infheistíochtaí a gnóthaíodh d'Éirinn i rith na bliana go 213 ó 197 sa bhliain roimhe sin.

Léiríonn an dá fhigiúr an infheistíocht mhór agus an phíblíne post atá i bhfeidhm.

## Prótacal maidir le Comhoibriú idir an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) agus Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar

In 2013, comhaontaíodh Prótacal maidir le comhoibriú idir an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, agus na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna), mar aon le hÚdarás na Gaeltachta.

Is é is aidhm uileghabhálach leis an bPrótacal a chinntiú go ndéanfar earcú daoine atá oilte go cuí ón gClár Beo ag cliantchuideachtaí gníomhaireachtaí fiontar a uasmhéadú, agus chun na gcríoch seo a leanas:

- Naisc níos struchtúrtha a bhunú idir Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar agus an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Comhroinnt faisnéise a mhéadú idir Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar agus an Roinn Coimirce Sóisialaí;

- Comhoibriú a mhéadú maidir le gníomhaíochtaí feasachta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn maidir le fostaíocht;
- Meaitseáil riachtanais chliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí fiontar maidir le tionscadail nua agus reatha le cliaint ar an gClár Beo a éascú;
- Rannpháirtíocht maidir le riachtanais tiontaithe agus oiliúna fiontar a mhéadú;
- A chinntiú gur féidir le cliantchuideachtaí leas a bhaint as seirbhísí socrúcháin Intreo, dreasachtaí fostóirí agus seirbhísí tacaíochta fostóirí;
- A chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtúla monatóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm le haghaidh earcaíocht a dhéanamh ón gClár Beo.

Déanann Grúpa Stiúrtha atá comhdhéanta de bhainisteoirí sinsearacha ó gach eagraíocht is sínitheoir maoirseacht ar aidhmeanna an Phrótacail a bhaint amach go héifeachtach.

Tháinig an Grúpa Stiúrtha seo le chéile gach ráithe in 2015 agus rinne sé maoirseacht ar fheabhsuithe suntasacha ar chumarsáid idir Ranna agus gníomhaireachtaí. I mí an Mheithimh 2015, chuir an Grúpa Stiúrtha tuarascáil le chéile i ndáil le héifeachtacht na tionscnaimh go dtí sin. Fuair an tuarascáil amach go raibh gníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta ag obair go maith leis an tseirbhís nua INTREO de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus go raibh gníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta agus a gcuid cliant níos eolaí ar na seirbhísí atá ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí trí INTREO. Mheall an cumas i ndáil le scileanna nó scileanna féideartha a mheaitseáil tríd an sreabhadh leanúnach eolais idir na páirtithe sin leis na scileanna a éilíonn an fhiontraíocht i ndáiríre go leor spéise ilnáisiúnta.

## Tionchar Eacnamaíochta Infheistíochta Dírí Eachtraí

Dar le ÚFT Ireland i ndáil le gach 10 bpost a chruthaíonn infheistíocht dhíreach eachtrach go gcruthaítear 7 bpost eile sa gheilleagar níos leithne, arb ionann é sin agus 318,000 post nó 1 phost as 5 san earnáil phríobháideach in 2015.

Ag deireadh 2015, bhí 187,056 duine ag obair i gcliantchuideachtaí ÚFT Éireann, an líon is mó i stair na gníomhaireachta. Ba é an séú bliain as a chéile inar tháinig fás ar an nglanfhostaíocht. Léiríonn sé sin an cion leanúnach a dhéanann cuideachtaí ilnáisiúnta do gheilleagar níos leithne na hÉireann, mar a léiríonn na figiúirí seo thíos a thuilleadh:

- Tacú le 122,000 post indíreach measta
- €130.1bn a onnmhairiú ó chliantchuideachtaí ÚFT Éireann
- €3bn de cháin chorparáide a íoc
- €1.5bn a chaitheamh ar thaighde agus forbairt

Beidh na sochair gheilleagracha sin le brath go háirithe sna réigiúin inar chruthaigh ÚFT Éireann 53% dá gcuid post in 2015 i gcomparáid le 49% in 2014. Léiríonn sé sin a dtiomantas d’fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom atá ag teacht le fócas an Rialtais trí chéile i ndáil le cúinsí a chruthú d’fhostaíocht agus d’infheistíocht mhéadaithe i gceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, in 2015 d’oibrigh ÚFT lena chomhghníomhaireacht Fiontraíocht Éireann d’fhonn a chinntiú gur baineadh leas as sineirgí idir cliantchuideachtaí agus gnólachtaí baile chun an toradh is fearr is féidir a chinntiú do gheilleagar na hÉireann. Déanann Straitéis an ÚFT cur síos ar an gcomhpháirtíocht seo le Fiontraíocht Éireann chun fiontraíocht na hÉireann a chur i lár an aonaigh agus tacú le comhstraitéisí fiontraíochta ar gach céim dá saolré infheistíochta.

Mar thoradh ar an anailís, tá Fiontraíocht Éireann ag díriú go dian ar na hionchais a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach eachtrach mhéadaithe ó fhiontair a bhíonn ag plé le margaí Bia agus

Deochanna, ina measc comhábhair, bianna tomhaltóirí, cothú agus nútraiceodaigh. Tá sí ag díriú freisin ar a bheith ag obair le haonáin atá bunaithe cheana féin anseo chun a sainorduithe corparáideacha a leathnú, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht agus Ceanncheathrúna san áireamh.

Ag tógáil ar thorthaí an Ráitis Bheartais, leagadh amach i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2015 gníomhaíochtaí sonracha a bhí le cur i ngníomh taobh istigh de bhliain agus a luaigh an clár oibre leathan Tallainne mar athchóiriú suaiteach.  Bhí an taighde, an anailís agus na torthaí a bhí mar bhunús leis san áireamh agus Fiontair 2025 á múnlú; is é is Fiontair 2025 ann beartas náisiúnta fiontar na hÉireann do na deich mbliana atá romhainn. Mar gheall ar na nithe úd (taighde, anailís agus na torthaí), tá forbairt shuntasach déanta maidir le cur chuige níos córasaí i leith forbairt éiceachóras earnálacha. Táthar in ann freisin Cnuasaigh Náisiúnta scálaithe inbhuanaithe a chruthú a bhfuil sofheictheacht agus tionchar idirnáisiúnta ag baint leo.

Braitheann fás geilleagrach inbhuanaithe ar iomaíochas náisiúnta a choinneáil agus ar fhostaíocht a chruthú. Tá iomaíochas na hÉireann ina thoisc thábhachtach maidir lenár gcumas earraí agus seirbhísí a dhíol sa mhargadh domhanda agus infheistíocht isteach a mhealladh.  Is é is aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, a tugadh isteach den chéad uair in 2012, ná cúinsí a chruthú chun tacú le fás geilleagrach agus cruthú post atá dírithe ar an onnmhairíocht faoi stiúir na hearnála príobháidí.

## Bonneagair Eacnamaíochta

Tá infhaighteacht bonneagar den chéad scoth (fuinneamh, teileachumarsáid, iompar, dramhaíl agus uisce) agus na seirbhísí gaolmhara, ar phraghas iomaíoch, ríthábhachtach chun tacú le fás eacnamaíochta agus forbairt fiontar.

Déanann an Roinn monatóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais bhonneagair atá ag fiontair san am i láthair agus sa todhchaí, le fócas ar leith ar na hearnálacha a bhíonn i mbun trádála go hidirnáisiúnta, déanann sí measúnú freisin ar fheidhmíocht na hÉireann ó thaobh a bheith ag freastal ar na riachtanais sin; aithníonn sí na gníomhaíochtaí tosaíochta infheistíochta agus beartais a gcaithfear aird a dhíriú orthu chun tacú le fás gníomhaíochtaí fiontar agus cruthú post, agus déanann sí a dícheall na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Le linn 2014 chuir an Roinn béim ar na príomhcheisteanna agus ar na príomhthosaíochtaí d'úsáideoirí gnó i ngach réimse den bhonneagar, í ag tarraingt ar thaighde domhain a rinne an Rannóg Beartas Straitéiseach.

Ar an ghníomhaíocht a bhí ann in 2015 bhí ionchur sa Pháipéar Glas um Fhuinneamh d'fhonn a chinntiú go gcuirfí an t-iomaíochas costais san áireamh mar aon le hinbhuanaitheacht agus sláine an tsoláthair; aighneacht fhoirmiúil a dhéanamh chuig Uisce Éireann agus é ag cur a phleananna infheistíochta le chéile do 2017-2021; athbhreithniú ar phríomhthosaíochtaí bonneagair d'fhorbairt na fiontraíochta i gcomhthéacs uaillmhian na hÉireann go rachaidh fás geilleagrach na hÉireann amach anseo chun sochair do réigiúin ar fud na hÉireann agus go gcuirfidh siad leis an bhfás sin.

Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i dteagmháil leanúnach leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun tacaíocht a thabhairt do bhearta beartais chun infhaighteacht agus cáilíocht an bhonneagair eacnamaíochta a fheabhsú d'fhonn tacú le forbairt agus fás fiontar.

## Cánachas

Chomhordaigh an RPFN Aighneacht Réamh-Bhuiséid ag gníomhaireachtaí éagsúla i gcomhar lena chéile do 2016; is iad ÚFT Éireann, Fiontraíochta Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann na gníomhaireachtaí sin. Ba é an cuspóir príomhúil a bhí leis an aighneacht a chinntiú go bhfuil Buiséad 2016 ag tacú le fiontair, go háirithe ionchais onnmhairíochta gnólachtaí agus tarraingteacht na hÉireann mar áit d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus chun daoine le tallann a mhealladh agus a choinneáil. Tá moltaí san aighneacht maidir le roinnt réimsí tábhachtacha cánach d'fhiontair agus tá siad curtha i láthair de réir thrí cheannteideal: Fiontraíocht agus Infheistíocht, an Timpeallacht Idirnáisiúnta Cánach agus tacaíocht do chruthú Post agus d'Fhás Onnmhairíochta.

Ina theannta sin, chomhordaigh an RPFN freagairt, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, ar chomhairliúchán na Roinne Airgeadais um an athbhreithniú ar Chánachas agus Fiontraíocht. Ba é a bhí i gceist athbhreithniú nach beag ar raon beart, mar aon le measúnacht ar chumas iomaíochta comhréireach na hÉireann i ndáil leis an gcóras cánachais d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Leag an aighneacht béim ar fhaoiseamh ó cháin ghnóthachan caipitiúil d'fhiontraithe agus infheistíocht i ngnólachtaí nuathionscanta agus i dtallann a dhreasú. Leag an RPFN béim ar a thábhachtaí atá sé Bosca Forbartha Eolais na hÉireann a chur i bhfeidhm de réir an OECD agus dúshláin shonracha a bhíonn le sárú ag fiontair atá faoi úinéireacht Éireannach i dtaca le Maoin Intleachtúil a ghlacadh san áireamh.

## Nuachóiriú Státchabhrach

Thionscain an Coimisiún Eorpach próiseas um Nuachóiriú Státchabhrach in 2012. Is iad cuspóirí na dtionscnamh an fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le cúnamh stáit a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta an Ard-Stiúrthóra Iomaíochais (DG COMP).

Chomhaontaigh an chéad chéim den Nuachóiriú Státchabhrach, a tugadh chun críche in 2013, creat rialála a mhol an Coimisiún. D'éascaigh an Uachtaránacht Éireannach comhaontú a bhaint amach idir DG COMP agus Ballstáit i dtaca le Rialúcháin Ghnáthaimh agus Chumais. Déileálann an Rialachán Gnáthaimh le ceanglais i dtaca le fógra um Chúnamh Stáit i dtaca le Ballstáit agus imscrúduithe an DG COMP. Cuireann an Rialachán Cumais ar chumas an Choimisiúin catagóirí nua cúnaimh a dhíolmhú.

Díríonn an dara céim (atá ar siúl faoi láthair) ar sholúbthacht níos mó a thabhairt do Bhallstáit maidir le Cúnamh Stáit a dheonú gan réamhfhógra agus faomhadh an Choimisiúin, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe faoi réir Rialacháin nua an Ghrúpbhloic um Dhíolúine.

Ach a dtabharfaí solúbthacht níos mó de bhun rialacha nua an AE, is mó an fhreagracht atá ar Bhallstáit anois maidir lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais um Chúnamh Stáit, agus is mó an aird atá ag an gCoimisiún ar ghearáin.

De réir na rialacha nua um thrédhearcacht an Chúnaimh Stáit, amhail an 1 Iúil 2016, éilítear ar Bhallstáit céannacht tairbhí gach dámhachtana aonair cúnaimh nach lú ná €500,000, méid agus cuspóir an chúnaimh agus an bonn dlíthiúil a chur in iúl ar shuíomh gréasáin poiblí. Dhear an Coimisiún leathanach lárnach gréasáin a dhearadh ar a bhfuil na sonraí trédhearcachta thuasluaite do gach Ballstát nó réigiún. Is faoi gach Ballstát a bheidh sé, áfach, na sonraí sin a

thiomsú, a sheiceáil agus a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ó dheonú an chúnaimh. Beidh an t-eolas ar fáil ar an suíomh idirlín go ceann 10 mbliana ar a laghad ó dháta deonaithe an chúnaimh.

Ba thosaíocht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta arís in 2015 é go gcloífí le rialacha i dtaca le Cúnamh Stáit. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta um beartas uileghabhálach Cúnaimh Stáit, ar aghaidh ag scaipeadh eolais ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne. Ina theannta sin, mar phointe idirchaidrimh do gach cumarsáid a eisítear chuig Iomaíocht DG agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le cúnamh stáit i rith 2015.

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

Cruthaíonn caighdeáin talamh cothrom do ghnólachtaí Éireannacha agus iad ag díol a n-earraí i margaí na hEorpa agus an domhain mhóir. Éascaíonn caighdeáin an trádáil idirnáisiúnta agus cuireann siad leis an muinín atá ag tomhaltóirí i dtáirgí agus i seirbhísí. Cuireann NSAI na buntáistí a bhaineann le caighdeáin chun cinn trína líonraí náisiúnta de pháirtithe leasmhara agus trí struchtúir na gCoistí Comhairliúcháin.

I rith 2015, d’fhoilsigh NSAI 1,382 caighdeán Eorpach agus Éireannach san iomlán, agus díoladh 11,549 caighdeán ar fud an domhain agus rinne eagraíochtaí Éireannacha 4,881 ceannachán. Bhain go leor de na caighdeáin le caighdeán suiteálacha gáis tí I.S. 813, caighdeán do Shláinteachas in Earnáil na Lónadóireachta I.S. 340, caighdeáin do Shoilsiú Éigeandála I.S. 3217, caighdeán na gCóras Bainistithe Cáilíochta I.S. EN ISO 9001 & ISO 9001 agus an caighdeán do Bhrath Dóiteáin agus do Chórais Aláraim d’Fhoirgnimh I.S. 3218.
Bhí breis agus 1,766 úsáideoir cláraithe ar thairseach gréasáin NSAI "Do Chaighdeáin, Do Thuairim” in 2015.

Is Údarás Ceadúcháin Cineáil na hÉireann é NSAI agus cheap sé Ionaid Tástála faofa chun tástálacha agus cigireachtaí a dhéanamh i réimsí difriúla feithiclí, ina measc Faomhadh Feithiclí Aonair, Feithiclí Tráchtála, Deimhniú Leantóirí, agus an Scéim Cheadúnas um Fheithiclí Nua a Oiriúnú do Thiománaithe Míchumasaithe. In 2015 d’eisigh NSAI breis is 7,000 faomhadh náisiúnta agus idirnáisiúnta feithicle.

Faoin Acht Méadreolaíochta, 1996 tá NSAI freagrach de réir an dlí as dearbhú a thabhairt i dtaca le tomhais a bhíonn in úsáid i gcúrsaí trádála. In 2015, thug cigirí NSAI 5,503 cuairt ar áitribh agus rinne siad cigireachtaí ar 13,285 uirlis, agus bhí 40,469 ionstraim faoi réir fíorú cuideachtaí príobháideacha a d’ainmnigh NSAI mar fhíoraithe údaraithe.

Lean NSAI ar aghaidh lena ghníomhaíochtaí taighde i gcomhar le hinstitiúidí AE agus le páirtithe leasmhara eile Taighde agus Forbartha i rith 2015. Tugadh 462 lá taighde chun críche in 2015, mar a bhí foireann NSAI rannpháirteach i dtograí taighde fheidhmigh agus bunaíodh comhaontú comhoibríoch taighde le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. I rith na bliana, cuireadh 5 thogra taighde chun cinn i raon réimsí, ina measc calabrú rialóirí agus uirlisí tomhais agus togra taighde dochtúireachta i réimse na Seoltachta Leictrealaíche.

## Cumas Iomaíochta

Is coincheap leathan é iomaíochas náisiúnta a chuimsíonn raon de ghnéithe éagsúla agus d’ionchuir bheartais, ina measc oideachas agus oiliúint, fiontraíocht agus nuálaíocht, bonneagar eacnamaíochta agus teicneolaíochta na hÉireann, agus an creat cánachais agus rialála. Ní sprioc ann féin é an t-iomaíochas; is amhlaidh is bealach é chun feabhsuithe inbhuanaithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar cháilíocht an tsaoil a bhaint amach. Caithfear a chinntiú gur

féidir le gnólachtaí bunaithe na hÉireann dul san iomaíocht go rathúil anseo agus thar sáile má táthar leis an bhfostaíocht, an t-ioncam agus an saibhreas is gá a chruthú chun saol na saoránach uile a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfidh an Rialtas margaí iomaíocha chun cinn sna seirbhísí atá iontach tábhachtach don ghnó agus go gcuirfidh sé rialáil níos cliste chun tosaigh.

Ó 2011 i leith, tháinig feabhas ar chumas iomaíochta coibhneasta idirnáisiúnta na hÉireann arna thomhas le raon innéacsanna idirnáisiúnta. De thoradh dianiarrachtaí a rinneamar chun an timpeallacht ghnó a fheabhsú, tháinig feabhas ar chumas iomaíochta coibhneasta idirnáisiúnta na hÉireann arna thomhas le raon innéacsanna. Ardaíodh Éire ón 24ú háit chuig an 16ú háit sa Bhliainiris Iomaíochas Domhanda de chuid IMD in 2015, ón 29ú háit chuig an 24ú háit i dTuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda um Iomaíochas Domhanda agus chuig an 17ú háit as 189 tír, sin ardú dhá áit de réir mheasúnú an Bhainc Dhomhanda anuraidh. Léiríonn an tuarascáil is déanaí ón mBanc go bhfuil Éire rangaithe sa cheathrú háit i limistéar an euro maidir lena éasca atá sé gnó a dhéanamh ann.

Tá tugtha le fios ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais go bhfuil Éire go suntasach níos iomaíche ó thaobh costas de le hais 2008 agus go bhfuil an téarnamh seo le mothú i ranguithe idirnáisiúnta iomaíochais. In ainneoin go bhfáiltíonn an Chomhairle roimh an bhfeabhsú i rith na tréimhse 2011-2015, tá imní uirthi go bhfuil an baol ann go maolófaí na sochair iomaíochais sin ar caitheadh dua lena mbaint amach. Is próiseas dinimiciúil é an t-iomaíochas idirnáisiúnta agus tá an iomaíocht sa gheilleagar domhanda géar agus leanúnach. Léiríonn an Bhliainiris Iomaíochas Domhanda de chuid IMD a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015 gur thit rangú iomaíochas na hÉireann trí chéile ón 25ú háit in 2014 chuig an 16ú háit in 2015. Is féidir titim na hÉireann san IMD a mhíniú i bpáirt mar thoradh ar fheidhmíocht níos fearr i measc cuid de na príomhiomaitheoirí atá againn (go háirithe Lucsamburg), rud a leagann béim a choibhneasta atá comparáidí iomaíochais idir tíortha. Cé gur titim bheag san fheidhmíocht atá ann, meabhraíonn sé dúinn a leochailí atá Éire, a íogaire atá an téarnamh geilleagrach, agus an gá atá ann díriú go leanúnach ar bheartais a thacódh agus a chuirfeadh leis an iomaíochas.

Féachtar ar Éirinn freisin mar shuíomh an-tarraingteach maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus léiríonn Tuarascáil IBM um Threochtaí Suíomhanna Domhanda 2015[1]:

- gur lean Éire uirthi ag mealladh tograí infheistíochta lenar bhain an meánluach ab airde;
- go raibh Éire ar an bhfeidhmeoir ab fhearr i ndáil le poist infheistíochta i measc geilleagar ardchostais; agus
- go raibh Baile Átha Cliath ar an 12ú suíomh infheistíochta dírí eachtraí ba mhealltaí ar fud an domhain.

Cuireadh go mór le tiomantas na hÉireann do thaighde, d’fhorbairt agus don nuálaíocht, idir leibhéal na hinfheistíochta agus na n-acmhainní daonna a thugann faoi ghníomhaíocht T&F le deich mbliana anuas. De réir Scórchárta Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh, tháinig feabhas le blianta beaga anuas ar fheidhmíocht nuálaíocht na hÉireann trí chéile, agus in 2014 bhí sí 20% os cionn mheánfhigiúr an AE (i gcomparáid le 10% in 2007). Bhog Éire suas chuig an 8ú háit ar Scórchlár Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh do 2014, ach tá an fheidhmíocht taobh thiar den Danmhairg, den Fhionlainn, den Ghearmáin agus den tSualainn. Tá Éire chun tosaigh i measc AE28 i ndáil lena nuálaí atá gnólachtaí agus iarmhairt gheilleagrach na nuálaíochta i ndáil le

[1] Foilsithe Meán Fómhair 2015

fostaíocht, ioncam agus onnmhairí. Ní mór dul i ngleic go fóill le raon laigí (a bhaineann le dearaí pobail, caiteachas nuálaíochta neamh- T&F, agus caiteachas T&F san earnáil phoiblí). Tríd is tríd, in ainneoin roinnt foláireamh tábhachtach a luaigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, ba bhonn an-dearfach iad na ranguithe idirnáisiúnta iomaíochais le tógáil orthu agus an Roinn, a Gníomhaireachtaí agus an Rialtas i gcoitinne ag leanúint ar aghaidh ar a ndícheall ag iarraidh an tír bheag is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh inti a dhéanamh d'Éirinn. Is táscairí tábhachtacha iad chomh maith sna hiarrachtaí diana lena chinntiú go dtiocfaidh Éire aniar agus go gcothóidh sí a hacmhainn iomaíochta go hidirnáisiúnta ionas go mbeidh sí ábalta dul san iomaíocht i margaí domhanda chun díolacháin onnmhairíochta a ghiniúint agus chun tuilleadh infheistíochta isteach a mhealladh go hÉirinn, rud a fhágfaidh ar deireadh go mbeidh cuideachtaí in ann na poist atá ann cheana féin a choimeád agus poist úra a chruthú.

Tá a lán de na gníomhartha atá á ndéanamh trí Chreat "an Phlean Gníomhaíochta do Phoist" thar an tréimhse 2012-2016 dírithe ar fheabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann tríd is tríd – cuspóir straitéiseach an PGP is ea go mbeadh Éire ar ais i measc na dtíortha atá sna chéad chúig áit ó thaobh an iomaíochais idirnáisiúnta. De bhun PGP 2015, tá an Rialtas, faoi stiúir an Taoisigh agus le tacaíocht ón Roinn seo, tiomanta do leanúint ar aghaidh leis an iarracht i leith an iomaíochais a institiúidiú. Thug an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist, agus Coistí eile Comh-Aireachta de réir mar is cuí, de bhun Ghníomh 246 gealltanas maidir le leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn ó thaobh na gceisteanna iomaíochais de aitheanta ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus ag dreamanna eile. Breithníodh gníomhaíochtaí eile chun iomaíochas na hÉireann go hidirnáisiúnta a fheabhsú, agus breithníodh tionscnaimh lena dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh in Éirinn. Beidh tacaíocht ar fáil do na Coistí Comh-Aireachta ó Ghrúpa cuí Oifigeach Sinsearach agus ón gCoiste Monatóireachta PGP san obair sin.

## Dúshláin Iomaíochais

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais Costas Gnó a Dhéanamh 2015 i mí Aibreáin mar a éilítear faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2015. Leagann an tuarascáil síos slat tomhais do phríomhchostais ghnó agus leagtar béim ar réimsí ina bhfuil costais fiontraíochta na hÉireann as cor le príomhiomaitheoirí. Díríonn an tuarascáil ar chostais a chinntear intíre den chuid is mó, cuir i gcás saothar, maoin, fuinneamh, dramhaíl, uisce, cumarsáid agus seirbhísí gnó, agus cuirtear san áireamh leibhéal praghsanna agus athruithe sna leibhéil sin (i.e. boilsciú praghsanna). Bhí dhá chaibidil bhreise i dtuarascáil 2015, a scrúdaigh costais árachais tráchtála agus costais dramhaíola.

D'fhoilsigh an Chomhairle Scórchárta Iomaíochais na hÉireann i mí Iúil 2015. Ba é an tátal foriomlán ón anailís seo ar mheasúnú cuimsitheach ná gur leanadh leis an mhóiminteam a bhí faoi théarnamh na hÉireann in 2015. Taifeadadh go raibh tuilleadh feabhsuithe in 2015 sa mhargadh saothair, in airgead poiblí agus ar an léargas maicreacnamaíochta. Mar sin féin, beidh iarmhairtí diúltacha na gcúig bliana atá imithe tharainn le mothú go ceann tamall maith eile. Tá laghdú tagtha ar ioncaim agus níl cáilíocht an tsaoil chomh maith agus a bhíodh. Tá an tsochaí go fóill thíos le héifeachtaí na dífhostaíochta, na himirce agus fiachais. Tá feabhsú ar ár gcuid iomaíochais lárnach i straitéis téarnaimh ar bith a bheidh againn.

Ó thaobh iomaíochais de, táimid níos fearr go hidirnáisiúnta mar gheall ar an laghdú ar chostais ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta agus mar thoradh ar an iliomad srianta a bhíodh ar ár gcumas feidhmithe a bheith bainte ar shiúl. Ciallaíonn sé sin go bhfuil fiontair na hÉireann faoi

bhuntáiste agus iad ag díol i margaí eachtracha onnmhairíochta, go bhfuil siad níos iomaíche sa bhaile, agus gur áit níos tarraingtí í Éire ag infheisteoirí idirnáisiúnta.

Má amharcaimid chun cinn, áfach, is léir ón Scórchárta go bhfuil an baol ann go gcreimfidh na gnóthachain iomaíochais atá déanta againn ó bhí 2008 ann de réir mar a thosóidh an geilleagar ag fás arís. Caithfear a bheith cúramach nach rachaidh na gnóthachain seo ó mhaith mar gheall ar rómhuinín nó easpa iarrachta.

In *Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2015*, leag an Chomhairle béim ar sheacht ndúshlán ar gá dul i ngleic leo má táimid le fostaíocht agus saibhreas a chruthú – rud a bheidh riachtanach le saol gach saoránaigh a fheabhsú – agus dúshraith a chur síos do rathúnas sa todhchaí.

Inbhuanaitheacht Fhioscach a Chothabháil;

1. Infheistíocht sa Bhonneagar Fisiciúil agus Eolais;
2. An tIomaíochas Costais a Fheabhsú;
3. Tallann agus Scileanna a Fheabhsú;
4. Teacht ar Mhaoiniú don Fhiontraíocht a Fheabhsú;
5. Tacú leis an Nuálaíocht agus leis an Táirgiúlacht; agus
6. An Bonn Fiontraíochta agus Onnmhairíochta a Leathnú.

Leagann an tuarascáil ar Dhúshláin Iomaíochais béim ar raon bacainní le téarnamh leanúnach:

- Ar an gcéad dul síos, ní mór d'Éirinn staid mhaith buiséid a choinneáil agus ag an am céanna infheistíocht chaipitil a mhéadú chun an t-iomaíochas a fheabhsú agus tacú leis an bhfiontraíocht. Ní mór cur go mór leis an gcaiteachas ar an mbonneagar fisiciúil agus eolais, sa bhreis ar na gealltanais atá i bPlean Caipitil agus Infheistíochta 2016-2021 a foilsíodh le déanaí, agus fáiltíonn an Chomhairle roimhe sin. Tá infheistíocht bhreise ríthábhachtach go háirithe i réimsí dá leithéidí leathanbhanda agus iompair. Éilítear seirbhísí den chineál sin anois chun tacú le poist, fás agus iomaíochas réigiúnach.

- Ar an dara dul síos, cuireann earnáil na fiontraíochta dlús faoin bhfás geilleagrach. Ní mór go mbeadh ar chumas ár gcuid gnólachtaí atá i mbun trádála go hidirnáisiúnta gnó a ghnóthachan i margaí domhanda atá ag éirí níos iomaíche. Ní mór dúinn tacar gnólachtaí Éireannacha a fhás, áfach, a mbaineann scála agus cumas sách mór leo le gur chóir léim isteach i margaí den chineál sin. Tá sé ríthábhachtach líon na ngnólachtaí dúchais táirgiúla agus nuálacha atá ag feidhmiú mar fho-sholáthróirí sna hearnálacha onnmhairíochta agus atá ag freastal ar an margadh intíre a mhéadú d'fhonn geilleagar cothromaithe, bríomhar agus iomaíoch a chur ar fáil. Ní mór dúinn buiséid chaipitil na nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta a chothabháil agus a fheabhsú nuair is cuí. Mura rachfar i ngleic leis na srianta acmhainní atá le sárú ag Gníomhaireachtaí Forbartha beidh cumas na hÉireann i ndáil le hinfheistíocht nua dhíreach eachtrach a mhealladh i mbaol agus beidh an baol ann go ndéanfar dochar don téarnamh geilleagrach intíre.

- Ar an tríú dul síos, ní mór dúinn tairiscint luacha na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú ó thaobh an infheisteora de. Tá mealltacht ár gcórais chánachais trí chéile riachtanach ina leith sin. Ní bhaineann iomaíochas cánach idirnáisiúnta lenár dtairiscint cánach corparáide amháin. Cé gur tugadh faoi go leor dea-oibre ina leith sin, ina measc ár ráta 12.5 faoin gcéad a chothabháil (agus ag an am céanna cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr) agus an Bosca Forbartha Eolais a fhorbairt, ní mór a thuilleadh a dhéanamh. Má bhímid in ann leanúint orainn ag mealladh daoine ardoilte agus ag baint amach ár n-uaillmhianta i

ndáil le geilleagar a gcuireann an nuálaíocht dlús faoi a fhorbairt a thuilleadh, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirfimis córas iomaíoch cánach ioncaim ar fáil. Cé go bhfáiltítear roimh na hathruithe a fógraíodh mar chuid de Cháinaisnéis 2016, is tráthúil anois é na rátaí imeallacha a laghdú faoi bhun 50 faoin gcéad do gach saothraí. Ach a ndéanfaí é sin, ní hamháin go mbeidh Éire níos mealltaí mar shuíomh d'oibrithe ardoilte, cuideoidh sé le gníomhaíochtaí, a mbaineann féidearthacht shoghluaiste leo agus atá sách suntasach, a neadú in Éirinn (ó tharlaíonn go mbraitheann gníomhaíochtaí den chineál sin go follasach ar lucht saothair ardoilte a bheith ann).

- Ar an gceathrú dul síos, tá teacht a bheith ar mhaoin inacmhainne, rud a bhaineann le hoibrithe ardoilte a mhealladh. Ach a méadaítear costais chíosa agus praghsanna ceannaigh tithe cónaithe go tapa, tagann méadú ar chostais mhaireachtála agus ar éilimh ar phá breise. Téann bís praghsanna tí – ráta pá – costas maireachtála ardaitheach i gcion go diúltach ar chaighdeán an tsaoil dóibhsean atá ina gcónaí anseo cheana féin, agus ní bhíonn Éire chomh mealltach céanna mar shuíomh d'inimircigh féideartha, go háirithe inimircigh ardoilte a bhfuil rogha ceann scríbe ar a dtoil acu. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach an soláthar tithíochta a mhéadú, cibé de bhun tithíocht shóisialta bhreise a chur ar fáil nó fáil réidh le bacainní a chuireann srian le tithíocht phríobháideach a thógáil faoi láthair. Is díol imní freisin é a laghad spáis oifige tráchtála atá ar fáil in ionaid thábhachtacha uirbeacha.

- Ar deireadh thiar thall, tá cumas an chórais oideachais agus oiliúna freagairt d'éilimh earnáil na fiontraíochta i gcroílár an iomaíochais le fada, agus moladh go mór ár solúbthacht i ndáil le freagairt do mhargadh saothair atá ag athrú de shíor. Tá imní ar an gComhairle, áfach, faoi roinnt ganntanas scileanna a bheith ag teacht chun cinn. Is díol imní chomh maith iad na rátaí dífhostaíocht fadtréimhse agus óige atá fós ard, faoi mar atá an cohórt sách ard oibrithe ag a bhfuil leibhéil sách íseal de ghnóthachtáil oideachais. Ní mór don Straitéis nua Náisiúnta Scileanna, mar aon le rannpháirtíocht fheabhsaithe fostaithe, bonn tacúil a chur faoi fhorbairt scileanna don am atá romhainn amach. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí tús áite don Straitéis sin agus go dtabharfaí fúithi sách práinneach d'fhonn a chinntiú go ndéanfaí í a sheachadadh agus a chur i ngníomh go tráthúil.

Ón uair a tugadh isteach é, thug an Plean Gníomhaíochta do Phoist (PGP) suntas don nasc bunúsach atá idir cumas iomaíochta agus cruthú post, agus tá sé ar an bpríomhshásra a chuireann dlús faoin iomaíochas i ngach réimse de ghníomhaíocht gheilleagrach. Éilíonn an *Dúshlán* go ndéanfaí an gealltanas i ndáil le cur i ngníomh is dual don phróiseas PGP a chothabháil. Cuimsíonn *Dúshlán 2015* freisin Aighneacht na Comhairle don Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015, aighneacht a shonraíonn na réimsí is práinní le haghaidh gnímh in 2016, ó thaobh an iomaíochais de.

D'eisigh an Chomhairle sé fheasachán ghairide in 2015 mar gheall ar shaincheisteanna tábhachtacha iomaíochais:

- Iarmhairt praghsanna leictreachais ar an iomaíochas (Meitheamh 2015);
- Bliainiris Iomaíochas Domhanda an IMD (Iúil 2015);
- Bonneagar agus a thábhachtaí atá sé i ndáil le tacú leis an iomaíochas (Iúil 2015);
- An margadh saothair agus an t-iomaíochas (Lúnasa 2015);
- Tuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda um Iomaíochas Domhanda (Deireadh Fómhair 2015); agus
- Tuarascáil Gnó a Dhéanamh de chuid an Bhainc Dhomhanda (Deireadh Fómhair 2015).

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais Aighneacht don Roinn Airgeadais i ndáil le hAcmhainneacht Beart Cánach chun Forbairt Talún Criosaithe agus Tráchtála a fhorbairt.  Tarraingíonn an aighneacht aird ar ról féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag cánacha luacha suímh, agus luaite ach a mbeadh cánacha inbhuanaithe maoine a mbeadh bonn leathan fúthu agus iad dea-struchtúrtha ann, go gcuirfí le cobhsaíocht fhioscach na hÉireann agus go dtacófaí leis an gcumas iomaíochta.

## Páirtíocht ag Leibhéal an AE

Ag leibhéal na hEorpa, bhí obair ar chúrsaí fiontraíochta lárnach i Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna).  In 2014, reáchtáladh ceithre chruinniú de chuid Líonra Toscairí FBManna agus, tríd an Roinn seo, chuir an tAire Gnó agus Fostaíochta, an tUas. Ged Nash, T.D. dlús faoi thionscnaimh fiontraíochta a d'eascair as na cruinnithe sin agus rinne sé tuairisciú orthu.

Tá 16 tionscnamh, faoi thrí philéar, i Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, ar glacadh léi an 6 Bealtaine 2015, agus déanfar iad a sheachadadh faoi dheireadh 2016. Is iad na tionscnaimh sin:

1. Rochtain: rochtain níos fearr ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí ar sheirbhísí agus earraí digiteacha ar fud na hEorpa
2. An Timpeallacht: na cúinsí cearta agus páirc imeartha chothrom a chruthú ionad gur féidir le líonraí digiteacha agus seirbhísí nuálacha fás
3. An Geilleagar agus an tSochaí: an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair dhigitigh

Creideann an Coimisiún chomh maith go gcuireann Margadh Aonair Digiteach uilechuimsitheach deiseanna ar fáil do shaoránaigh, ach a mbeadh na scileanna cearta digiteachta acu.  Is féidir le húsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí rochtain saoránach ar eolas agus ar chultúr a fheabhsú agus a cur lena ndeiseanna fostaíochta.  Is féidir leis rialtas oscailte nua-aimseartha a chothú freisin.

Cuimsíonn saincheisteanna a bhaineann leis an Margadh Aonair Digiteach réimsí oibre idir-Roinne agus tras-Roinne araon.  In 2015, bhunaigh an Roinn seo grúpa trasrannáin chun dearcthaí inmheánacha a thiomsú i leith na saincheisteanna sin as a bhfuil sí freagrach ionas gur féidir comhleanúnachas beartais laistigh den RPFN a chinntiú.  Tá na dearcthaí sin á dtabhairt don ghrúpa trasrialtais atá faoi stiúir Roinn an Taoisigh.

## Onnmhairí 2015

In 2015, baineadh amach buaicleibhéal onnmhairí as Éirinn a raibh luach um €234bn leo.  Ba é sin an séú bliain as a chéile ina raibh fás onnmhairíochta bliain ar bhliain.  B'ionann luach na n-earraí a onnmhairíodh agus breis is €112bn, ar méadú iontach 21% é sin ar 2015.   B'ionann onnmhairí seirbhíse agus um €122bn in 2015, figiúr a bhí breis is 15% níos airde ná luach na n-onnmhairí seirbhíse sa bhliain roimhe sin.  Ba iad na príomhchatagóirí earraí ná táirgí Leighis agus Cógaisíochta (€30bn) agus ceimiceáin Orgánacha (€21bn).  Bhain an dá chatagóir sin le beagnach 46% den onnmhairiú Earraí ar fad.  Is iad seo a leanas na tíortha ar cuireadh an chuid is mó den Onnmhairiú Earraí chucu in 2015: SAM (23%), an Ríocht Aontaithe (17%), an Bheilg (16%), an Ghearmáin (8%), an Eilvéis (7%) agus an Fhrainc (5%).  Cuireadh 2.5% den onnmhairiú earraí chun na Síne.  Ba iad Seirbhísí Ríomhaireachta an phríomhchatagóir onnmhairiú seirbhísí; bhí luach de bhreis ar €57bn leo agus bhain 47% den onnmhairiú Seirbhísí leo.

Tháinig méadú 10% ar onnmhairí cuideachtaí Fhiontraíocht Éireann in 2015 i gcomparáid le 2014, arbh ionann é sin agus an líon ba mhó riamh, is é sin €20bn. Tháinig fás suntasach ar onnmhairí ar fud gach earnála, agus ba iad earnálacha na mbogearraí, na foirgníochta agus na déantúsaíochta ba mhó ar tháinig fás orthu. Tháinig méadú ar onnmhairí i bhformhór na gcríoch, agus tháinig méadú 27% go beagnach €3bn ar onnmhairí go SAM agus Ceanada; tháinig méadú 12% go €7.5bn ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe, agus tháinig méadú 8% go €4.2bn ar onnmhairí go Tuaisceart na hEorpa.

## Imeachtaí Thar Lear agus Trádála

Tugadh faoi roinnt Misean Trádála faoi stiúir Airí na Roinne seo chuig an bPolainn, Poblacht na Seice, Stáit na Murascaille agus an tSín in 2015 agus freastalaíodh ar imeachtaí eile trádála agus líonraithe thar lear chomh maith. Ardaíonn misin trádála próifíl na hÉireann mar sholáthróir den scoth earraí agus seirbhísí intrádála, agus forbraíonn siad agus leathnaíonn siad onnmhairí na hÉireann chuig margaí reatha agus nua thar lear.

## An Beartas Trádála

Tá an beartas trádála ina chuid riachtanach de thosaíocht na Roinne cuidiú le gnólachtaí onnmhairiú a dhéanamh agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus cur leis na cuspóirí trádála idirnáisiúnta uaillmhianacha sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist agus de bhun Fiontraíocht 2025 freisin. Meastar go gcoinnítear ceithre phost le gach €1 mhilliún in onnmhairí ó ghnólachtaí dúchasacha. Ar fud an AE, braitheann 30 milliún post ar dhíolacháin chuig an gcuid eile den domhan, méadú 10 milliún ó bhí 1995 ann. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann leis an trádáil dhomhanda d'Éirinn agus do líon mór tomhaltóirí san AE, a gcuireann a gcumhacht caithimh le rath méadaitheach ár n-onnmhairí ar fud na hEorpa.

Tá beartas uaillmhianach ag an AE ionas go mbeadh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ó thaobh trádála. In 2015, d'oibrigh Éire le Coimisiún an AE chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil, ina measc an Comhaontú um Theicneolaíocht Faisnéise, a mbaineann tábhacht leis d'Éirinn agus ar fiú €1.3bn go domhanda é. Thug an AE comhaontuithe saorthrádála le Vítneam agus Eacuadór chun críche chomh maith, rud a fhágann go bhfuil 35 Comhaontú san iomlán i bhfeidhm.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le Comhaontuithe Saorthrádála idir an AE agus an tSeapáin agus idir an AE agus SAM i rith 2015.

## Rialú Onnmhairí

Tá méadú onnmhairí ina phríomhsprioc de chuid na Roinne, agus dá bhrí sin, is neamhchoitianta atá rialuithe agus srianta ar an trádáil idirnáisiúnta. Agus breac-chuntas déanta sa tuarascáil seo ar na bearta atá déanta chun fás onnmhairíochta a bhaint amach, tá bearta á ndéanamh ag an am céanna leo sin chomh maith chun onnmhairiú sábháilte agus freagrach earraí rialaithe agus teicneolaíochta a chinntiú.

Tá ceisteanna a bhaineann le slándáil, le cobhsaíocht réigiúnach agus le cearta an duine, nithe atá mar bhonn le rialuithe onnmhairíochta, ríthábhachtach don Roinn seo. Tá ról tábhachtach ag sprioc straitéiseach na Roinne maidir le tacaíocht a thabhairt do thrádáil agus í a éascú i réimse rialuithe onnmhairíochta óir cinntíonn an straitéis sin go bhfreastalaítear go sonrach ar onnmhairiú earraí íogaire i gcomhthéacs prionsabail an AE agus prionsabail dhomhanda atá mar bhonn do rialú onnmhairíochta a chosaint. Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go mbíonn an leibhéal cuí ceadúnaithe i bhfeidhm maidir le honnmhairí dé-úsáide agus earraí agus

teicneolaíochtaí chomh fada agus a bhaineann sé le cuidiú le honnmhaireoirí a ngníomhaíochtaí domhanda in earnálacha ardteicneolaíochta a leathnú agus a fhorbairt.

D’eisigh an Roinn 650 ceadúnas onnmhairíochta in 2015. Cuimsítear san fhigiúr sin 546 ceadúnas dé-úsáide aonair agus 81 ceadúnas míleata; bhí 23 ceadúnas dé-úsáide in úsáid in 2015. Foilsítear staitisticí faoi líon agus luach na gceadúnas onnmhairíochta ar bhonn tréimhsiúil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## An Earnáil Mhiondíola

Is ionann an earnáil mhiondíola agus mórdhíola agus an sciar is mó d’fhostaíocht na hearnála príobháidí i ngeilleagar na hÉireann, mar a fhostaítear breis is 270,000 duine in Éirinn agus arb ionann é agus 12.5% den lucht saothair trí chéile. Cuireann an earnáil seo fostaíocht ar fáil i ngach pobal i ngach tír agus is gné thábhachtach de gach pobal áitiúil í. Cuireann earnáil mhiondíola bhisiúil beocht sna bailte agus sna pobail againn. Lena chois sin, bíonn an earnáil mhiondíola ag tacú go hindíreach le poist i réimsí eile, amhail lóistíocht agus dáileachán, agus tá sí mar ardán tábhachtach do tháirgí Éireannacha, rud a thacaíonn arís eile le tuilleadh post.

Cailleadh líon suntasach post san earnáil mhiondíola sa tréimhse 2008-2012 mar thoradh ar an ngéarchéim gheilleagrach agus an easpa muiníne i measc tomhaltóirí dá réir. Thit líon na ndaoine a bhí fostaithe san Earnáil Mhiondíola agus Mhórdhíola ó 319,600 ag tús 2008, go beagán le cois 268,000 ag tús 2014. Tá an téarnamh ó thaobh figiúir fostaíochta sách mall. Tháinig méadú mall de réir a chéile ar líon na ndaoine a bhí fostaithe san earnáil in 2014 agus in 2015, agus bhí beagán sa bhreis ar 275,000 duine fostaithe faoi dheireadh 2015.

Tháinig an Fóram Comhairliúcháin Miondíola, a bunaíodh in 2014 faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2015, le chéile ceithre bhabhta in 2015. Soláthraíonn an Fóram Comhairliúcháin ardán faoi choinne teagmháil struchtúrtha idir an earnáil Mhiondíola agus na Ranna Rialtais cuí agus comhlachtaí san earnáil phoiblí. Is é cuspóir an Fhóraim ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an earnáil mhiondíola a phlé d'fhonn gníomhartha praiticiúla a d'fhéadfadh an Rialtas, nó lucht an tionscail féin, a dhéanamh a aithint chun tacú leis an earnáil.

Reáchtáil an Fóram cruinniú speisialta i nDroichead Átha chun scrúdú a dhéanamh ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil a d’fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais um Poist, Fiontair agus Nuálaíocht, dar teideal “Policy Options to support Business Growth and Job Creation and Retention in Town and Village Centres” i mí Aibreáin 2015.

Ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair 2015 an Fhóraim, bhunaigh an tAire Ged Nash, Cathaoirleach an Fhóraim ag an am, trí Ghrúpa Oibre le féachaint ar na saincheisteanna seo a leanas ar tharraing Tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais béim orthu:

- grúpa oibre um chostais fuinnimh a laghdú a dhéanfadh réitigh a scrúdú agus a mholadh a bheadh dírithe ar chuidiú le miondíoltóirí chun a gcostais fuinnimh a laghdú;
- grúpa oibre um miondíol agus an geilleagar digiteach a dhéanfadh scrúdú ar an gcaoi a bhféadfadh an earnáil mhiondíola an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach;
- grúpa oibre um athbheochan lár an bhaile chun bealaí praiticiúla a scrúdú agus a shonrú a thabharfadh éifeacht do chuid de na moltaí atá i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais.

Chuir an Fóram aighneacht réamh-cháinaisnéise le chéile le cur faoi bhráid na Roinne Airgeadais thar ceann bhaill an fhóraim agus chuir sé le dréachtghníomhartha um miondíol a chur le chéile le cur san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2016.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Leagann Plean Náisiúnta na hÉireann um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach 2014-2016, *Good for Business, Good for the* Community, amach fís go mbeidh Éire aitheanta mar Ionad Barr Feabhais um chleachtais fhreagracha agus inbhuanaithe ghnó.

Leagann an Plean Náisiúnta um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) amach na príomhphrionsabail agus na príomhchuspóirí is bonn le cur chuige an Rialtais i leith FSC. Féachtar freisin le tuiscint choitianta ar an rud is FSC ann a chur in iúl trí na Colúin ar a bhfuil FSC in Éirinn bunaithe a lua. Is iad seo a leanas na Colúin sin: an Áit Oibre, an Comhshaol, an Margadh, an Pobal agus an Earnáil Phoiblí.

Mínítear sa Phlean conas is féidir le FSC cur ar dhóigh dhearfach le gnó cuideachta, agus cuirtear béim ar thacaíochtaí praiticiúla atá ar fáil d'eagraíochtaí ar mhaith leo feabhsuithe a dhéanamh sa réimse seo.

Is cloch mhíle é Plean FSC ó thaobh próifíl FSC in Éirinn a ardú mar bhealach chun an cumas iomaíochta a fheabhsú ar leibhéal fiontraíochta mar aon le cion a dhéanamh do phobail agus don timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnólachtaí.

De bhun Fóram Páirtithe Leasmhara an FSC agus a chuid foghrúpaí, tá príomhchuspóirí an Phlean Náisiúnta um FSC á gcur chun cinn. Tháinig an Fóram le chéile ceithre bhabhta in 2015 chun raon saincheisteanna a bhaineann le FSC a phlé agus tuairimí a roinnt ina leith. Ar cheann de na príomhchuspóirí atá ag an bhFóram tá feasacht a ardú faoi na buntáistí atá le baint ag gnóthais agus ag gach páirtí leasmhar sa tsochaí in Éirinn as FSC.

I mí Lúnasa 2015, sheol an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta suíomh idirlín nua, www.csrhub.ie, a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí eile ar spéis leo a thuilleadh eolais a fháil faoi Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach. Is príomhthionscnamh é an suíomh idirlín (CSRHub) de chuid Fóram Páirtithe Leasmhara an FSC agus cuideoidh sé le haird a tharraingt ar FSC. Is uirlis chumarsáide é CSRHub a mhíníonn an buntáiste a bhaineann lena bheith páirteach in FSC agus feidhmíonn sé mar chomhartha bóthair do gach ceann de na príomhacmhainní FSC atá ar fáil in Éirinn agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Aithníonn Fóram Páirtithe Leasmhara an FSC a thábhachtaí atá na meáin shóisialta mar uirlis chun láithreacht ar líne a thabhairt do FSC agus aird a tharraingt air. Bunaíodh cuntas Twitter @CSRHubIrl i mí na Samhna 2015, rud a thugann deis dóibhsean ar spéis leo a thuilleadh eolais a fháil ar FSC idirghníomhú le páirtithe leasmhara eile agus sárchleachtas a roinnt.

## Páirtíocht Níos Leithne ag Leibhéal an AE

Leanamar orainn lenár bpáirtíocht ag leibhéal an AE chun torthaí a bhaint amach ó thaobh beartas náisiúnta agus AE de a thacaíonn lenár gclár oibre maidir le fiontair, iomaíochas agus nuálaíocht. Tá ról ceannais agus comhordaithe ag an Roinn i ndáil le trí bhuíon de Chomhairle na nAirí i.e. an Chomhairle um Chumas Iomaíochta, an Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha (Trádála), agus an Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóra. I rith 2015, rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tAire Stáit um Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht ionadaíocht ar Éirinn ag na Comhairlí um Chumas

Iomaíochta agus Trádála faoi seach. Reáchtáladh cúig chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle um Chumas Iomaíochta, mar aon le dhá chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle um Thrádáil i rith 2015. Ar na saincheisteanna ba mhó a chuir an Chomhairle um Chumas Iomaíochta chun cinn i rith 2015 bhí Straitéis an Mhargaidh Aonair, an Margadh Aonair Digiteach, Clár Oibre an AE um Rialáil Níos Fearr, Príomhshruthú an Iomaíochais, Limistéar Taighde na hEorpa a chur i ngníomh agus Nuálaíocht agus Taighde.

I dteannta ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na Roinne agus na hÉireann ag an gComhairle, cuireadh príomhleasanna AE na Roinne chun cinn freisin ar leibhéal tras-Rialtais de bhun Ghrúpa Oifigeach Sinsearach AE Roinn an Taoisigh, agus rannpháirtíochtaí déthaobhacha le Ballstáit a raibh an meon céanna acu, leis an gCoimisiún agus go háirithe leis an Ríocht Aontaithe, nuair a d'fhreastail oifigigh na Roinne ar chruinniú déthaobhach lena gcomhghleacaithe Trádála agus Margaidh Aonair i Londain i mí Iúil 2015.

## Buntáistí Mhargadh Aonair an AE

Ceantar gan teorainneacha inmheánacha é Margadh Aonair an AE atá ceaptha chun gluaiseacht earraí, caipitil agus daoine gan bhac a chinntiú. Tá buntáistí móra bainte ag gnóthais agus ag tomhaltóirí Eorpacha agus Éireannacha as an Margadh Aonair. Cuireann sé beagnach €600 billiún in aghaidh na bliana le geilleagar an AE agus tá intrádáil san AE dúbailte mar gheall air. Tá soghluaisteacht oibrithe méadaithe agus tá 3 mhilliún post nua cruthaithe ó bhí 1992 ann. Tá buntáistí costais ann mar thoradh ar bhaint na gconstaicí trádála. Tá iomaíochas níos géire sa Mhargadh Singil agus tá cuideachtaí níos iomaíche sa mhargadh domhanda. Léiríonn anailísí eimpíreacha go bhfuil méadú idir 2 agus 3% tagtha, le fírinne, ar olltáirgeacht intíre san AE. Cé go bhfuil an Margadh Aonair i ndiaidh cur go suntasach le fás eacnamaíoch agus le leas tomhaltóirí san Aontas Eorpach, níl a lán-acmhainneacht bainte amach fós aige.

Ghlac an Coimisiún le Straitéis Margaidh Aonair an Choimisiúin Eorpaigh – *"Upgrading the Single Market: more opportunities for people and business"* – an 28 Deireadh Fómhair 2015. Bhí baint mhór ag an Roinn leis an bpróiseas ullmhúcháin a bhí ann sular glacadh leis an Straitéis. Bhuail oifigigh na Roinne le DG Grow (Growth) – Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh im Margadh Inmheánach, Tionscail agus Fiontraíocht agus FBManna an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil chun plé a dhéanamh ar réimsí ar mhaith le hÉirinn go dtabharfaí aghaidh orthu sa Straitéis. Scríobh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta chuig Coimisinéir Bienkowska chun tosaíochtaí na hÉireann a leagan amach don Straitéis, agus shínigh an tAire litir den mheon céanna (a shínigh 17 mBallstát san Iomlán) a seoladh chuig an Leas-Uachtarán Katainen agus Coimisinéir Bienkowska i ndáil le Straitéis an Mhargaidh Aonair. Tugadh aghaidh ar roinnt réimsí a mhol Éire i gcomhthéacs gníomhartha sonracha a cuireadh san áireamh sa Straitéis.

Lena chois sin, lean an Roinn uirthi lena cuid comhpháirtíochta ag leibhéal an AE leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile; lean sí uirthi freisin de bheith ag déanamh ionadaíocht ar Éirinn sna Grúpaí Oibre cuí AE agus ar Choistí a bhíonn ag plé le saincheisteanna an Mhargaidh Aonair. Lean an Roinn ar aghaidh ag riar SOLVIT (líonra neamhfhoirmiúil réitithe fadhbanna a cruthaíodh chun fadhbanna atá ag saoránaigh agus gnólachtaí AE le riar poiblí Bhallstáit an AE a réiteach. Ní mór go mbeadh baint ag na fadhbanna sin lena gcearta Margaidh Inmheánaigh a cheilt de bharr nach gcuirtear dlí Margaidh Inmheánaigh i bhfeidhm i gceart) agus Córas Faisnéise Margaidh Inmheánaigh, ag freagairt do chásanna SOLVIT agus ag tarraingt airde ar na huirlisí riaracháin sin i measc gnólachtaí agus saoránach.

In 2015, chuir an Roinn tionscnamh chun cinn arbh é ab fheidhm leis feidhmiúlacht Phointe Aonair Teagmhála a fheabhsú, ar suíomh idirlín é a éilítear ar gach Ballstát a fheidhmiú de bhun Threoir an AE um Sheirbhísí. Ba é toradh an tionscnaimh Cinneadh Rialtais i ndáil le gach seirbhís (cuir i gcás ceadúnais, údaruithe agus ceadanna) ar líne faoi mhí na Samhna 2017.

## An Seimeastar Eorpach

Bhí ról lárnach ag an Roinn freisin maidir le próiseáil an tSeimeastair Eorpaigh (timthriall bliantúil um chomhordú beartas eacnamaíoch) agus maidir le cur leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tír faoi Leith i mbunú Comhairlí (Iomaíochas agus Fostaíocht, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí).Bhí an ról sin aici trí Choistí agus Grúpaí comhairleacha agus ullmhúcháin na gComhairlí, go háirithe an Coiste Fostaíochta agus an Grúpa Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fás. Gnóthaíodh conclúidí na Comhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2015 agus glacadh le Comhthuarascáil Fostaíochta 2015.

## Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí

Comhordaíonn an Roinn seo an obair a bhaineann le Fostaíocht agus le Beartais Shóisialta, ar gnéithe iad de Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí. Chuir Éire le hobair an dá Chomhairle agus Comhairle neamhfhoirmiúil amháin faoi Uachtaránacht Laitviach sa chéad sé mhí de 2015 agus dhá Chomhairle fhoirmiúla agus ceann neamhfhoirmiúil eile faoi Uachtaránacht Lucsamburgach sa dara cuid de 2015.

Tá beartas fiontraíochta intíre na Roinne dírithe ar thacú le líon níos mó gnólachtaí nuathionscanta a mbainfidh rátaí marthanais níos fearr leo, líon níos mó cuideachtaí scála faoi úinéireacht Éireannach, níos mó cuideachtaí a bheith ag méadú a gcuid infheistíochta i dtaighde, i bhforbairt agus sa nuálaíocht chun a gcumas iomaíochta a mhéadú, agus níos mó fiontar a onnmhairíonn ar fud raon margaí. Ní mór iarracht fhollasach náisiúnta a dhéanamh chun ár mbonn intíre cuideachtaí onnmhairíochta a fhás agus chun buntáiste follasach náisiúnta a fhorbairt i bpríomhearnálacha láidreachta d'fhonn cur le mealladh na hinfheistíochta dírí eachtraí.

## Trasuíomh Threoracha an AE

Ba i mí Dheireadh Fómhair 2015 a foilsíodh Scórchlár Mhargadh Inmheánach an AE, ina dtugtar tuairisc ar fheidhmíocht na mBallstát maidir le trasuíomh Threoracha an AE. Taispeánadh ann go raibh easnamh trasuíomh na hÉireann maidir le Treoracha a thrasuíomh cothrom le 0. 4%. Tá an t-easnamh sin go maith faoi bhun na sprice 1% atá leagtha amach do na Ballstáit.

# 2. Ardfheidhmíocht san Fhiontraíocht a Chothú agus Tacú léi

## Fiontraíocht Éireann

In 2015, d'infheistigh Fiontraíocht Éireann €27.6m de bhun cothromais dhírigh luathchéime i 314 gnólacht nuathionscanta agus cuideachta bhunaithe. Cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do 217 gnólachtaí nuathionscanta in 2015, de bhun maoiniúcháin do Ghnóthais Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSU) agus Maoiniúcháin Túis Iomaíoch. Is gnólachtaí nuathionscanta iad HPSUnna a bhfuil d'acmhainn acu táirge nó seirbhís nuálach a fhorbairt le díol ar mhargaí idirnáisiúnta agus féidearthacht i ndáil le 10 bpost a chruthú mar aon le €1m i ndíolacháin laistigh de 3 nó 4 bliana óna dtionscnamh. Fuair 105 HPSU nua maoiniú in 2015. Bhí 47% de na HPSUnna sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus cruthóidh na cuideachtaí sin breis is 1,500 post faoi 2018.

Tugann Ciste an Túis Iomaíoch maoiniú riachtanach luathchéime do chuideachtaí óga chun an margadh a thástáil i ndáil lena gcuid seirbhísí agus táirgí agus a bpleananna gnó don mhargadh domhanda a chur chun cinn. Bhí an-rath ar an gclár go dtí seo. Chuir Ciste an Túis Iomaíoch ar chumas Fhiontraíocht Éireann spriocdhíriú ar fhiontraithe de phróifílí difriúla agus ar fud raon earnálacha.

In 2015, d'fhaomh Fiontraíocht Éireann 112 gnólacht nua luathchéime le haghaidh infheistíochtaí oiread agus €50,000 de bhun sraith glaonna faoi Chiste an Túis Iomaíoch, ina measc an chéad ghlao riamh do dhearthóirí tráchtála agus glao a bhí dírithe go sonrach ar mhná. Bhí 62% de na cuideachtaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

In 2015, d'infheistigh Fiontraíocht Éireann €54m i gcistí cothromais phríobháidigh agus seoladh an dara glao iomaíoch faoin Scéim um Chaipiteal Síl agus Fiontair 2013-2018, rud a chuir cistí breise oiread agus €65m ar fáil le haghaidh comhinfheistiú i síolchistí. Rinne cistí a raibh tacaíocht Fhiontraíocht Éireann de bhun na Scéime um Chaipiteal Fáis Forbartha infheistiú de bhreis is €75m i gcuideachtaí seanbhunaithe meánmhéide Éireannacha. Chuir Fiontraíocht Éireann breis is €1m de mhaoiniú an ceann ar fáil do ghorlanna gnó in OÉ Má Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tacaíonn Fiontraíocht Éireann freisin leis an ardfheidhmíocht ach airgead nach beag a infheistiú i ngníomhaíochtaí nuálaíochta cliant agus i mbonneagar agus in acmhainn chun tacú le nuálaíocht cliant.

Sula ndéanann Fiontraíocht Éireann infheistíocht, bíonn an ghníomhaireacht ag obair le cuideachtaí chun plean níos spriocdhírithe atá réidh d'infheisteoirí a chur le chéile agus béim áirithe á cur ar an táirge, ar oiriúnacht don mhargadh, ar thairiscint luacha, ar chonair chun an mhargaidh agus ar chustaiméirí. Seoladh an clár nua SPRINT in 2015, i gcomhpháirtíocht le hIonad Nuálaíochta Gnó Bhaile Átha Cliath chun gnólachtaí luathchéime a ullmhú d'infheisteoirí.

Bhí Fiontraíocht Éireann dírithe i gcónaí ar an bhfiontraíocht a chothú agus a spreagadh i measc ban in 2015. Tá líon na mban a ghlacann páirt i ngach leibhéal den ghníomhaíocht nuathionscanta ag méadú le blianta beaga anuas mar thoradh ar thionscnaimh spriocdhírithe. Banfhiontraithe a bhí i mbun stiúrtha ar ghnólacht is seasca de na 217 gnólacht nuathionscanta a fuair tacaíocht. Mhéadaigh rannpháirtíocht banfhiontraithe i gclár na nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta go 20% in 2015. I rith 2015, chuir Fiontraíocht Éireann €50,000 an duine ar fáil do 34 banfhiontraí a rinne iarratas ar bhabhta spriocdhírithe de Mhaoiniú do Thús Iomaíoch. Is méadú suntasach é sin ar fhigiúr 25 na bliana 2014. D'eagraigh

Fiontraíocht Éireann an chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta um Mná Gnó dá gcuid i gcomhar le Féile Rós Thrá Lí i mí Lúnasa 2015.

D'fhonn an ógfhiontraíocht a spreagadh agus tacú léi, d'oibrigh Fiontraíocht Éireann le líonra OFÁ chun comórtas Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann a chomhordú, comórtas a mheall breis is 1,400 iontráil, i gcomparáid le 1,000 iontráil in 2014. Cuirtear meantóireacht, margaíocht agus tacaí eile ar fáil do ghnólachtaí rannpháirteacha ag céimeanna difriúla an chomórtais.

Thacaigh faomhadh infheistíochtaí tógála cumais agus post Fhiontraíocht Éireann le 6,871 gealltanas nua post agus fuarthas €582m d'infheistíocht bhreise ó chliaint in 2015.
Mar a luadh cheana, bhain cliaint Fhiontraíocht Éireann onnmhairí €20.59bn amach agus iad ag tógáil ar an €18.6 billiún a baineadh amach in 2014. Is é sin an leibhéal ab airde a baineadh amach i stair na Gníomhaireachta. Is sásra éifeachtach iad cláir Tacaíochta Idirnáisiúnaithe Fhiontraíocht Éireann chun cuidiú le cuideachtaí bacainní leis an onnmhairíocht a shárú ach tuiscint níos fearr a fháil ar mhargaí thar lear, teacht ar chustaiméirí nó ar chomhpháirtithe ionchais, agus misneach a fháil chun tabhairt faoi mhargaí nua.

Bhí 588 cuideachta i mbun páirtíochta le Rannán Onnmhaireoirí Féideartha Fhiontraíocht Éireann. Rinne Seachtain Margaí Idirnáisiúnta éascaíocht do 1,829 cruinniú eineach ar ionchaibh le cuideachtaí. Faomhadh 224 deontas um idirnáisiúnú, rochtain ar mhargadh, athbhreithniú margaidh agus naisc ghnó i rith 2015.

## Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Fiontar Beag agus Meánmhéide

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ráthaíocht 75% tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta d'Iasachtóirí creidiúnaithe maidir le hiasachtaí incháilithe nó Bannaí Feidhmíochta do Mhionfhiontair agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide inmharthana (FBManna). Íocann an Stát an Ráthaíocht leis an Iasachtóir maidir leis an iarmhéid príomha amuigh gan aisghabháil as Saoráid Scéime sa chás ina loiceann an tIasachtaí aisíocaíochtaí maidir leis an tSaoráid Scéime a dhéanamh.

Is é cuspóir na Scéime iasachtú breise le FBManna a chur chun cinn, ach níl sí in ainm a bheith ann in ionad iasachtú traidisiúnta. Ar an dóigh sin, cuirtear ar a gcumas do FBManna stair mhaith leis an Iasachtóir a chruthú d'fhonn filleadh ar shaoráidí caighdeánacha tráchtála creidmheasa i ndiaidh tamaill. Fágann sé freisin go bhfuil FBManna Éireannacha in ann dul in iomaíocht le hiomaitheoirí eile trádála a bhíonn in ann ráthaíocht a fháil ina dtír féin. In 2015, ceadaíodh 108 saoráid a raibh luach €20.39m orthu agus as ar cruthaíodh 470 post úr agus as ar cothaíodh 489 post a bhí ann cheana féin.

Ach a ndearnadh athbhreithniú seachtrach ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, cuireadh Meabhrán um Rialtas le chéile a rinne éascaíocht do Bhille a dhréachtú chun an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa a leasú. Leanadh ar aghaidh i rith 2015 le dréachtú an Bhille um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú)[2]. Rinne an Bille foráil do roinnt feabhsúchán a dhéanamh ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, ina measc leibhéal na ráthaíochta a mhéadú ó 75% go 80% agus raon na soláthróirí airgeadais agus na dtáirgí airgeadais (léasú agus airgeadas sonraisc san áireamh) a leathnú. Chomh maith leis sin, rinne an Bille foráil do fhrithráthaíochtaí agus do chistí a fháil chun é sin a dhéanamh, ina measc cistí AE.

---

[2] Achtaíodh an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú)i mí Feabhra 2016.

## Ciste Iasachta do Mhionfhiontair

Bunaíodh Microfinance Ireland chun tacú le hiasachtaí le mionfhiontair san earnáil FBManna; seoladh é ar an 1 Deireadh Fómhair, 2012. Tá an tionscnamh seo dírithe ar mhionfhiontair nuathionscanta, ar fhiontair sheanbhunaithe agus ar fhiontair atá i mbun fáis ar fud na n-earnálacha tionscail ar fad agus a bhfuil suas le deichniúr á bhfostú acu. Baineann na hiasachtaí le suimeanna idir €2,000 agus €25,000 agus is féidir iad a chaitheamh ar thionscnamh gnó agus ar chostais leathnaithe agus caipiteal oibre. In 2015 dháil Microfinance Ireland maoiniú €5.4m ar 357 gnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 930 post breise.

Sa chéad ráithe de 2015, foilsíodh Ciste Iasachtaí Mhionfhiontair agus rinneadh leasuithe air ina dhiaidh sin chun glacadh na Scéime a fheabhsú, ina measc fáil réidh leis an gceanglas i ndáil le diúltú bainc a fháil sular féidir iasacht a lorg ar Microenterprise Ireland.

Tar éis an athbhreithnithe sin mhéadaigh an t-éileamh a bhí ar an gCiste. Cuireadh na cistí sin ar fáil do 357 gnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 930 post breise.

I rith 2015, lean Microfinance Ireland ar aghaidh lena chuid oibre bolscaireachta le príomhpháirtithe leasmhara de bhun rannpháirtíochta dírí agus freastal ar imeachtaí gnó agus ar chomhdhálacha le húinéirí gnólachtaí beaga, lena gcuid ionadaithe agus comhairleach, leis na bainc agus le hOifigí Fiontair Áitiúla.

## Caipiteal Síl agus Fiontair

Méadú leanúnach ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar a luach an treocht a bhí ann ag cistí caipiteal fiontair a bhí ag fáil tacaíochta faoi Chláir Chaipiteal Síl agus Fiontair Fhiontraíocht Éireann. In 2015, rinneadh 144 infheistíocht i gcuideachtaí a bhí bunaithe in Éirinn, arbh ionann é sin agus €54 milliún.

Tá infheistíochtaí i mbreis agus 1,224 cliantchuideachta anois i bPunann Chothromais Dhírigh Fhiontraíocht Éireann.

In 2015, rinne Fiontraíocht Éireann 314 infheistíocht dhíreach chothromais luathchéime, arbh ionann iad agus €27.6m, i gcliantchuideachtaí, idir ghnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta agus ghnólachtaí seanbhunaithe. Cuireadh leis an infheistíocht sin de bhun maoiniúcháin a fuarthas ó fhoinsí san earnáil phríobháideach.

In 2015, rinne Fiontraíocht Éireann infheistíocht €54m i gcistí cothromais phríobháidigh agus gealladh €65m breise do roinnt bainisteoirí ciste san earnáil phríobháideach mar thoradh ar an dara glao faoin Scéim um Chaipiteal Síl agus Fiontair (2013-2018).

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí chomh maith ach infheistiú a dhéanamh i gcistí cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair. Méadaíonn sé sin infhaighteacht na hinfheistíochta a bhainistítear ar bhonn tráchtála do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí scálaithe Éireannacha.

## Foinsí Nua Airgeadais

In 2015, lean an Roinn ar aghaidh ag obair le ranna agus le gníomhaireachtaí eile (Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, Fiontraíocht Éireann & MFI) i ndáil le maoiniú malartach do FBManna agus i ndáil le riachtanais fhéideartha a bhunú do ghnólachtaí onnmhairíochta Éireannacha i réimse an chaipitil oibre onnmhairíochta.

## Íoc Pras

Tá idir theacht ar chreidmheas agus íoc pras sonrasc le haghaidh earraí agus seirbhísí a fuarthas i gceist le teacht ar airgeadas. Téann íoc déanach fiachais tráchtála i gcion go diúltach de ghnáth ar shreabhadh airgid gnólachta agus tugann sé ar ghnólachtaí beaga a saoráidí rótharraingte a shíneadh agus/nó dul i muinín iasachtaí. Déantar am agus acmhainní a d'fhéadfaí a chaitheamh le réimsí dá leithéidí forbairt an ghnólachta a chaitheamh ina ionad sin ar íocaíochtaí déanacha a fhaire agus a bhailiú. Bíonn Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), de bharr a laghad a bhíonn siad, thar a bheith íogair maidir le hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le híocaíochtaí déanacha.

Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2015 i ndáil le réimse an íoca phrais, ina measc:

- Leibhéal ard leanúnach comhlíonta i measc Ranna an Rialtais Láir agus na gComhlachtaí atá faoina gcoimirce (ina measc Gníomhaireachtaí an RPFN) laistigh den riail um Íoc Pras 15 lá.
- Tugadh isteach an Cód um Íoc Pras i mí an Mhárta 2015, arb é is aidhm leis sreabhadh airgid a fheabhsú do ghnólachtaí agus dlús a chur faoi athrú ar chultúr íoca na hÉireann. Ach a sínítear an Cód, a óstáiltear ar thairseach ar líne www.promptpayment.ie, geallann gnólachtaí go n-íocfaidh siad soláthróirí in am de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa chonradh nó de réir na reachtaíochta.
- Sheol an Roinn an Fóram Íocaíochtaí in 2015. Is é ról an Fhóraim tacú le cothú an Chóid um Íoc Pras agus féachaint ar thionscnaimh eile a chothódh cultúr freagrach íoca in Éirinn.

Is céim mhór i dtreo cultúr íoca phrais a bhunú in Éirinn iad na tionscnaimh thuas, mar aon le tionscnaimh íoca phrais atá i bhfeidhm cheana féin, ina measc na Rialacháin um Íoc Déanach i ndáil le hIdirbhearta Tráchtála 2012.

## Nuachóiriú Státchabhrach

Thionscain an Coimisiún Eorpach próiseas um Nuachóiriú Státchabhrach in 2012. Is iad cuspóirí na dtionscnamh an fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le cúnamh stáit a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta an DG COMP.

Chomhaontaigh an chéad chéim den Nuachóiriú Státchabhrach, a tugadh chun críche in 2013, creat rialála a mhol an Coimisiún. D'éascaigh an Uachtaránacht Éireannach comhaontú a bhaint amach idir DG COMP agus Ballstáit i dtaca le Rialacháin Ghnáthaimh agus Chumais. Déileálann an Rialachán Gnáthaimh le ceanglais i dtaca le fógra um Chúnamh Stáit i dtaca le Ballstáit agus imscrúduithe an DG COMP. Cuireann an Rialachán Cumais ar chumas an Choimisiúin catagóirí nua cúnaimh a dhíolmhú.

Díríonn an dara céim (atá ar siúl faoi láthair) ar sholúbthacht níos mó a thabhairt do Bhallstáit maidir le Cúnamh Stáit a dheonú gan réamhfhógra agus faomhadh an Choimisiúin, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe faoi réir Rialacháin nua an Ghrúpbhloic um Dhíolúine.

Ach a dtabharfaí solúbthacht níos mó de bhun rialacha nua an AE, is mó an fhreagracht atá ar Bhallstáit anois maidir lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais um Chúnamh Stáit, agus is mó an aird atá ag an gCoimisiún ar ghearáin.

De réir na rialacha nua um thrédhearcacht an Chúnaimh Stáit, amhail an 1 Iúil 2016, éilítear ar Bhallstáit céannacht tairbhí gach dámhachtana aonair cúnaimh nach lú ná €500,000, méid agus

cuspóir an chúnaimh agus an bonn dlíthiúil a chur in iúl ar shuíomh idirlín poiblí. Dhear an Coimisiún, i gcomhar le Ballstáit, leathanach lárnach gréasáin ar a bhfuil na sonraí trédhearcachta thuasluaite do gach Ballstát nó réigiún. Is faoi gach Ballstát a bheidh sé, áfach, na sonraí sin a thiomsú, a sheiceáil agus a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ó dheonú an chúnaimh. Beidh an t-eolas ar fáil ar an suíomh idirlín go ceann 10 mbliana ar a laghad ó dháta deonaithe an chúnaimh.

Ba thosaíocht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta arís in 2015 é go gcloífí le rialacha i dtaca le Cúnamh Stáit. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta um beartas uileghabhálach don Chúnamh Stáit, ar aghaidh ag scaipeadh eolais ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne. Ina theannta sin, mar phointe liaison do gach cumarsáid a eisítear chuig Iomaíocht DG agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le cúnamh stáit i rith 2015.

## Rochtain ar Sholáthar do FBManna

Leag Caibidil 6 den Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015 béim ar roinnt gníomhartha a mhéadódh aird FBManna ar dheiseanna um sholáthar poiblí agus sonraíodh bearta breise chun cuidiú le FBManna teacht a bheith acu ar sholáthar san earnáil phoiblí.

Shonraigh sé go bhfuil FBManna ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann. Is ionann iad agus 99.7% de gach fiontar agus 68% de gach fostaíocht. Is ball í an Roinn i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais de Ghrúpa Ardleibhéil um Rochtain FBManna ar Sholáthar Poiblí. Is é príomhfhócas an Ghrúpa Ardleibhéil sin agus na Meithle um FBManna ná beartais a chur le chéile a thacóidh le FBManna teacht ar dheiseanna um sholáthar poiblí, agus aird agus tuiscint an phobail ar phróiseas an tsoláthair phoiblí a mhéadú.

D'fhonn dul i ngleic le hábhair imní FBManna i dtaca le bacainní a d'fhéadfadh a bheith le critéir um Iarratas ar Thairiscint maidir le dul san iomaíocht do dheiseanna tairisceana, rinne an Oifig um Sholáthar Rialtais seirbhís phíolótach ar a dtugtar Seirbhís Chomhairleach Tairisceana a chur le chéile agus a sheoladh i mí Feabhra 2015.

Tá Fiontraíocht Éireann ag spreagadh cliant-FBManna le clárú ar eTenders.ie agus iad féin a choinneáil cothrom le data i dtaca le píblíne na hOifige um Sholáthar Rialtais um dheiseanna creata. Bhí teagmháil le FBManna agus eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann le eTenders agus an tábhacht a bhaineann le conarthaí creata na hOifige um Sholáthar Rialtais mar chuid de bheartas cumarsáide Fhiontraíocht Éireann do FBManna ag na himeachtaí uile in 2015, ina measc "Cas leis an gCeannaitheoir", ina dtugtar ceannaitheoirí san earnáil phoiblí agus soláthróirí ionchasacha le chéile. Bhí dhá imeacht "Cás leis an gCeannaitheoir" ann in 2015, ceann amháin acu i mBéal Feirste agus an ceann eile i mBaile Átha Cliath. Bhí thart ar 800 soláthróir i láthair. Faigheann na FBManna deis bualadh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus le ceannaitheoirí eile ón earnáil phoiblí, líonrú le gnóthais eile, agus comhairle a fháil ó shaineolaithe. Le linn 2015, chuir Fiontraíocht Éireann deiseanna tábhachtacha soláthair phoiblí in iúl do FBManna, mar shampla tionscadail de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí Reáchtáil Fiontraíocht Éireann ocht n-imeacht soláthróirí / ceannaitheoirí in 2015: tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí an gCúirteanna (5) agus na hIonaid Chúraim Phríomhúil (3). Ghlac breis agus 700 cuideachta san iomlán páirt sna himeachtaí; ba FBManna an chuid is mó acu.

I rith na tréimhse 2012 go 2015, rinne an RPFN (agus Forfás go dtí 2014) sraith measúnachtaí ar chláir thacaíochta gníomhaireachtaí fiontraíochta a chuir gníomhaireachtaí forbartha

fiontraíochta ar fáil. Is é cuspóir foriomlán na measúnuithe eolas a fháil chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní chun cuspóirí beartais maidir le fiontair a ghnóthú.

Thug an RPFN a chlár measúnachtaí téamacha chun críche nuair a foilsíodh *Enterprise Agency Business Development Programmes* i mí an Mhárta 2015. Cumhdaíonn na Cláir Forbartha Gnó cláir chaipitil agus fostaíochta, tacaí idirnáisiúnaithe, cláir tháirgiúlachta agus tacaí d'acmhainneacht, do cheannaireacht agus d'fhorbairt bhainistíochta.

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh an RPFN tuairisc dar teideal *Evaluations Synthesis and Conclusions*, a thugann le chéile na príomhthátail ó thacar iomlán na measúnachtaí ar chláir gníomhaireachtaí fiontraíochta sa tréimhse 2012-2015. Go ginearálta, fuarthas go raibh na cláir a measúnaíodh oiriúnach, éifeachtúil, éifeachtach. Tá siad ag teacht le beartais Rialtais agus tá réasúnaíocht inaitheanta ann le haghaidh idirghabhála. De ghnáth, feidhmíonn na cuideachtaí atá páirteach sna cláir níos fearr ná riailghrúpaí agus grúpaí comparáide chomh fada agus a bhaineann sé le tomhais thábhachtacha amhail líon na bpost, díolacháin agus onnmhairí. Go ginearálta, léiríodh go raibh teacht aniar níos fearr le linn an chúlaithe eacnamaíochta sna cuideachtaí úd a bhí ag fáil tacaíochta trí na cláir. Fuarthas go raibh tacaíocht na ngníomhaireachtaí tábhachtach, ní hamháin ó thaobh poist nua a chruthú de, ach ó thaobh poist a bhí ann cheana féin a chothú agus maidir le hinmharthanacht fhoriomlán na gcuideachtaí freisin. Tá ról tábhachtach ag idirghabhálacha atá dírithe ar tháirgiúlacht a fheabhsú, ar uasghrádú scileanna agus ar fhorbairt ceannaireachta straitéisí maidir le cuideachtaí reatha a chothabháil agus a fhorbairt.

Déanann an tuarascáil dar teideal *Synthesis and Conclusions* roinn moltaí freisin i dtaca le forbairt na measúnachta amach anseo, ina measc an cultúr measúnaithe a fheabhsú, go háirithe measúnacht ex-ante ar chláir nua nó athdheartha, leagan síos cuspóirí, modheolaíochtaí measúnachta a fheabhsú, agus foghlaim do bheartais fiontraíochta amach anseo. Chuidigh na measúnachtaí sin le "cur chuige córas" a fhorbairt i ndáil le tacaíocht fiontraíochta arna leagan amach in *Enterprise 2025*.

## Ceadanna Fostaíochta

Is é cuspóir leathan an chórais ceadanna fostaíochta an soláthar scileanna in Éirinn a fhorlíonadh trí chead a thabhairt d'fhiontair saoránaigh as tíortha nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a earcú sa chás ina bhfuil sainscileanna nó saineolas ag na saoránaigh sin nach bhfuil ar fáil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus ina rachaidh a leithéid d'earcaíocht chun tairbhe fhorbairt eacnamaíoch nó shóisialta an Stáit.

Le linn 2015, lean an Roinn uirthi de bheith ag tógáil ar na hathchóirithe a thug sí isteach sa chóras ceadanna fostaíochta in 2013, a ceapadh chun tarraingteacht na hÉireann mar áit chun daoine leis na scileanna sin a mhealladh a mhéadú, scileanna i réimsí ardteicneolaíochta go háirithe.

Leagtar córas na gceadanna fostaíochta amach de bhun struchtúr liosta chun tús áite a thabhairt do scileanna áirithe, go háirithe sa chás go bhfuil ganntanas nó easnamh scileanna sonracha láithreach sa mhargadh saothair de bharr fhás tapa na hearnála nó forbairt teicneolaíochta. Sonraíonn na liostaí scileanna criticiúla atá gann ar láimh amháin, agus scileanna a bhfuil acmhainn sách mór ann dóibh cheana féin sa mhargadh saothair cónaitheach ar an láimh eile. Déantar iad a athbhreithniú ar bhonn débhliantúil, ionas go mbeadh treoshuíomh na himirce eacnamaíche ag teacht go docht le riachtanais bheachta an mhargaidh shaothair.

I rith 2015, rinneadh an tacar rialachán um Cheadanna Fostaíochta a athbhreithniú faoi dhó agus a oiriúnú d'fhonn a chinntiú go mbeadh an córas feiliúnach don mhargadh athraitheach saothair agus don timpeallacht fiontraíochta. Sonraíodh go raibh an t-ailíniú dlúth sin idir soláthar agus éileamh scileanna i rith 2015 eisceachtúil i staidéar sintéise an Líonra um Imirce Eacnamaíoch dar teideal *'Determining labour shortages and the need for labour migration from third countries in the EU'*.

Seoladh Tionscnamh na gComhpháirtithe Iontaofa freisin in 2015. Cuidíonn an próiseas sruthlínithe seo i dtaca le hiarratais ar cheadanna fostaíochta leis an ualach riaracháin ar fhostóirí a laghdú agus cuireann sé dlús faoin am a ghlacann sé ar fhostóir ar Comhpháirtí Iontaofa é na scileanna cuí a bheith i bhfeidhm aige. Bíonn sé ar fáil do chuideachtaí nua-thionscanta, d'fhostóirí atá i mbun leathnú nó d'fhostóirí reatha ar úsáideoirí rialta chóras na gceadanna fostaíochta iad. Cláraigh 110 Fostóir mar Chomhpháirtí Iontaofa in 2015 agus eisíodh 618 cead fostaíochta san iomlán.

Rinneadh dul chun cinn i rith 2015 ar phleananna breise chun próiseas na n-iarratas a fheabhsú agus a shruthlíniú de bhun córas íoca agus iarratais ar líne do cheadanna fostaíochta ach ar roghnaíodh conraitheoir de thoradh tairiscintí iomaíocha a oibreoidh leis an Roinn chun an tionscadal sin a chur i ngníomh i rith 2016.

Léirítear rath an chórais ceadanna fostaíochta maidir le freastal ar ghanntanais scileanna a tháinig chun solais agus éifeachtúlacht fheabhsaithe riaracháin in 2015 sna staitisticí seo a leanas:

1. próiseáladh a thrian níos mó ceadanna le hais 2014;
2. bhain an trian de na ceadanna uile a eisíodh in 2015 le Ceadanna Fostaíochta um Scileanna Criticiúla, an cead fostaíochta a ceapadh le díriú ar ghanntanas scileanna;
3. ba do ghairmigh TFC a eisíodh a thrian de na ceadanna fostaíochta nua a eisíodh;
4. bhí fanacht 18 lá ar an meán i gceist le cead a fháil in 2015;
5. bhí fanacht 5 lá ar an meán i gceist le hiarratas ar chead fostaíochta i ndáil le Comhpháirtithe Iontaofa a fháil.

| Bliain | Nua | Athnuachan | Iomlán | Diúltaithe | Tarraingthe Siar | Á phróiseáil | Ceadanna Beo atá ann go fóill |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2015 | 6,088 | 1,177 | 7,265 | 906 | 167 | 1,134 | 17,325 |
| 2014 | 4,862 | 634 | 5,496 | 593 | 144 | 435 | 15,086 |
| 2013 | 3,034 | 829 | 3,863 | 541 | 122 | 142 | 13,333 |
| 2012 | 2,919 | 1,088 | 4,007 | 829 | 246 | 179 | 14,245 |
| 2011 | 3,184 | 2,016 | 5,200 | 1,078 | 201 | 377 | 16,265 |
| 2010 | 3,394 | 3,877 | 7,211 | 990 | 199 | 999 | 18,987 |

## Irish Design 2015 (ID2015)

Ba é aidhm Irish Design 2015 (ID2015) infheictheacht a thabhairt do ghnólachtaí dinimiciúla dearaidh na hÉireann, tacú leo agus iad ag trádáil i margaí eachtracha agus poist a chruthú sa bhaile i ndeireadh na dála. Tháinig an tuairim maidir le bliain a shonrú chun dearadh na hÉireann a cheiliúradh agus a chothú ó Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain in 2013. Ba é a bhí i gceist le ID2015 clár cuimsitheach imeachtaí agus gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith 2015. Ba í Comhairle Cheardaíochta & Dearaidh na hÉireann a thionóil ID2015

i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, thar ceann an Roinne, na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Fhiontraíocht Éireann.

Ba é cuspóir ID2015 tríd is tríd deiseanna fostaíochta, díolacháin agus cumas onnmhairíochta earnáil dearaidh na hÉireann a chothabháil agus a fhás, ach infheistíocht i ndearadh a spreagadh mar phríomhghné den iomaíochas agus den nuálaíocht agus de bhun dearadh na hÉireann a thaispeáint go náisiúnta agus i bpríomhchathracha idirnáisiúnta dearaidh i rith 2015. Is gné ríthábhachtach den nuálaíocht, den difreáil agus den iomaíochas idirnáisiúnta gnó é an dearadh.

Mar chuid de ID2015, d'ainmnigh an Cumann Idirnáisiúnta Dearthóirí Baile Átha Cliath mar Mhol Dearaidh Domhanda 2015, rud a thug ardán d'Éirinn chun scileanna agus tallann dhearthóirí na hÉireann a chur ar shúile lucht féachana dhomhanda.

Ba iad spriocanna Bhliain ID2015:

- Earnáil dearaidh a fhorbairt ag féachaint do phoist reatha a chothú agus poist nua a ghiniúint, agus díolacháin a mhéadú sa tír seo agus go hidirnáisiúnta;
- Cláir agus tionscadail dearaidh a fhorbairt chun an t-éileamh ar dhearaí agus ar dhearthóirí na hÉireann a mhéadú, ach:
    - Próifíl náisiúnta agus idirnáisiúnta dhearthóirí na hÉireann a mhéadú mar aon le tábhacht an dea-dhearaidh don mhaireachtáil ó lá go lá;
    - Aird agus tuiscint níos fearr an phobail i gcoitinne ar dhearaí na hÉireann a chruthú;
    - Acmhainní a fhorbairt chun comhtháthú an dearaidh san fhiontraíocht a chothú.
- Geilleagar cruthaitheach na hÉireann agus luach cultúir an dearaidh a chothú ach ceiliúradh a dhéanamh ar scoth an dearaidh ar fud gach earnála, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Plé idir pobal an dearaidh agus grúpaí eile na sochaí a chothú;
- Oidhreacht a fhágáil d'fhorbairt leanúnach earnáil dearaidh na hÉireann agus don chion a dhéanann sí don earnáil ceardaíochta agus dearaidh trí chéile.

Is rud uileghabhálach é an dearadh, a théann i gcion ar gach earnáil, idir dhéantúsaíocht agus an geilleagar cruthaitheach, agus i ngach réigiún sa tír. Téann an dearadh i gcion ar fhorbairt gach táirge (e.g. feistí leighis, feistí leictreachais, táirgí bia) agus is gné ríthábhachtach é den fhoirgníocht, de throscán, d'fhaisean agus de theicstílí mar aon leis an ailtireacht agus an innealtóireacht. Tá sé ag cur dlúis faoi earnálacha éiritheacha agus faoi phoist freisin, cuir i gcás Grafaic, Scannánaíocht agus Beochan, Comhéadan Gréasáin agus Dearadh TFC, Dearadh Feistis agus Seit, Dearadh Eagraíochta agus Seirbhíse agus Dearadh Bia fiú. Cothaíonn dearadh uirbeach nua-aimseartha ionaid mhealltacha don infheistíocht shoghluaiste agus d'fhiontraithe.

Bhí ról suntasach ag clár cuimsitheach imeachtaí agus gníomhaíochtaí do ID2015 maidir leis an dearadh a chur i gcroílár an gheilleagair chruthaithigh agus cáilmheas na hÉireann a mhéadú thar lear mar ionad do tháirgí agus do sheirbhísí nuálacha. Léirigh an glacadh a bhí le saothar dhearthóirí na hÉireann ag seachtainí tábhachtacha idirnáisiúnta dearaidh, ag imeachtaí débhliantúla ailtireachta agus ag seachtainí faisin an rath a bhí ar ID2015 maidir le fairsinge thallann dearaidh na hÉireann a chur i láthair an domhain mhóir.

Ar éachtaí chlár ID2015 bhí dearadh na hÉireann a bheith á chur i láthair den chéad uair riamh le *Liminal – Irish design at the threshold* ag Seachtain Dearaidh Milano, Seachtain Dearaidh Nua-Eabhrac agus Seachtain Dearaidh na hÍsiltíre; le *The Ogham Wall*, tionscadal uaillmhianach a dhear Grafton Architects, lenar cuireadh dearadh na hÉireann i láthair ag an V&A den chéad uair riamh i rith Fhéile Dearaidh Londan; agus le *New Horizon*, príomhimeacht ID2015 maidir le

cleachtais na hÉireann atá ag obair i réimsí na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha ag Féile Ailtireachta Londan i mí an Mheithimh, ag Imeacht Débhliantúil Ailtireachta Chicago i mí Dheireadh Fómhair agus in Shenshen/Hong Cong i mí na Nollag 2015.
Rinne an glacadh iontach a bhí le cláir agus imeachtaí ID2015 saothar dhearthóirí tréitheacha na hÉireann a chur chun cinn ar an ardán idirnáisiúnta, rud a threisíonn cumas earnáil dearaidh na hÉireann agus a chothaíonn comhoibriú idir earnáil dearaidh an hÉireann agus an earnáil níos leithne gnó.

Agus deireadh ag teacht le clár ID2015, fógraíodh torthaí an staidéir taighde ar an dearadh in Éirinn. Rinneadh é sin a choimisiúnú mar chuid den tionscnamh agus stiúir an Roinn é i gcomhar le ID2015/ Comhairle Cheardaíochta & Dearaidh na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ÚFT Éireann. Léirigh an staidéar – Creat Beartais um an Dearadh san Fhiontraíocht in Éirinn:

- Gurb ionann earnáil an Dearaidh agus €38bn ó thaobh onnmhairí de nó 20% d'onnmhairí san iomlán.
- Go bhfuil 48,000 duine nó 2.5% den lucht saothair fostaithe i róil dearaidh in Éirinn
- Go luann idir 80% agus 90% de ghnólachtaí a thábhachtaí atá an dearadh maidir leis an nuálaíocht, seirbhís do chustaiméirí agus brabús
- Gurb airde onnmhairí earnáil dearaidh na hÉireann ná figiúr comhréireach na Ríochta Aontaithe.

Léirítear i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2015 tiomantas an Rialtais do ghníomhartha coincréiteacha a chur i gcrích. Cothóidh na gníomhartha sin atá dírithe ar an dearadh an dlús a chuir bliain Dearaidh an hÉireann faoi chúrsaí agus treisíonn siad an méid a bhaineadh amach le ID2015. Tá acmhainneacht ollmhór fáis ann ó thaobh fostaíochta agus onnmhairíochta araon i measc gnólachtaí a chothaíonn an dearadh mar fheidhm chroílár a bhfiontair. Tá deis againn chomh maith cáilmheas na hÉireann mar fhoinse an dearaidh ardchaighdeáin a dhaingniú a thuilleadh.

# 3. Taighde agus Nuálaíocht

## Beartú Tosaíochtaí Taighde

Dhírigh an Roinn arís ar Bheartú Tosaíochtaí Taighde a chur i ngníomh agus í ag iarraidh forbairt fiontair a chothú de bhun taighde agus nuálaíochta i rith 2015. Ghlac an Rialtas le Beartú Tosaíochtaí Taighde in 2012 mar phríomhphrionsabal a threoraíonn infheistíocht phoiblí i dtaighde chun tacú leis an earnáil fiontraíochta. Ailíníonn sé infheistíocht phoiblí le réimsí de dheiseanna straitéiseacha margaidh d'fhiontar bunaithe in Éirinn. Baineann an timthriall reatha do Bheartú Tosaíochtaí Taighde leis an tréimhse cúig bliana 2013-2017. In *Annual Business Survey of Economic Impact*, suirbhé a rinneadh ar chliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontair, dearbhaíodh go raibh ardspéis ann agus gur bhain sé go mór le réimsí de ghníomhaíochtaí na ngnólachtaí.

Le linn 2015, mar aon le treoir do bheartais agus tacaíocht theicniúil a thabhairt i dtaca le beartú tosaíochtaí taighde agus maidir lena chinntiú go gcuirfí chun cinn na gníomhaíochtaí sna pleananna gníomhaíochta i 15 réimse tosaíochta, eagraíodh sraith ceardlanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais fiontair sa chóras taighde phoiblí sna ceithre réimse dhéag. Chomh maith leis sin, forbraíodh agus foilsíodh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn an Ghnímh Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde, agus rinneadh an chéad athbhreithniú neamhspleách idirnáisiúnta ar an nGníomh Náisiúnta sin. Faoi choimirce grúpa faoi stiúir fiontair, thángthas ar chomhaontú maidir leis an dóigh is fearr chun Nuálaíocht i bPróisis Seirbhísí agus Gnó a chur chun cinn.

De dhroim na hoibre sin, tugtar aitheantas do thábhacht na Nuálaíochta i bPróisis Seirbhísí agus Gnó i Straitéis nua Nuálaíochta na hÉireann, Nuálaíocht 2020, ina bhfuil roinnt moltaí i ndáil leis an acmhainn taighde phoiblí a threisiú i Nuálaíocht i bPróisis Seirbhísí agus Gnó, ina measc:

- Acmhainn a mhéadú in earnáil an ardoideachais ach roinnt taighdeoirí clúiteacha a cheapadh ag a bhfuil cuntas teiste cruthaithe i ndáil le taighde atá dírithe ar réitigh i bPróisis Ghnó agus Seirbhísí i gcomhar le ceannródaithe domhanda na fiontraíochta.
- Seirbhísí a bhaineann leis an bhfiontraíocht agus próisis ghnó a chur san áireamh i gcóras nua maoiniúcháin atá dúshlán-bhunaithe agus atá dírithe ar dhul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus náisiúnta sochaí.
- Dul i ngleic leis an riachtanas fiontraíochta i dtaca le tacaíocht Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta i réimse na bPróiseas Gnó agus Seirbhísí ach tógáil ar ghréasán reatha ionaid taighde na hÉireann.

Ina theannta sin, thug Fiontraíocht Éireann clár píolótach isteach, an Tionscnamh Nuálaíochta Gnó, atá dírithe ar infheistíocht ghnólachtaí i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht a mhéadú i dtaca leis an nuálaíocht i bpróisis ghnó agus seirbhísí.

I gceathrú ráithe 2014, bunaíodh painéal de shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí seo chun RP a chur i bhfeidhm.

Tá tátal an athbhreithnithe a rinneadh in 2015 agus a rinne ionchur i Nuálaíocht 2020 gur sholáthar tosaíochtaí taighde réasúnaíocht chomhtháiteach gheilleagrach agus treochlár don infheistíocht phoiblí i dtaighde agus go ndearna sé dul chun cinn nach beag maidir le mais chriticiúil de ghníomhaíochtaí taighde a chruthú i réimsí na ndeiseanna geilleagracha; luach a

bhaint go héifeachtach as an infheistíocht náisiúnta taighde; agus an taighde a thabhairt chun an mhargaidh níos gasta ná dlínsí eile.

## Straitéis Nua do Thaighde agus Forbairt, Eolaíocht agus Teicneolaíocht

Tháinig deireadh leis an gcéad Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta in 2013.Thar thréimhse na straitéise sin, tógadh cultúr in Éirinn atá á spreagadh ag an nuálaíocht, rud a fhágann go bhfuil an tír aitheanta go domhanda as sármhaitheas an taighde a dhéantar ann. Táimid anois ar na ceannairí a bhíonn ag giniúint eolas nua agus ag baint úsáid as ar mhaithe le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta. Tá éirithe linn mar thír acmhainneacht láidir taighde a thógáil a bhfuil clú orainn as go hidirnáisiúnta. Tá an bonn fiontar a bhíonn i mbun taighde, forbartha agus nuálaíochta ag méadú go seasta. Bhí ár n-infheistíocht i nuálaíocht lárnach chun infheistíocht dhíreach eachtrach a fháil, a éagsúlú agus a mhéadú chun teicneolaíochtaí nua a cheadúnú, chun cuideachtaí nua a bhunú agus chun fórsa oibre ardoilte atá de dhíth leis an ngeilleagar a fhás agus le cur leis an tsochaí a sholáthar.

Cuireadh tús in 2014 leis an bpróiseas chun comharba ar Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013 a dhréachtú. Tháinig Coiste Idir-Rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht le chéile faoi chathaoirleacht na Roinne seo chun an Straitéis úr a scríobh. Bhí ionadaithe ó na Ranna cuí Rialtais, Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais agus ionadaithe an Údaráis um Ard-Oideachas ar an gCoiste. Cuireadh tús le roinnt staidéar a mbeadh forbairt na Straitéise bunaithe orthu. Bhain siad leis na réimsí seo a leanas: riachtanais an bhonneagair taighde in Éirinn amach anseo; athbhreithniú neamhspleách ar Bheartú Tosaíochtaí Taighde; Taighde agus Forbairt fiontraíochta a láidriú; tírdhreach na n-ionad taighde dírithe ar an margadh; acmhainneacht maoine intleachtúla gnólachtaí Éireannacha; agus rannpháirtíocht na hÉireann in eagraíochtaí idirnáisiúnta taighde.

Thóg an staidéar ar T&F fiontraíochta a threisiú go príomha ar anailís a rinneadh roimhe sin agus ar shonraí a bhailigh Forfás mar aon le heolas ó obair an OECD sna hathbhreithnithe is déanaí dá gcuid ar fheidhmíocht agus ar bheartais nuálaíochta na hÉireann agus Scórchlár Nuálaíochta an AE. Bhain an staidéar tátail as beartais reatha taighde, forbartha agus nuálaíochta na fiontraíochta in Éirinn agus rinneadh moltaí i dtaca leis an meascán beartas a threisiú chun tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht na fiontraíochta a chumhdaíonn idir ghníomhartha praiticiúla gearrthréimhseacha agus meántréimhseacha.

Ba é ba chuspóir leis an staidéar a rinneadh ar thírdhreach ionaid taighde na hÉireann atá dírithe ar an margadh go bhfaighfí amach a mhéad a bhfuiltear ag sásamh riachtanais taighde fheidhmigh na fiontraíochta in Éirinn agus cén forás is fearr a d'fhéadfadh teacht ar an meascán ionad sin sa mheántréimhse. Tá moltaí bunaithe ar anailís ar eolas reatha agus ar theilgthe i dtaca le soláthar agus éileamh fiontraíochta amach anseo agus ar athbhreithniú ar éiceachórais rathúla taighde agus ar mhúnlaí ionaid taighde go hidirnáisiúnta. Ba é tátal an athbhreithnithe tríd is tríd go bhfuil éileamh ann faoi láthair i dtaca le soláthar seirbhísí seachtracha taighde, forbartha agus nuálaíochta do chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn, éileamh nach bhfuiltear a shásamh, go háirithe i ndáil le taighde feidhmeach agus le Leibhéil Réidhe Ardteicneolaíochta agus Meánteicneolaíochta agus le taighde feidhmeach gearrthréimhseach agus conartha, agus ionas go mbeadh éiceachóras taighde a bheidh iomaíoch go hidirnáisiúnta amach anseo gur chóir d'Éirinn tosú ar acmhainn a thógáil sna réimsí sin ach bonn reatha na n-ionad taighde a éabhlóidiú agus a threisiú.

Cuireadh tús le próiseas domhain comhairliúcháin trí pháipéar sonraithe comhairliúcháin a dhréachtú a cuireadh chuig na príomhpháirtithe leasmhara san éiceachóras nuálaíochta; leagadh

amach ann na príomhcheisteanna ar ghá smaoineamh orthu agus an Straitéis á cur le chéile. Seoladh Straitéis Nuálaíochta 2020 i mí na Nollag 2015.

## Nuálaíocht 2020

Tháinig Coiste Idir-Rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht le chéile faoi chathaoirleacht na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta seo chun an Straitéis úr a scríobh a thiocfadh i gcomharbacht ar an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013. Bhí ionadaithe ó na Ranna cuí Rialtais, Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais agus ionadaithe an Údaráis um Ard-Oideachas ar an gCoiste.

Tugadh faoi roinnt staidéar agus glacadh torthaí na staidéar sin san áireamh agus an straitéis á cur le chéile. Bhain na staidéir/athbhreithnithe le réimsí ar nós riachtanais bhonneagar taighde na hÉireann amach anseo, Tosaíochtaí Taighde, T&F fiontraíochta a threisiú, acmhainn Maoine Intleachtúla ghnólachtaí na hÉireann, thírdhreach na n-ionad taighde atá dírithe ar an margadh agus rannpháirtíocht na hÉireann in eagraíochtaí idirnáisiúnta taighde.

D’fhonn a thuilleadh eolais a chur ar fáil chun an straitéis a fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin nach beag i rith 2015, arb é a bhí ann próiseas comhairliúcháin i scríbhinn agus fóram comhchomhairleach le príomhpháirtithe leasmhara an tionscail, na hearnála poiblí agus na hacadúlachta.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin, sheol an Taoiseach, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Nuálaíocht 2020, straitéis na hÉireann do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht a d’aontaigh an Rialtas i mí na Nollag 2015. Is é fís uileghabhálach na straitéise seo go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta domhanda i ndáil leis an Nuálaíocht le geilleagar láidir inbhuanaithe agus sochaí níos fearr. Tá tiomantas d’infheistíocht phríobháideach agus phoiblí i dtaighde a mhéadú go 2.5% den olltáirgeacht náisiúnta faoi 2020 ríthábhachtach chun an fhís sin a bhaint amach.

Ar phríomhspriocanna eile Nuálaíocht 2020, tá:

- Líon an phearsanra taighde san fhiontraíocht a mhéadú 60% go 40,000
- Líon na gclárúchán i máistreachtaí taighde agus dochtúireachtaí a mhéadú 30% go 2,250
- Comharba ar an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal chun tacú le bonneagar (foirgnimh agus trealamh) agus daoine
- Infheistíocht phríobháideach T&F sa chóras taighde phoiblí a mhéadú faoi dhó
- Méadú 40% ar sciar na ndochtúireachtaí a aistrítear ó fhoirne taighde SFI chuig an tionscal
- Maoiniú €1.25bn a tharraingt anuas faoin Chreatchlár an AE, Fís 2020.

Tá 93 gníomh le haghaidh feidhmiúcháin ar fud an Rialtais go dtí 2020 i Nuálaíocht 2020. Déanann an Roinn seo cathaoirleacht ar Ghrúpa Feidhmiúcháin ar a bhfuil Ranna cuí Rialtais agus gníomhaireachtaí maoinithe taighde chun dlús a chur faoi fheidhmiú na straitéise.

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann

I rith 2015, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar aghaidh ag díriú ar thacú le timpeallacht chomhoibritheach ardchaighdeáin taighde agus é mar aidhm aici Éire a bhunú mar ionad a mbeadh cáil air i ndáil le taighde eolaíoch den scoth a bhaineann leis an ngeilleagar. In 2015, d’ardaigh Éire chuig an 14ú háit sa rangú domhanda do thaighde eolaíoch ar ardchaighdeán. Bhain Éire an dara háit amach ar domhan maidir le Nanaitheicneolaíocht,

Ceimic agus Imdhíoneolaíocht. Bhain Éire an tríú háit amach maidir le hEolaíochtaí Ainmhí, Déirí agus Talmhaíochta agus bhí sí sa cheathrú háit maidir le hEolaíocht na nÁbhar agus Matamaitic.

Lean SFI air ag déanamh maoiniú ar thaighde feidhmeach agus ar bhuntaighde, rud a chuir ar a chumas cur le haidhm an Rialtais maidir lena chuid infheistíocht taighde a dhíriú go straitéiseach i dtreo réimsí atá nasctha le riachtanais gheilleagair agus sochaí na hÉireann amach anseo agus maidir le dlús a chur faoi sheachadadh fothorthaí inmhianaithe ón infheistíocht sin. Tá tacaí maoiniúcháin SFI ag teacht go hiomlán leis na cinn sin a shonraítear sa Ghníomh Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde a d'fhaomh an Rialtas in 2012. I dteannta na dtacaí maoinithe taighde, lean SFI ar aghaidh, i rith 2015, ag cur maoiniú ar fáil chun staidéar an oideachais in STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) a chothú agus chun aird ar STEM a mhéadú.

Sa bhliain 2015, baineadh éachtaí suntasacha amach ar fud gach réimse de ghníomhaíocht SFI. D'infheistigh SFI €154 milliún in 2015 ar fud gach cláir dámhachtana dá chuid. Tá liosta cuimsitheach na ndámhachtainí uile a faomhadh in 2015 le fáil i dTuarascáil Bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2015. Mheall na taighdeoirí ar tugadh tacaíocht dóibh €130 milliún eile de mhaoiniú idirnáisiúnta agus tionscail chun tacú lena gcuid taighde, agus as an méid sin fuair taighdeoirí a mhaoinigh SFI €79 milliún de mhaoiniú ón AE. Thacaigh dámhachtainí SFI le 1,220 comhoibriú leis an tionscal, 711 ceann díobh sin le Corparáidí Ilnáisiúnta agus 509 ceann le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) a raibh 372 Corparáid Ilnáisiúnta agus 437 FBM éagsúil ann.

Leanadh ar aghaidh in 2015 leis an infheistiú in Ionaid Taighde SFI. In 2013, bunaíodh seacht nIonad Taighde agus bunaíodh cúig cinn bhreise in 2015. Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistiú €355 milliún sa 12 Ionad sin mar aon le €190 milliún eile ó Chomhpháirtithe Tionscail, suimeanna a gealladh thar thréimhse dámhachtana sé bliana. Dhírigh an 12 Ionad sin ar réimsí straitéiseacha tábhachta na hÉireann a chumhdaíonn Cógaisíocht, Anailísíocht Mórshonraí, Feistí Leighis, Nanaitheicneolaíocht/Ábhair, Fuinneamh Mara agus In-athnuaite, Bia do Shláinte/Bia Feidhmiúil, Taighde Imbhreithe, Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha, Ábhar Digiteach agus Teileachumarsáid. Tugadh tacaíocht bhreise d'Ionaid Taighde SFI a bhuí le maoiniú breise do naoi dtionscadal mhóra de bhun chlár Spokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann arbh fhiú €23 milliún san iomlán iad.

Sa bhliain 2015 bhí breis is 4,040 duine ardoilte ag obair ar thionscadail taighde a fuair tacaíocht ó SFI, ina measc 1,300 mac léinn iarchéime. Thacaigh an Fhondúireacht le 38 comhdháil agus ceardlann in 2015 chomh maith, a raibh 4,784 toscaire idirnáisiúnta i láthair iontu agus ar bhain luach teilgthe geilleagrach €4.8 milliún d'Éirinn leo. Measann SFI go ndeachaigh an rannpháirtíocht sin agus an infheistíocht shuntasach le chéile i gcion ar gheilleagar na hÉireann ach tacú go díreach agus go hindíreach le 28,000 post.

Reáchtáil SFI roinnt tionscnamh in 2015 chun oideachas agus rannpháirtíocht an phobail san eolaíocht a fheabhsú, ina measc comhpháirtíocht le RTÉ a fhógairt chun craoltóireacht STEM a chothú agus a fhorbairt. D'fhonn cuidiú le heolas a chur ar fáil do chláir STEM, choimisiúnaigh agus rinne SFI roinnt píosaí taighde agus foilsíodh "Science in Ireland Barometer 2015", a léiríonn dearcadh dearfach an phobail i leith STEM agus infheistíocht san eolaíocht agus sa nuálaíocht. D'eagraigh SFI an chéad "Cheiliúradh ar Eolaíocht na hÉireann" i dTithe an Rialtais chun éachtaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann a chur ar taispeáint. Ina dhiaidh sin reáchtáladh "Seachtain na hEolaíochta" a rinne an 20ú breithlá dá cuid a cheiliúradh le hocht bhféile réigiúnacha eolaíochta ar fud na tíre agus le 800 imeacht a d'eagraigh comhpháirtithe

Sheachtain Eolaíochta SFI, agus a raibh 250,000 duine rannpháirteach iontu. Lean SFI ar aghaidh chomh maith ag déanamh idirghabháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil oideachais ar leibhéal na bhunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta, ina measc a chláir *iscover Primary ScienceD* agus *Maths and Smart Futures*.

I rith 2015, lean SFI air ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ar thús cadhnaíochta domhanda ó thaobh na Nuálaíochta de agus cuidíodh le forbairt straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – *Nuálaíocht 2020*, mar aon le roinnt gníomhartha sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015* agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin i rith 2015, lean SFI air ag díriú ar a Phlean straitéiseach féin, *Clár Oibre 2020* a chur i ngníomh agus bhronn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an deimhniúchán "*Excellence Through People*" agus *Deimhniú Swift 3000 NSAI* um Rialachas Corparáideach ar SFI i mí na Nollag 2015.

## Nuálaíocht, Infheistíocht agus Gníomhaíocht Fhiontraíocht Éireann

Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as tacú le forbairt cuideachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta. Cuireann sé tacaí T&F ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh onnmhairí. Déanann Fiontraíocht Éireann é sin de bhun thrí phríomhghníomhaíocht:

- Acmhainn reatha T&F ionchuideachta a threisiú
- Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil
- Tráchtálaíocht

## Acmhainn reatha T&F ionchuideachta a threisiú

De bhun tacaíocht a chur ar fáil do thaighde, forbairt agus nuálaíocht, aithníonn an Stát cliseadh sa mhargadh sa mhéid is nach ndéanann cuideachtaí (go háirithe FBManna) dóthain infheistíochta in T&F nó sa chás go ndéanann siad infheistíocht nach mbíonn an infheistíocht sách mór nó nach mbíonn na tionscadail sách uaillmhianach. Is é ról Fhiontraíocht Éireann ina leith sin an baol a bhaint as taighde, forbairt agus nuálaíocht den chineál sin ionas go bhforbródh cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe.

### An Ciste T&F

Cuireann Ciste T&F Fhiontraíocht Éireann tacaíocht ar fáil do thaighde, d'fhorbairt agus do nuálaíocht teicneolaíochta d'fhonn a chur ar chumas cuideachtaí dul chun cinn ó thabhairt faoi thionscadail tosaigh taighde go gníomhaíochtaí nuálaíochta agus T&F ardleibhéil.

### Ionaid Teicneolaíochta

Déanann an tionscal Ionaid Teicneolaíochta a dhearadh agus a stiúradh le taighde margaidh a dhéanann acadóirí agus comhpháirtithe tionscail d'fhonn deacrachtaí ar fud na hearnála a réiteach (deacrachtaí a mbaineann an iomarca baoil leo nó dá n-éilítear go leor acmhainní, rud a fhágann nach bhféadfaidís tabhairt fúthu astu féin). Díríonn na hIonaid sin ar fhoinsí nua a shonrú d'fhás tionsclaíoch agus do phoist a chruthú agus ar bhuntáiste iomaíochais a bhaint amach don tionsclaíocht in Éirinn ach acmhainn nuálaíochta phobal taighde na hÉireann a úsáid agus a oiriúnú. Sa bhliain 2015, bhí 424 cuideachta ag obair leis na hionaid sin. D'infheistigh Fiontraíocht Éireann €35 milliún in Ionad Teicneolaíochta nua Próiseála Déiríochta in 2015.

### Tairseacha Teicneolaíochta

Maoiníonn Fiontraíocht Éireann "tairseacha" beaga atá dírithe ar thionsclaíocht in Institiúidí Teicneolaíochta. Is é is aidhm leo réitigh theicneolaíocha a chur ar fáil do chuideachtaí in earnáil

faoi leith agus, nuair is féidir, laistigh de réigiún. Cuireann na Tairseacha Teicneolaíochta acmhainní sainiúla ar fáil d'Institiúidí Teicneolaíochta a oibríonn leis an tionscal chun a gcuid deacrachtaí a chur in iúl ar bhealach lenar féidir le bonn taighde na hInstitiúide dul i ngleic leo. Aimsíonn na hacmhainní Forbartha Gnó sin cuideachtaí ansin ar féidir leo leas a bhaint as an mbonn taighde agus tionscadail taighde a bhainistiú ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2015, bhí 12 Thairseach den chineál sin ann.

### Dearbháin Nuálaíochta

Is ann do Dhearbháin Nuálaíochta €5,000 chun naisc a chruthú idir soláthróirí eolais phoiblí agus gnólachtaí beaga agus tá siad ag cuidiú le hathrú cultúir a chruthú i gcur chuige phobal na ngnólachtaí beaga i leith na nuálaíochta. Fuasclaíodh 530 dearbhán in 2015.

### Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta

Cuireann Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta tacaíocht airgeadais ar fáil do chuideachtaí a thugann faoi chomhthionscadail taighde le hollscoileanna agus le hinstitiúidí teicneolaíochta na hÉireann agus deontais a oiread agus 80% de chostais incháilithe an tionscadail taighde á gcur ar fáil. Tacaíodh le 70 comhpháirtíocht nuálaíochta in 2015.

### *New Frontiers*

Clár forbartha fiontraithe do ghnólachtaí nuálacha luathchéime nua-thionscanta is ea *New Frontiers*. Tacaíonn sé le daoine atá in ann gnólachtaí nua inbhuanaithe a thógáil, a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta, a chruthaíonn fostaíocht agus a ghineann ioncam don cheantar áitiúil.

### Gorlanna Campais

Faoi Clár na nGorlann Campais, thacaigh maoiniú Fhiontraíocht Éireann le gréasán náisiúnta d'ionaid nuálaíochta gnó agus de bhithghorlanna speisialtóireachta a fhorbairt. Tá gorlanna ar champas gach ollscoile agus institiúide teicneolaíochta sa tír anois. Cuireann siad dlús faoin bhforbairt réigiúnach agus fanann formhór na gcuideachtaí sa réigiún ach a dtugann siad an tréimhse goir chun críche.

### Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil

I dteannta tacaíocht ionchuideachta, oibríonn Fiontraíocht Éireann chun an luach is fearr is féidir a bhaint as córas taighde na hÉireann. Is é is aidhm leis úsáid tráchtála a chinntiú do theicneolaíochtaí agus do smaointe a fhorbraítear in institiúidí taighde na hÉireann.

Reáchtáladh 896 tionscadal comhoibríoch idir cuideachtaí agus earnáil an ardoideachais in 2015.

### Tráchtálaíocht

Oibríonn Fiontraíocht Éireann le taighdeoirí chun an fáltas tráchtála is fearr is féidir a bhaint as taighde a mhaoinítear go poiblí. Cuireann Ciste Tráchtálaíochta Fiontraíocht Éireann tacaí ar fáil do thaighdeoirí acadúla aschuir thaighde a mbaineann acmhainneacht tráchtála leo a thabhairt go staid lenar féidir iad a aistriú chuig an tionscal nó a bhunú ina gcuideachtaí nua-thionscanta.

Sa bhliain 2015 rinne Fiontraíocht Éireann maoirseacht ar an gcéad bhliain iomlán feidhmíochta de *Knowledge Transfer Ireland*, Lár-Oifig na hÉireann um Aistriú Teicneolaíochta (KTI) i gcomhpháirtíocht le Cumann Ollscoileanna Éireann.

## Knowledge Transfer Ireland (KTI)

Is é is KTI ann an oifig náisiúnta a chuidíonn le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach ach a chinntiú gur féidir nascadh agus tabhairt faoi thaighde a mhaoinítear go poiblí in Éirinn go furasta. Tá ról tábhachtach ag KTI maidir le comhéadan sofhreagrach a sholáthar idir cuideachtaí agus an saibhreas teicneolaíochta, scileanna agus eolais atá le fáil i gcóras an ardoideachais. De thoradh KTI is furasta atá sé ar ghnólachtaí nascadh le taighdeoirí agus oibriú leo.

Díríonn KTI ar thrí réimse straitéiseacha:

- Creat Náisiúnta an Aistrithe Eolais a threisiú: tacú le forbairt beartais; acmhainní praiticiúla a tháirgeadh don tionscal.
- Tacú le Bonneagar na hÉireann um Aistriú Eolais: a chinntiú go bhfuil na scileanna, an acmhainn agus an cumas ag sainfhoirne in Éirinn chun tacú le hidirghníomhaíocht taighde tionscail.
- Córas Aistrithe Eolais na hÉireann a fhorbairt: feidhmíocht na hÉireann a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a thuairisciú.

Bhí rath ar KTI sa bhliain 2015 nuair a síníodh beagnach 748 comhaontú nua taighde chomhoibríoch anuraidh. Bhí 1,235 clár taighde chomhoibríoch ar siúl faoi dheireadh na bliana.

Is réimse í an tsainchomhairleoireacht atá ag teacht chun cinn i spás aistrithe eolais na hÉireann. Tugann sé deis do chuideachtaí saineolas agus eolas criticiúil nach féidir a fháil go hinmheánach a fháil. Síníodh 372 comhaontú sainchomhairleoireachta in Éirinn sa bhliain 2015.

Tá leibhéal na gníomhaíochta ceadúnaithe ag méadú. Sa bhliain 2015, tháinig méadú 23% ar líon na gcineálacha sin conartha a thug rochtain ar mhaoin intleachtúil. Sa bhliain 2015, sheol cuideachtaí 38 táirge nua ar an margadh mar thoradh ar cheadúnais den chineál sin a síníodh sna blianta roimhe sin.

Seoladh 31 mac-chuideachta ó eagraíochtaí taighde Stáit agus Institiúidí Ardoideachais agus Stáit in 2015, arb ionann é sin agus méadú 15% ar líon na bliana 2014. Bhí 110 mac-chuideachta gníomhach faoi lán seoil trí bliana tar éis a n-ionchorpraithe, agus fostaíonn siad sin 930 duine ar a laghad.

Bhí obair i dtaca le Prótacal Maoine Intleachtúla Náisiúnta a fhorbairt ar siúl i rith 2015 agus seoladh é ag tús 2016.

## Fís 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici i bhFís 2020, clár an AE um Thaighde agus Nuálaíocht.

Tá buiséad €75bn ag Fís 2020 agus beidh sé ar siúl idir 2014 agus 2020. Ní mór d'Éirinn sprioc náisiúnta €1.25 billiún i maoiniú iomaíoch a aimsiú ó Fhís 2020 i rith a saolré. Tá an RPFN freagrach as feidhmiú na straitéise náisiúnta d'Fhís 2020 a stiúradh agus stiúrann Fiontraíocht Éireann an struchtúr tacaíochta náisiúnta.

Ghlac taighdeoirí agus cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn páirt i 588 togra rathúil, a ghnóthaigh €251 milliún san iomlán de mhaoiniú iomaíoch, go dtí deireadh mhí na Samhna 2015. Bhain €157 milliún den iomlán sin leis an gcóras Ardoideachais agus bhain €72 milliún eile le cuideachtaí, ina measc €52 milliún a bhain le FBManna.

Tugann na torthaí sin le fios go bhfuil Éire ar tí a sprioc náisiúnta a bhaint amach.

## Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann

Lean an Rialtas ar aghaidh ag tacú le Mol na Nuálaíochta Sláinte i rith 2015. Ach a raibh rath ar an gclár píolótach seoladh glao iomaíoch, arna bhainistiú ag Fiontraíocht Éireann, chun Mol náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a óstáil ag tús 2015. Roghnaíodh cuibhreannas ina raibh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar thairgeoir rathúil de bhun moladh a rinne painéal saineolaithe. D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tAire Sláinte Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann i mí Eanáir 2016. Is iad cuspóirí Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann:

- deis a thabhairt do chuideachtaí cúram sláinte táirgí agus seirbhísí tráchtála a sheachadadh níos tapúla ach teacht a bheith acu ar sheirbhís sláinte chun táirgí a thástáil agus a bhailíochtú agus a leasú i dtimpeallacht réalaíoch,
- ceadú don tseirbhís sláinte teacht ar éifeachtúlachtaí agus feabhsúcháin ach éascaíocht a dhéanamh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus d'ospidéil dul i gcomhpháirtíocht le cuideachtaí nuálacha atá ag cruthú réiteach ar dheacrachtaí atá le sárú acusan, agus
- tacú le feidhmiú/tráchtálaíocht nuálaíochtaí nua a fhorbraíonn cleachtóirí cúram sláinte laistigh de chóras an chúraim sláinte.

## An Limistéar Taighde Eorpach

Tá sé de chuspóir ag an Aontas Eorpach a bhoinn eolaíochta agus teicneolaíochta a neartú trí Limistéar Taighde Eorpach a bhaint amach, limistéar ina mbeidh saorchúrsaíocht ag taighdeoirí, ag eolas agus ag an teicneolaíocht. Sa bhliain 2015, lean Éire ar aghaidh ag glacadh páirte i ngrúpaí an AE a thacaíonn le Limistéar Taighde Eorpach a fhorbairt. I mí Bealtaine na bliana 2015, d'fhaomh an Chomhairle Eorpach (foirmíocht Iomaíochais – Airí Taighde) Treochlár an Limistéir Taighde Eorpaigh ar leibhéal AE a chuir an grúpa comhairleach, an Coiste um Limistéar Taighde Eorpach agus Nuálaíocht, i dtoll a chéile agus tugadh ar an gCoiste táscairí a fhorbairt a bhféadfaí dul chun cinn a thomhas ina gcoinne. Iarradh ar gach Ballstát, Éire ina measc, Treochlár náisiúnta an Limistéir Taighde Eorpaigh a chur le chéile, agus thug an Rialtas tiomantas dó sin, faoi lár 2016, ag féachaint d'fheidhmiú an Limistéir Taighde Eorpaigh a threisiú ar fud an AE.

## Gníomhaireacht Spáis na hEorpa

Ó chuaigh Éire isteach i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa in 1975, tá tionscail agus grúpaí taighde Éireannacha ag croílár mhisin spáis na hEorpa, iad ag tarraingt clú orthu féin mar sholáthróirí teicneolaíochtaí nuálacha a bhíonn in úsáid i gclár spáis na hEorpa.

Tugann ballraíocht na Gníomhaireachta Spáis rochtain do ghnólachtaí Éireannacha ar eagraíocht forbartha teicneolaíocht ar fiú €5 bhilliún sa bhliain í nach bhfuil a leithéid le fáil áit ar bith seachas NASA, mar aon le rochtain fheabhsaithe ar chliaint spáis institiúideacha Eorpacha agus Dhomhanda, ar phríomhchonraitheoirí agus ar shlabhraí soláthair teicneolaíochta.

In 2015, leathnaigh earnáil an tionscail spáis in Éirinn. Fuair 29 cuideachta Éireannach conarthaí ón nGníomhaireacht Spáis; is conraitheoirí céad-uaire ag an nGníomhaireacht Spáis iad 6 cinn acu sin, an líon is airde cuideachtaí nua in aon tréimhse bliana go dtí seo. Cuideachtaí ilnáisiúnta a bhí bunaithe in Éirinn ba ea ceithre cinn de na 29 cuideachta agus cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach ba ea 25 cinn díobh.

Tháinig méadú ar luach iomlán na gconarthaí a bhronn an Ghníomhaireacht Spáis ar chuideachtaí in Éirinn freisin i gcomparáid le blianta roimhe sin, agus den chéad uair riamh b'fhiú níos mó ná €13 mhilliún iad. Bronnadh 80% de na conarthaí ar thionscail Éireannacha agus bronnadh 20% ar mheithleacha difriúla in 8 n-institiúid Éireannacha, agus bhí 40 taighdeoir agus eolaí rannpháirteach i gceist.

D'infheistigh Éire €17.3 milliún ina ballraíocht sa Ghníomhaireacht Spáis in 2015. Rinne Technopolis Measúnú Eacnamaíoch ar Rannpháirtíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa in 2015. Ba é an tátal a bhain an measúnú gur sholáthair ballraíocht na hÉireann sa Ghníomhaireacht Spáis iarmhairt straitéiseach shuntasach ar an tionscal rannpháirteach, rud a thug fáltas díreach 3:1 ar infheistíocht in 2013 agus fáltas eacnamaíoch 7:1 san iomlán ar infheistíocht na Gníomhaireachta Spáis.

Tá méadú tagtha ar líon iomlán na bpost i gcuideachtaí a bhíonn ag plé leis an nGníomhaireacht Spáis ó 1,300 in 2008 go beagnach 1,700 in 2013; táthar ag tuar go mbeidh níos mó ná 5,500 duine fostaithe iontu faoi 2020. Ghin cuideachtaí Éireannacha €43m sa gheilleagar spáis in 2013, suim mheasta €77m in 2015 agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú air sin go €133m faoi 2020. Léiriú é an leibhéal ard sin gníomhaíochta agus fáis san fhostaíocht ar na comhiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Rialtais chun infheistiú go suntasach i dTaighde agus Forbairt, ag Fiontraíocht Éireann agus ÚFT agus iad ag obair le lucht na dtionscal, agus ag an nGníomhaireacht Spáis féin chun acmhainn nuálaíochta na dtionscal Éireannach a aistriú i dtáirgí, córais agus seirbhísí do chlár spáis na hEorpa agus don mhargadh domhanda spáis.

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist, bunófar go foirmiúil gorlann spáis in Éirinn le tacaíocht na Gníomhaireachta Spáis agus Fiontraíocht Éireann i mí an Mheithimh 2016. Déanfaidh cuibhreannas atá faoi stiúir Institiúid Tyndall, a bhfuil baint ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ollscoil Mhá Nuad agus Braisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann (IMERC) leis, Gorlann Ghnó na Gníomhaireachta Spáis a óstáil agus a bhainistiú. Tacóidh an Ghorlann Ghnó le 25 cuideachta nua-thionscanta breise i réimsí na dteicneolaíochtaí, na seirbhísí agus na n-úsáidí spáis faoi 2020.

Lean an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil, atá bunaithe in Éirinn, ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí for-rochtana a bhuí le maoiniú na Gníomhaireachta Spáis chun an spás a úsáid mar bhealach chun daoine óga a mhealladh i dtreo ábhar a bhaineann le STEM, trí oifig Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI).

Tá cuideachtaí, eolaithe agus taighdeoirí Éireannacha ag leanúint orthu chun deiseanna suimiúla atá ag teacht chun cinn trí Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a lorg; le deireanas, ba í rannpháirtíocht i misean Rosetta an deis ba mhó acu. Soláthróidh cuideachta Éireannach ENBIO teicneolaíocht ríthábhachtach chumhdaigh do mhisean Fhithiseoir Gréine na Gníomhaireachta Spáis, atá le cur chun spéire in 2017. Tabharfaidh cumhdach ENBIO cosaint do gach dromchla ar spásárthach na Gníomhaireachta Spáis a bheidh ar aghaidh na gréine, rud a thabharfaidh deis d'eolaithe dul níos gaire den ghrian ná mar a chuaigh aon mhisean go dtí seo agus dá thoradh sin beidh cumhdach ENBIO ar an rud de dhéantús an duine is gaire don Ghrian riamh.

## Comhpháirtíocht SAM agus na hÉireann i dTaighde agus Forbairt

Is toradh é Comhpháirtíocht SAM agus na hÉireann i dTaighde agus Forbairt ar phróiseas na síochána agus tá rialtais SAM, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach ann agus iad ag obair le chéile chun dul chun cinn na heolaíochta a chothú ach deontais taighde a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch. Ar na réimsí ar tugadh maoiniú dóibh tá sláinte,

teileachumarsáid agus fuinneamh agus in 2015 rinneadh raon na comhpháirtíochta a leathnú d'fhonn earnáil na talmhaíochta agus comhoibriú ar leibhéal na nIonad Taighde aonair a thabhairt san áireamh. Déanann Grúpa Stiúrtha atá faoi chomhchathaoirleacht na dtrí dhlínse an comhoibriú a stiúradh sna trí riarachán agus tá tacaíocht rúnaíochta aige ó Idir-Thrádáil Éireann.

Thionóil Éire cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath an 15 Samhain 2015. Go dtí deireadh 2015, bhí 31 tionscadal rathúil ann faoin gcomhpháirtíocht ar bronnadh infheistíocht iomlán €53m ó mheascán foinsí.

### Bosca Forbartha Eolais

Rinne an tAcht Airgeadais, 2015 foráil do Bhosca Forbartha Eolais (BFE) arb é atá ann uirlis bheartais um dhreasacht chánach a spreagann an nuálaíocht ach ráta níos ísle cánach corparáide, i.e. 6.25%, a ghearradh ar shócmhainní maoine intleachtúla a eascraíonn as taighde agus forbairt incháilithe a dhéantar sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an BFE mar chuid d'fhoireann uirlisí atá ann cheana féin a dhíríonn ar dhreasachtaí a chur ar fáil faoi choinne Taighde agus Forbartha i gcaitheamh shaolré iomlán na forbartha agus an tsaothraithe.

Tá dhá phíosa reachtaíochta de dhíth chun an BFE a chur i ngníomh ina iomláine. Ar an gcéad dul síos, ach a n-achtófar bille nua a bhunóidh scéim deimhniúcháin, a riarfaidh an Rialtóir Paitinní, Dearaí agus Trádmharcanna, beidh deis ag sócmhainní maoine intleachtúla beaga agus meánmhéide nach bhfuil follasach, úsáideach ná nuálach cáiliú don BFE. Ar an dara dul síos, ní mór leasuithe a dhéanamh ar Acht na bPaitinní, 1992 d'fhonn a chinntiú go gcáileoidh paitinní fadtréimhseacha Éireannacha do BFE i gcónaí ach scrúdú substainteach paitinne a thabhairt isteach ón 1 Eanáir 2017. D'oibrigh an RPFN go dlúth i rith na bliana le comhghleacaithe in Oifig an Rialtóra Paitinní, Dearaí agus Trádmharcanna agus sa Roinn Airgeadais chun BFE a chur i ngníomh ina iomláine.

### Reachtaíocht thánaisteach a achtaíodh a théann i gcion ar ghníomhairí paitinne

Cuireadh an Treoir um Sheirbhísí (2006/123/CE) ar ghlac an AE léi in 2016, le chéile chun cuidiú le margaí seirbhísí san Eoraip a lánchumas a bhaint amach ach bacainní riaracháin agus dlí le trádáil a bhaint. Ach a ndearna an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar roinnt gairmeacha, gníomhairí paitinne san áireamh, sonraíodh go raibh forálacha áirithe de chuid Acht na bPaitinní, 1992 ag teacht salach ar cheanglais na Treorach um Sheirbhísí.

Tugadh éifeacht do dhá Ionstraim Reachtúla in 2015 a chuir deireadh le srianta i reachtaíocht na bpaitinní i dtaca le foirmeacha dlí, scairshealbhú agus ceanglais bhainistíochta do sheirbhísí gníomhairí paitinne in Éirinn. Déanann an chéad Ionstraim Reachtúil éascaíocht do chlárú cuideachtaí agus comhpháirtíochtaí gníomhairí paitinne AE ar mian leo gnóthas tánaisteach a bhunú in Éirinn. Leagann an dara hIonstraim Reachtúil amach téarmaí, coinníollacha agus táillí is infheidhme do ghníomhairí paitinne maidir le hiontráil ar an gClár.

### Athbhreithniú ar Chóipcheart

D'fhoilsigh an Coiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart ar cheap Richard Bruton T.D., a bhí ina Aire ag an am, é i mí na Bealtaine 2011 a thuarascáil "Modernising Copyright" ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013. Tionóladh fóram poiblí in Acadamh Ríoga na hÉireann freisin i mí na Nollag 2013 chun deis a thabhairt don Choiste a chuid torthaí a chur i láthair agus chun deis a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag plé le cóipcheart na torthaí sin a iniúchadh in éineacht le comhaltaí an Choiste. Tá breis agus 60 moladh sa tuarascáil, arb é is aidhm leo aon bhacainn le nuálaíocht sa timpeallacht dhigiteach a shonrú agus moltaí a chur le chéile chun iad a mhaolú.

Rinne an Roinn anailís nach beag ar na moltaí, ina measc meastóireacht dhomhain ar na saincheisteanna casta dlí a bhain le roinnt de an moltaí i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne, mar aon le scrúdú ar na moltaí ó thaobh an bheartais de i gcomhar le Ranna cuí Rialtais.

## Moltaí an AE i dtaca le hathchóiriú ar thrádmharcanna

Ba é ba chuspóir le moltaí Choimisiún an AE maidir le córas náisiúnta agus AE na dTrádmharcanna a athchóiriú chun an nuálaíocht agus fás geilleagrach a chothú ach a chinntiú go mbeidh córais chláraithe trádmharcanna ar fud an AE níos inrochtana do ghnólachtaí ó thaobh costais agus castacht níos ísle, luas níos mó, intuarthacht níos mó agus deimhneacht dhlíthiúil. Tá na hathbhreithnithe sin ag teacht le hiarrachtaí a chinnteoidh nach mbeidh córais náisiúnta trádmharcanna ag teacht salach ar chóras an Aontais.

Tar éis míonna d'idirbheartaíocht, chomhaontaigh institiúidí an AE téacs deiridh do Threoir nua-aimseartha um Thrádmharcanna agus Rialáil Trádmharcanna na gComhphobal. Foilseofar na téacsanna in Iris Oifigiúil an AE i mí na Nollag 2015.

## Rialacha um Leasú Trádmharcanna – I.R. Uimh. 533 de 2015

Tá na leasuithe a rinneadh ar na Rialacha um Thrádmharcanna 1996 ag teacht leis na leasuithe a rinneadh ar reachtaíocht bhunaidh na dtrádmharcanna, i gcomhthéacs an Achta um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, atá dírithe ar éascaíocht a dhéanamh d'aontachas na hÉireann le Conradh Shingeapór.

Is é is cuspóir le Conradh Shingeapór i dtaca le Dlí na gConarthaí ná creat idirnáisiúnta nua-aimseartha agus dinimiciúil a chruthú le haghaidh comhchuibhiú gnáthaimh riaracháin um chlárú trádmharcanna. Déanfaidh Conradh Shingeapór gnáthaimh dhifriúla riaracháin a shimpliú agus a shruthlíniú ar fud na mBallstát sínithe ar mhaithe le húsáideoirí trádmharcanna sna tíortha sin.

# 4. Margaí Níos Fearr agus Fostaíocht den Scoth de bhun Rialáil Níos Fearr

## Acht na gCuideachtaí, 2014

Cuireadh tús le hAcht na gCuideachtaí, 2014 an 1 Meitheamh 2015. Déanann an tAcht dlí na gcuideachtaí in Éirinn a athstruchtúrú, a chomhdhlúthú agus a shimpliú agus tá cód dhlí Éireannach na gcuideachtaí le fáil in aon téacs amháin den chéad uair riamh. D'eascair an reachtaíocht thábhachtach seo as gníomh nach beag comhdhlúthaithe agus athchóirithe. Thug an tAcht le chéile 17 nAcht Cuideachtaí a achtaíodh idir 1963 agus 2013, mar aon le roinnt rialachán de chuid an AE. Mar chuid den athchóiriú, tá:

- cuideachta phríobháideach nua shimplithe faoi theorainn scaireanna atá i gcroílár dhlí Éireannach na gcuideachtaí anois
- struchtúr nua don Acht a leagann saolré cuideachta óna hionchorprú go dtí a foirceannadh agus a díscaoileadh.
- Codanna ar leithligh an Achta do chineálacha eile cuideachta agus don chaoi a ndéanann an dlí an dlí a bhaineann leis na cineálacha sin cuideachta a chur i bhfeidhm, a chur ar ceal nó a leasú
- códú dhualgas na stiúrthóirí

Ach ar tugadh isteach Acht na gCuideachtaí, 2014 tá creat sruthlínithe, ach seasmhach, rialála ann do chuideachtaí atá ionchorpraithe agus ag feidhmiú in Éirinn. Is é a thoradh sin go bhfuil cód dhlí na gcuideachtaí athchóirithe anois chun tírdhreach iarbhír na fiontraíochta sa Stát a léiriú, óir is mór an difear atá idir cuideachta phríobháideach aon duine amháin agus cuideachta mhór atá liostaithe go poiblí.

Ba é an toradh a bhí ar thosach feidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 gur aisghaireadh gach reacht reatha dlí cuideachta agus gur cúlghaireadh roinnt ionstraimí reachtúla. Ní chuirfidh aisghairm na reachtaíochta reatha isteach, áfach, ar ionchorprú aon chuideachta atá cláraithe cheana féin faoi reachtaíocht na gcuideachtaí roimhe seo. D’fhonn éascaíocht a dhéanamh do thosach feidhm ordúil, fógraíodh 19 n-ionstraim reachtúla in 2015.

Mar chuid d’uaillmhian na Roinne cuidiú le cuideachtaí agus lena stiúrthóirí i rith thréimhse an athraithe ó Acht na gCuideachtaí roimhe seo go hAcht na gCuideachtaí, 2014, foilsíodh Meamram Míniúcháin a mhíníonn an 1,448 alt atá san Acht. Ina theannta sin, d’eisigh an Roinn Táblaí um Bunús agus Ceann Scríbe d’fhonn cuidiú le húsáideoirí dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh amach cén chaoi ar aistríodh an dlí roimhe sin chuig an Acht nua agus vice versa. Tá na cáipéisí sin le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ar https://www.djei.ie/en/Publications/

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta in 2013 ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí araon, ach a réiteofaí éilimh i ndáil le díobháil phearsanta níos tapúla agus a laghdófaí na costais a bhaineann le dlíthíocht. Tar éis dó a bheith ar an bhfód le deich mbliana, reáchtáladh próiseas comhairliúcháin in 2014 i dtaca le feidhmiú na nAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Tá na haighneachtaí a fuarthas á scrúdú ag an Roinn agus tabharfar reachtaíocht chun cinn a bheidh dírithe ar fheidhmiú an Achta a fheabhsú a thuilleadh agus a sprioc a fheabhsú i ndáil le torthaí níos tapúla, níos fearr agus níos costéifeachtaí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí.

## Tacaíocht a thabhairt do Chomharchumainn

Cuireadh tús feidhme le Cuid 4 d'Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 an 1 Iúil 2015 de bhun Ionstraim Reachtúil Uimh. 269 de 2015. Cuireadh tús feidhme le Codanna 1, 2 agus 3 den Acht in 2014 de bhun Ionstraim Reachtúil Uimh. 365 de 2015. Forálann an tAcht do leasuithe éagsúla ar dhá chód reachtaíochta: Achtanna na gCara-Chumann agus Achtanna na gCumann Tionscail agus Soláthair.

Déanann Cuid 4 den Acht foráil go gcuirfí forálacha scrúdaitheoireachta Acht na gCuideachtaí ar fáil do chomharchumainn. Ón 1 Iúil 2015, tig le Cumainn Tionscail agus Soláthair cur isteach ar chosaint na Cúirte fearacht cuideachtaí.

## Dréachtscéim an Bhille um Chearta Tomhaltóirí

Eisíodh dréachtscéim do Bhille cuimsitheach, comhdhlúite um Chearta Tomhaltóirí le haghaidh comhairliúcháin phoiblí an 25 Bealtaine 2015. Foilsíodh é tar éis an pháipéir comhairliúcháin um Athchóiriú an Dlí um Chearta Conartha Tomhaltóirí a eisíodh i mí Lúnasa 2014. Déileálann príomhghnéithe na Scéime le cearta agus réitigh i gconarthaí um sholáthar earraí, inneachar digiteach agus seirbhísí mar aon le forálacha i ndáil le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí agus conarthaí um sholáthar dearbháin bronntanais. Is é aidhm na Dréachtscéime cur leis an cearta agus na réitigh a bhíonn ag tomhaltóirí agus iad ag ceannach earraí, seirbhísí nó inneachar digiteach. Is mian léi freisin na forálacha reatha casta dlí a rialaíonn conarthaí tomhaltóra a shruthlíniú agus a shimpliú ionas gurbh fhurasta ar thomhaltóirí a gcearta a thuiscint agus a fhorfheidhmiú agus gurbh fhurasta ar ghnólachtaí a n-oibleagáidí a thuiscint agus déanamh dá réir. I mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach moltaí reachtaíochta i dtaca le Treoracha um chonarthaí tomhaltóra maidir le soláthar inneachair dhigitigh agus conarthaí tomhaltóra i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile. De bharr go bhfuil moltaí an Choimisiúin ag trasnaíl dhá phríomhchuid de Dhreáchtscéim an Bhille um Chearta Tomhaltóirí go suntasach, níor mhór d'aon ghníomh i ndáil leis an Dréachtscéim amach anseo an dul chun cinn i ndáil le moltaí reachtaíochta an AE a ghlacadh san áireamh.

## Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 274 de 2015)

Tugann na Rialacháin sin éifeacht do Threoir 2014/84/AE ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2014, a leasaíonn (ar mhaithe le hoiriúnú do dhul chun cinn teicniúil) Aguisín A d'Iarscríbhinn II le Treoir 2009/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh a bhaineann le sábháilteacht bréagán, ach liosta na n-úsáidí dá gceadaítear nicil a úsáid i mbréagáin agus i gcomhchodanna bréagáin a leasú.

## Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú) (Uimh. 2), 2015 (I.R. Uimh. 572 de 2015)

Tugann na Rialacháin sin éifeacht do Threoir 2014/79/AE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2014 agus do Threoir 2014/81/AE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2014, a leasaíonn (ar mhaithe le hoiriúnú do dhul chun cinn teicniúil) Aguisín A d'Iarscríbhinn II le Treoir 2009/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 a bhaineann le sábháilteacht bréagán, ach luach sriantach na gceimiceán TCEP, TCPP, TDCP and Bisfeanól-A a cheadaítear a úsáid i mbréagáin agus i gcomhchodanna bréagáin a oiriúnú.

### Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Malartach Díospóide do Dhíospóidí Tomhaltóra), 2015 (I.R. Uimh. 343 de 2015) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Malartach Díospóide do Dhíospóidí Tomhaltóra) (Uimh. 2), 2015 (I.R. Uimh. 368 de 2015)

Tugann na Rialacháin sin éifeacht do Threoir 2013/11/AE i ndáil le réiteach malartach díospóide do dhíospóidí tomhaltóra agus do Rialachán leasaitheach (CE) Uimh. 2006/2004 agus do Threoir 2009/22/CE. Baineann na Rialacháin le gnáthaimh réitigh lasmuigh den chúirt do dhíospóidí tomhaltóra trasteorann agus intíre i ndáil le hoibleagáidí conartha a eascraíonn as díolacháin nó conarthaí seirbhíse, idir ar líne agus as líne, i ngach earnáil gheilleagrach, seachas na hearnálacha díolúine agus ní bhaineann siad ach le gearáin a dhéanann tomhaltóir in éadan trádálaí. Ainmníonn na Rialacháin an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí mar an t-údarás inniúil sa Stát chun críche na Treorach agus fhorfheidhmiú na Rialachán. Leagann na Rialúcháin amach na ceanglais a chaithfidh aonán réitigh díospóidí a chomhlíonadh ionas go n-aithneofaí é mar aonán cáilithe um réiteach malartach díospóide, agus sonraíonn siad an fhaisnéis a chaithfidh trádálaí a chur ar fáil do thomhaltóir.

### Rialúcháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Díospóide ar Líne do Dhíospóidí Tomhaltóra), 2015 (I.R. Uimh. 500 de 2015)

Tugann na Rialacháin éifeacht do Threoir (AE) Uimh. 524/2013 i ndáil le réiteach díospóide ar líne do dhíospóidí tomhaltóra agus do Rialachán leasaitheach (CE) Uimh. 2006/2004 agus 2009/22/CE. Ainmníonn na Rialacháin freisin Ionad Tomhaltóirí Eorpacha na hÉireann mar an pointe teagmhála um Réiteach Díospóidí ar Líne sa Stát chun críche Alt 7 de Rialachán na Comhairle agus go ndéanfaidh sé feidhmeanna pointe teagmhála um Réiteach Díospóidí ar Líne faoin Rialachán sin ón gComhairle.

### Rialáil Níos Fearr – Taking Care of Business

Idir 2013 agus 2015, sheol an Roinn, i gcomhar le breis is 25 Comhlacht Poiblí, Oifig agus Gníomhaireacht, sraith imeachtaí dar teideal "Taking Care of Business". Bhí thart ar 2,000 gnóthas beag i láthair le héisteacht le cuir i láthair ó rialtóirí agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta, agus bhí deis acu ceisteanna a chur agus comhairle a lorg ag breis is 30 seastán eolais i rith imeacht saor in aisce a mhair leathlá. Leis na himeachtaí seo, tá raon leathan faisnéise á chur ar fáil do ghnóthais maidir le rialacháin agus tacaíochtaí, agus tá cumarsáid neamhfhoirmiúil dhá bhealach idir comhlachtaí poiblí agus gnóthais á cur chun cinn. Ón mbliain 2014 i leith, reáchtáladh seacht n-imeacht i mBaile Átha Cliath (dhá imeacht), i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh, i bPort Láirge agus i nDroichead Átha (imeacht amháin an ceann).

### An Beartas maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin

Tháinig méadú ar líon na mbásanna san áit oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ó 55 in 2014 go 56 in 2014. Bhain an líon ba mhó básanna fós le hearnálacha ardriosca na talmhaíochta (18), ar laghdú ó 30 in 2014 a bhí ann, agus na foirgníochta (11), ar tháinig méadú air ó 8 in 2014. Ar aon dul leis an gcur chuige bunaithe ar riosca maidir le leithdháileadh acmhainní, lean an ÚSS le linn 2015 lena ghníomhaíochtaí iniúchta a dhíriú ar na hearnálacha ardriosca sin.

Léiríodh i dtaighde go bhfuil dea-chiall gnó le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta. Cuidíonn sé le hiomaíochas, feabhsaíonn sé an caidreamh le hoibrithe, agus ba chóir do gach fiontar rathúil tús áite a thabhairt dó. Tá gnóthais rathúla in Éirinn, idir ghnóthais dhúchasacha

agus ghnóthais ilnáisiúnta, ag cur an dea-chleachtais sa tsláinte agus sa tsábháilteacht ag croílár a straitéise fiontraíochta anois.

Is é príomhaidhm an bheartais maidir le sláinte agus sábháilteacht agus ceimiceáin a rialáil san áit oibre tacaíocht a thabhairt do leabú na sláinte agus na sábháilteachta ceirde mar chuid lárnach de ghnó a dhéanamh i ngach áit oibre in Éirinn agus a chinntiú nach rachaidh déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán in Éirinn i bhfeidhm ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol. Déantar an beartas a sheachadadh trí bhonn tacúil ach cothromaithe reachtaíochta le tacaíocht ó réimeas forfheidhmiúcháin atá bunaithe ar chomhghéilleadh agus rioscaí, arna rialú ag an ÚSS. Tá an beartas dírithe go príomha ar thimpistí san áit oibre a laghdú ach treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe ionas gur féidir leo a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Rud tábhachtach ná go dtugann ÚSS treoir agus tacaíocht do ghnóthais Éireannacha freisin maidir le ceimiceáin a láimhseáil go sábháilte agus maidir le déanamh de réir an chórais chasta rialála ceimiceán.

I rith 2015, d'fhoilsigh an ÚSS Cód Cleachtais um Shábháilteacht in Obair Duga. Cuireadh é sin le chéile tar éis comhairliúcháin nach beag le páirtithe leasmhara agus tugadh chun críche é le comhoibriú na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ach ar tugadh isteach an Cód Cleachtais sin bhíothas in ann Rialacháin a bhí as dáta a rinneadh faoi na hAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal 1955 agus 1987 a bhaint agus tugadh forfheidhmiú na sláinte agus na sábháilteachta i ndáil le hobair i réimse na ndugaí faoi réimeas an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ionas go mbeadh sé ag teacht le háiteanna eile oibre.

## An Córas Rialála Ceimiceán

Is casta atá an córas rialála ceimiceán mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE – rialacháin amhail na Rialacháin um Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin agus na Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú – agus teastaíonn obair leanúnach ina leith ar leibhéal AE maidir lena chur chun feidhme, a athbhreithniú agus a leasú. Bíonn an Roinn, le saintacaíocht ón ÚSS, ag freastal ar na héilimh sin. D'oibrigh an Roinn agus an ÚSS go dlúth le chéile athuair in 2015 lena ndícheall a dhéanamh an tacaíocht a chuireann ÚSS ar fáil do chuideachtaí Éireannacha a uasmhéadú de réir mar a d'oibrigh siad chun cloí leis na hoibleagáidí rialála reatha agus mar a d'ullmhaigh siad don spriocdháta um chomhlíonadh Rialachán an AE 1272/2008 maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú, an 1 Meitheamh 2015.

Trasuíodh forálacha Threoir "Seveso III" 2012/18/AE isteach i ndlí na hÉireann de bhun na Rialachán um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthubaistí lena mbaineann Substaintí Contúirteacha), 2015 (I.R. Uimh. 209 de 2015). Leasaigh Treoir 2014/27/AE cúig Threoir ón AE i dtaca le sláinte agus sábháilteacht ag an obair mar thoradh ar ghlacadh le Rialachán (CE) ón AE Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán. Trasuíodh an Treoir isteach i ndlí na hÉireann de bhun roinnt ionstraimí reachtúla, ar tháinig dhá cheann díobh i bhfeidhm in 2015 – I.R. Uimh. 622 de 2015 agus I.R. Uimh. 623 de 2015. *(Tugann I.R. Uimh. 70 de 2016 an trasuíomh chun críche).*

## Sláinte agus Sábháilteacht – Tionscnamh BeSMART

Tá an ÚSS tiomanta do chomhlíonadh rialála a dhéanamh chomh simplí agus is féidir mar go laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin; mar sin féin, dá mhó an comhlíonadh is amhlaidh is lú líon na ngortuithe agus na mbásanna. Uirlis ar líne saor in aisce de chuid ÚSS is ea BeSMART, deartha ceapadh chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis

sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. In 2015, lean BeSMART air ag leathnú de bhun forbairt BeSMART Construction agus BeSMART Agri-business. Ach a mbeadh an uirlis mheasúnaithe riosca sin ar fáil d'oibritheoirí beaga sa dá earnáil ardriosca sin sa gheilleagar, spreagfar oibritheoirí níos lú sna hearnálacha sin chun an dlí a chomhlíonadh i ndáil le sláinte agus sábháilteacht san áit oibre. Tá an uirlis, atá ar fáil anois do os cionn 250 cineál gnó, ina cuidiú maidir le comhlíonadh, agus sábhálann gnóthais am agus airgead ó thaobh a n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh. Léiríodh i suirbhéanna ar úsáideoirí gnó arna ndéanamh ag ÚSS gur laghdaigh cuideachtaí a úsáideann an córas a gcostais um chomhlíonadh faoi 86% ar an meán agus gur tháinig laghdú 71% ar an méid ama a thógann sé chun na ceanglais sin a chur i gcrích. Léiríonn sonraí iniúchóireachta ÚSS go bhfuil méadú 6% tagtha ar chomhlíonadh an Ráitis Sábháilteachta i measc mionghnóthas agus go bhfuil méadú 6% tagtha freisin ar líon na bhfostóirí a dhéanann a Ráiteas Sábháilteachta féin i mionghnóthais seachas úsáid a bhaint as tríú páirtí.

Tá a thuilleadh eolais le fáil ar www.besmart.ie.

## Creidiúnú

Thug Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, ar a bhfuil an fhreagracht as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú, a chéad bhliain iomlán mar chuid den ÚSS chun críche, ach ar tugadh isteach sa ÚSS é i lár na bliana 2014, nuair a díscaoileadh Forfás. Is é creidiúnú an leibhéal deiridh rialaithe phoiblí i gcóras measúnaithe comhghéillte na hEorpa. Is ann dó d'fhonn a chinntiú go mbeidh an acmhainn theicniúil ag comhlachtaí measúnaithe comhghéillte (e.g. saotharlanna, comhlachtaí cigireachta nó deimhniúcháin) chun a ndualgais a chomhlíonadh. Tá creidiúnú ag fáil aitheantas breise mar uirlis thábhachtach agus phraiticiúil chun cuspóirí a bhaint amach i raon réimsí beartais atá ag méadú.

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a Bhunú




An tAire Richard Bruton agus an tAire Stáit Ged Nash ag seoladh an Choimisiúin um Chaidreamh san Ait Oibre (Deireadh Fómhair 2015)

Thug an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 isteach an t-atheagrú ba shuntasaí ar shásra fostaíochta agus caidrimh thionscail an Stáit le beagnach 70 bliain. Ach ar bunaíodh an

Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an 1 Deireadh Fómhair 2015, tugadh le chéile feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Bhinse Comhionannais, agus ar an gcéad ásc feidhmeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta le chéile. Tá feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta corpraithe sa Chúirt Oibreachais atá leathnaithe. Sular tugadh isteach an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, ba é príomhfheidhm na Cúirte Oibreachais díospóidí trádála idir oibrithe agus fostóirí faoi na hAchtanna Caidreamh Tionscail a fhiosrú. Ó achtaíodh Acht 2015, leathnaíodh ról na Cúirte Oibreachais agus is í an t-aon chomhlacht achomhairc í a dhéileálann le hachomhairc.

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as seirbhísí lena n-áirítear luathsheirbhísí réitigh, eadrána, comhréitigh, éascaíochta agus comhairleacha a sholáthar i ndáil le gearáin a bhaineann le fostaíocht agus comhionannas, as monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le reachtaíocht um chearta fostaíochta agus go bhfuiltear á forfheidhmiú, agus as ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta agus um chosaint daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil.

I rith 2015, rinneadh dul chun cinn nach beag i dtaca le forfheidhmiú na n-athruithe teicneolaíochta, struchtúir, riaracháin agus foirne atá de dhíth chun tacú le Clár Athchóirithe um Chaidreamh san Áit Oibre. Ina measc sin bhí Aonad Comhroinnte Caidrimh san Ionad Oibre um Sheirbhísí do Chustaiméirí, Aonad Comhroinnte Iar-chlárúcháin agus Seirbhís Luathréitigh, Réiteach Bainistithe Caidrimh le Custaiméirí a chur i ngníomh, saoráid um ghearáin leictreonacha a fhorbairt a thuilleadh agus suíomh idirlín um Chaidreamh san Ionad Oibre a fhorbairt. Ach ar reáchtáladh comórtas oscailte earcaíochta do mholtóirí, cuireadh clár oiliúna i ngníomh do dhaoine aonair roghnaithe. I rith 2015, cuireadh clár i ngníomh a sholáthródh próisis fheabhsaithe teicneolaíochta agus ghnó.

De bhreis ar Chlár um Ghealltanas Rialtais a chinnteodh go mbeadh dlí na hÉireann i ndáil le ceart fostaithe tabhairt faoi chómhargáil ag teacht le breitheanna a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine le déanaí, reáchtáladh comhairliúchán nach beag le páirtithe leasmhara, ionadaithe fostóirí agus oibrithe san áireamh. Tugadh faoi athbhreithniú ar eispéireas feidhmithe an chreata reatha reachtaíochta arna leagan síos ag na hAchtanna Caidrimh Thionscail 2001 agus 2004 agus ar iarmhairtí na dlíthíochta a tháinig chun cinn i rith fheidhmiú na nAchtanna sin.

Ba é ba thoradh ar an bpróiseas gur achtaíodh an tAcht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2015 a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa.

Baineann Cuid 3 den Acht le cómhargáil agus tugtar sásra soiléir agus cothrom lenar féidir cothroime coinníollacha fostaíochta fostaithe ina n-iomláine a mheas i gcás fostaíochtaí nach mbíonn cómhargáil ar siúl iontu agus tugtar soiléire agus cinnteacht d'fhostóirí maidir lena n-ionaid oibre a bhainistiú ina leith sin. Tugtar cosaintí láidre chomh maith d'oibrithe a bhaineann leas as forálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail 2001/2004 nó a bhí ina bhfinnéithe nó ina gcomparadóirí chun críche chuspóirí na nAchtanna sin.

Cinntíonn an reachtaíocht go gcoinneofar córas deonach an chaidrimh tionscail in Éirinn, ach chomh maith leis sin, sa chás go roghnaíonn fostóir gan tabhairt faoi chómhargáil le ceardchumann nó le 'comhlacht díolúine' seachtrach agus nach bhfuil líon na bhfostaithe lena mbaineann an t-ábhar neamhshuntasach, leasaíodh Acht 2001 d'fhonn a chinntiú go mbeadh creat éifeachtach ann lena bhféadfadh ceardchumainn luach saothair agus téarmaí agus

coinníollacha a gcuid ball san fhostaíocht sin a mheas i gcomparáid le comparadóirí ábhartha agus go ndéanfadh an Chúirt Oibreachais é sin a chinneadh, más gá.

Cinntítear, chomh maith, sa chás go ndeachaigh fostóir i mbun cómhargála le 'comhlacht díolúine' seachtrach, seachas le ceardchumann, nár mhór don chomhlacht sin an Chúirt Oibreachais a shásamh i ndáil lena neamhspleáchas ar an bhfostóir. Anuas air sin, tugadh isteach toirmeasc follasach i ndáil le dreasachtaí (airgid nó eile) a bheith á n-úsáid ag fostóirí arb é is cuspóir sonrach leo go ngéillfeadh baill foirne comhionadaíocht ceardchumainn nuair a glacadh le Cód reachtúil Cleachtais um Íospairt an 28 Deireadh Fómhair 2015.

## Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála

Déanann Cuid 2 den Acht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2015 foráil do shásra a thabhairt isteach chun comhaontuithe fostaíochta idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumainn a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair a chlárú. Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe a thugtar ar na comhaontuithe sin agus ní bheidh ceanglas dlí leo lasmuigh de na páirtithe a shíníonn iad.

Déantar foráil freisin do chreat reachtúil nua chun íosrátaí luach saothair agus téarmaí agus coinníollacha eile fostaíochta a bhunú do chineál, d'aicne nó do ghrúpa sainithe – creat a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gcóras earnála Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe a bhíodh ann roimhe sin, a cinneadh a bheith míbhunreachtúil in *McGowan – v – na Cúirte Oibreachais*, in 2013.

Sa chomhthéacs sin, molann an creat nua sásra lenar féidir leis an gCúirt Oibreachais amach anseo, de bhun iarratais, ar leithligh nó i gcomhar ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht shubstaintiúil ar fhostóirí agus/nó ar fhostaithe, athbhreithniú a thionscnamh ar theidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta fostóirí in earnáil faoi leith agus, sa chás gur chuí léi é, moladh a dhéanamh don Aire ina leith. Má bhíonn an tAire sásta gur chloígh an Chúirt Oibreachais leis an bpróiseas a ndéantar foráil dó sa reachtaíocht nua, déanfaidh sé an tOrdú. I gcás go ndéantar ordú den chineál sin, beidh ceanglas leis ar fud na hearnála lena mbaineann sé, agus déanfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre é a fhorfheidhmiú. Orduithe Fostaíochta Earnála a thabharfar ar Orduithe den chineál sin. Ní dhearnadh aon Ordú den chineál sin in 2015.

Tá Comhchoistí Oibreachais ann do na hearnálacha seo a leanas – Talmhaíocht, Lónadóireacht (ceann do Bhaile Átha Cliath agus ceann don cheantar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath), Glantóireacht ar Conradh, Gruagaireacht, Óstáin (cé is moite de Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh), Grósaeireacht Mhiondíola agus Ceirdeanna Gaolmhara, agus Slándáil.

Síníodh dhá Ordú Rialaithe Fostaíochta in 2015. Baineann siad le hearnálacha na Slándála agus na Glantóireachta ar Conradh agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2015.

## An Coimisiún um Pá Íseal

I Ráiteas na dTosaíochtaí Rialtais 2014-2016, bhí gealltanas i ndáil le "Coimisiún um Pá Íseal a bhunú ar bhonn reachtúil mar chomhlacht neamhspleách d'fhonn moltaí bliantúil a dhéanamh don Rialtas faoi leibhéal cuí an íosphá agus faoi nithe gaolmhara."
Bunaíodh an Coimisiún ar bhonn eatramhach i mí Feabhra 2015, agus ar bhonn reachtúil nuair a achtaíodh an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015.

Is é príomhfheidhm an Choimisiúin scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Aire, gach bliain, i dtaca leis an íosphá náisiúnta, ag féachaint do dheimhin a dhéanamh de go ndéantar an t-

íosphá náisiúnta, sa chás go leasaítear é, a leasú go hincriminteach ag féachaint d'athruithe sa tuilleamh, sa táirgiúlacht, san iomaíochas trí chéile agus don iarmhairt is dócha a bheadh ag aon leasú ar leibhéil fostaíochta agus dífhostaíochta.

Chuir an Coimisiún a chéad tuarascáil faoi bhráid an Aire an 17 Iúil agus moladh go ndéanfaí an t-íosráta náisiúnta pá in aghaidh na huaire d'oibrí fásta ag a bhfuil taithí a mhéadú ó €8.65 go €9.15. Ghlac an Rialtas leis an moladh i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus tugadh Íosphá Náisiúnta nua isteach an 1 Eanáir 2016.

Mar aon le scrúdú a dhéanamh ar an íosphá náisiúnta, féadfar a iarraidh ar an gCoimisiún um Pá Íseal scrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann go ginearálta le feidhmeanna an Choimisiúin faoin Acht. Ina leith sin, iarradh ar an gCoimisiún ag deireadh na bliana 2015 tabhairt faoi scrúdú ar rátaí pá atá faoi bhun an íosráta (iníoctha le daoine óga agus le daoine faoi oiliúint) agus scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna a bhfuil líon mór ban ar an íosphá náisiúnta. Cuirfear tuairiscí i leith na n-ábhar sin faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2016.

### Comhdhéanamh an Choimisiúin um Pá Íseal

Comhlacht naonúr ball atá ann, ag a bhfuil:

- cathaoirleach neamhspleách,
- triúr ball a bhfuil tuiscint acu ar leasanna oibrithe a fhaigheann pá íseal,
- triúr ball a bhfuil tuiscint acu ar leasanna fostóirí, go háirithe fostóirí beaga agus meánmhéide agus iadsan a fheidhmíonn in earnálacha traidisiúnta an phá ísil, agus
- beirt bhall a bhfuil eolas nó saineolas acu ar ghné áirithe díobh seo a leanas nó iad go léir: eacnamaíocht, eacnamaíocht an mhargaidh saothair, staidreamh agus dlí fostaíochta.

### Cearta Fostaíochta

Ceapadh Ollscoil Luimnigh i mí Feabhra chun staidéar a dhéanamh ar leitheadúlacht na gconarthaí náid uaireanta agus na gconarthaí uaireanta ísle i ngeilleagar na hÉireann agus ar an iarmhairt a bhíonn acu ar fhostaithe. Rinneadh an staidéar agus díospóireacht ar siúl níos minice go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta faoin úsáid atáthar a bhaint as conarthaí den chineál sin. Fuair an staidéar amach nach mbaintear úsáid go forleathan in Éirinn as conarthaí náid uaireanta arna sainiú i reachtaíocht reatha na hÉireann i ndáil le cearta fostaíochta. Fuarthas amach gur féidir le huaireanta ísle oibre eascairt as cineálacha difriúla conarthaí fostaíochta, cuir i gcás conarthaí rialta páirtaimseartha a ngabhann uaireanta oibre socraithe leo nó conradh uaireanta "If and when" amháin nó meascán den dá cheann. Rinneadh raon moltaí i ndáil le conarthaí, uaireanta oibre agus fógra, uaireanta íosta, an chaoi ar chóir uaireanta ar conradh a chinneadh, comhaontuithe comhchoiteanna, tiomsú sonraí agus saincheisteanna níos leithne comhthéacsúla. I bhfianaise a neamhspleáiche a bhí an staidéar, lorg an Roinn aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i dtaca le príomhthorthaí agus moltaí an staidéir mar chuid de chomhairliúchán poiblí. Bhí an comhairliúchán fós ar siúl ag deireadh na bliana.

I mí Iúil chuir an tAire Gnó agus Fostaíochta tuarascáil faoi bhráid an Rialtais i dtaca le díol agus leachtú Clerys, a tharla an mhí roimhe sin. Rinne an tuarascáil athbhreithniú tosaigh ar ord na n-imeachtaí a d'fhág gur dúnadh Clerys agus tugadh spléachadh ar fhorálacha cuí an dlí fostaíochta agus cuideachtaí. Forbraíodh raon gníomhartha i rith 2015 as ar bunaíodh athbhreithniú saineolach Duffy/Cahill agus cuireadh ceisteanna sonracha faoi bhráid an Ghrúpa um Athbhreithniú Dlí Cuideachtaí ag tús 2016.

Rinneadh roinnt forbairtí reachtaíochta i rith na bliana. Leasaíodh an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 de bhun alt 86(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 chun foráil a

dhéanamh d'fhorfheidhmiú bhreithiúnais Chúirt Cheartais an Aontais Eorpaigh i sraith cásanna Schultz-Hoff um theidlíocht saoire bliantúla a charnadh i rith saoire breoiteachta. I mí Iúil shínigh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta Ionstraim Reachtúil Uimh. 342 de 2015, na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Neamhfheidhmiú Forálacha Áirithe i ndáil le Daoine a bhíonn i mbun Gníomhaíochtaí Iompair Shoghluaiste de Bhóthar) 2015. Shoiléirigh na Rialúcháin an dlí i ndáil le heagrú ama oibre agus oibrithe iompair shoghluaiste.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, lean an Roinn uirthi ag cur dlúis faoin idirghníomhaíocht leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus Éire ag ullmhú chun suíochán Titulaire a ghlacadh ar an mBord Rialaithe don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair don tréimhse 2017-20. Rinne an Roinn ionadaíocht ar Éirinn ag trí chruinniú de chuid an Bhoird Rialaithe, agus ghlac sí páirt chomh maith sa Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair a reáchtáladh i mí an Mheithimh ag ar glacadh le Moladh um Aistriú ó Gheilleagar Neamhfhoirmiúil go Geilleagar Foirmiúil. Rinne an Roinn ionadaíocht ar Éirinn freisin ar Choiste Rialtais na Comhairle Eorpaí um Chairt Shóisialta na hEorpa agus chuaigh sí i gcomhairle le raon leathan Ranna Rialtais agus Tuarascáil Bhliantúil na hÉireann á hullmhú don Chomhairle Eorpach i dtaca le forfheidhmiú Chairt Shóisialta na hEorpa.

## Córas Nua Íocaíochtaí agus Teidlíocht Reachtúil i leith Breithiúnais i Réiteach Díospóide

Baineann an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 le conarthaí áirithe foirgníochta ar tugadh fúthu tar éis an 25 Iúil 2016.

Is é cuspóir an Achta íocaíochtaí a rialú – go háirithe uainiú na n-íocaíochtaí – faoi chonradh foirgníochta atá cumhdaithe faoin reachtaíocht. Cuirtear cosaintí nua íoca ar fáil d'fhochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta a mheastar a bheith leochaileach sa timthriall íoca sa tionscal sin.

Tá sé de shaoirse ag príomhchonraitheoirí a dtéarmaí féin a aontú lena gcliaint, ach tá conarthaí príomhchonraitheora/fochonraitheora agus fochonraitheora/fo-fhochonraitheora faoi rialú Sceideal leis an Acht a éilíonn go ndéanfaí íocaíocht gach 30 lá laistigh de 30 lá (ach amháin sa chás go bhfuil téarmaí níos fabhraí sna conarthaí sin).

Tugann an tAcht seo, den chéad uair riamh in Éirinn, ceart do pháirtí le conradh foirgníochta díospóid faoi íocaíocht a chur ar aghaidh le haghaidh breithiúnais mar bhealach chun an díospóid a réiteach. Tá sé i gceist leis an Acht go dtabharfaí breithiúnais chun críche laistigh de 28 lá ón lá ar cuireadh ar aghaidh iad de ghnáth. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe ón reachtaíocht: conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí; conradh fostaíochta; agus conradh um áit chónaithe nach mó ná 200 méadar cearnach sa chás go bhfuil ceann de na páirtithe ina chónaí ann nó go bhfuil sé i gceist aige cónaí ann.

D'fhoilsigh an tAire Breen Cód Cleachtais a rialaíonn Seoladh Breithiúnas agus thug an Roinn faoi fheachtas náisiúnta eolais.

Cheap an tAire Gnó agus Fostaíochta ag an am, Ged Nash, Cathaoirleach agus Painéal de thríocha breithneoir in 2015. Cé go bhfuil sé oscailte do pháirtithe i ndíospóid aontú go gceapfaí breithneoir dá rogha féin, i gcásanna nach féidir a leithéid a chomhaontú, tig le ceachtar páirtí a iarraidh anois go gceapfaí breithneoir ó Phainéal an Aire ach iarratas a dhéanamh leis an gCathaoirleach.

# 5. An Straitéis a Chur i bhFeidhm agus Athruithe a Bhainistiú

Is é uaillmhian na Roinne a bheith ina ceannródaí i dtaobh an dea-chleachtais sa Státseirbhís maidir le spriocanna feidhmíochta a leagan síos agus a chomhlíonadh. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an uaillmhian sin toisc go bhfuilimid ag triail ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach d'ainneoin laghdú nach beag ar líon na mball foirne agus ar acmhainní airgeadais.

### Athrú go Seirbhísí Comhroinnte: Gníomhaíocht Idirbheartaíochta Acmhainní Daonna a dhílárú go PeoplePoint

An 30 Márta 2015, d'aistrigh an Roinn a gníomhaíocht Acmhainní Daonna go PeoplePoint mar chuid de chinneadh an Rialtais athrú go seirbhísí comhroinnte. Cuireadh Comhaontú Bainistithe Seirbhísí i bhfeidhm chun na seirbhísí a chuireann PeoplePoint ar fáil thar ceann na Roinne a bhainistiú. Rinneadh na feidhmeanna riaracháin seo a leanas dhílárú: Saoire / Neamhláithreacht / Pinsin / Treoracha Párolla / Obair chomhroinnte / Scéim d'Fhostaithe / agus Éaluithe.

Is ann don aistriú chun díbhinn ó thaobh acmhainní de a bhaint amach le himeacht ama agus chun an t-aonad Acmhainní Daonna a scaoileadh saor ionas go mbeadh sé in ann díriú ar shaincheisteanna níos straitéisí, cuir i gcás an lucht saothair agus pleanáil comharbais, soghluaisteacht, bainistiú tallainne agus foghlaim agus forbairt. Bhí ualach mór oibre ar an bhfoireann riaracháin nuair a tosaíodh ar na feidhmeanna a thabhairt ar láimh ionas go bhféadfaí na socruithe aistrithe a bhainistiú i ndáil le gach saincheist próisis / córais agus feasachta foirne. Cé go bhfuil sé sin fós ar siúl, táthar ag súil go maolóidh sé de réir mar a bheidh PeoplePoint níos bunaithe.

### Ár nÉifeachtúlacht agus ár nÉifeachtacht a Fheabhsú

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara uile. In 2015, leanamar orainn lena chinntiú go bhfuil luach ar airgead á thabhairt againn trí sheirbhísí éifeachtacha, éifeachtúla a chur ar fáil, de réir mar atá léirithe síos tríd an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Sa bhliain 2015, fuair an Roinn sannadh tarmligthe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), rud a thug deis don Roinn poist a líonadh go Leibhéal Príomh-Oifigigh, fad is a d'fheidhmigh an Roinn laistigh dá shrian buiséid pá gan gach cás a chur faoi bhráid RCPA. Faoin múnla nua seo, éilítear ar an Roinn tuairiscí a chur isteach gach ráithe faoi Chreat Bainistithe Acmhainní Foirne, rud a chuireann ar chumas RCPA monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe ar an líon foirne agus ar ghráid laistigh den Roinn gach ráithe. Chuir an sannadh tarmligthe ar chumas na Roinne roinnt folúntais thábhachtacha a líonadh ar fud na Rannán. Leanfar ar aghaidh in 2016 le hearcaíocht bhreise/folúntais thábhachtacha a líonadh, faoi réir srianta buiséid.

Chuaigh an tAonad Acmhainní Daonna sa Roinn i gcomhairle le gach bainisteoir rannáin chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais an lucht saothair againne. Tiomsaíodh sonraí i ndáil le brú anuas agus aníos agus cuirfear tuarascáil faoi bhráid RCPA in 2016 a leagfaidh amach pleananna na Roinne i ndáil le riachtanais an lucht saothair a chomhlíonadh chun tacú leis an ráiteas straitéise (sa tréimhse 2016-2017).

## Athnuachan na Státseirbhíse

Ba chomhpháirtí tiomanta í an Roinn i gClár Athnuachana na Státseirbhíse in 2015. Is í an Oifig um Sheachadadh Athchóirithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá ag stiúradh an Chláir Athnuachana seo, "Once Civil Service", agus déantar tuairisc ar dhul chun cinn go rialta. Ghlac an Roinn seo páirt i nGradam Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse in 2015 agus bhíomar i measc na ndreamanna ar iarraidh orthu a gcuid tionscnamh a chur i láthair sa bhabhta deiridh ag deireadh 2015. Chomh maith leis sin, tá tionscnamh dá cuid féin, Bealaí Nua Oibre, ag an Roinn chun cuidiú le héifeachtacht agus acmhainn níos mó a chothú i measc na mball foirne agus déantar tuairisc ar an dul chun cinn faoi cheannteidil áitrithe níos sia amach sa Chaibidil seo. Déanaimid tuairisc ar leithligh chomh maith ar roinnt comhthionscnamh sa Chaibidil seo.

## Rialachas Corparáideach

Déanann an Roinn iarracht a chinntiú go bhfuil struchtúr téagartha agus éifeachtach i bhfeidhm i ndáil le rialachas corparáideach, struchtúr atá in ann tacú leis an RPFN agus lena Gníomhaireachtaí agus leis an Oifig, ionas go gcomhlíontar gach ceanglas i ndáil le saincheisteanna rialachais faoi réir oibleagáidí reachtúla agus na gceanglas a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais síos ó am go chéile.

Tá barr feabhais rialachais a bhaint amach ar cheann de na gealltanais a tugadh faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014. Mar fhreagairt don ghealltanas sin, cuireadh Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís le chéile agus seoladh é i mí na Samhna 2015. Éilíonn an Caighdeán ar gach Roinn Rialtais a socruithe rialachais a bhreacadh síos agus a fhoilsiú i gCreat Rialachais agus cuirtear treoir ar fail ó thaobh stíl agus ábhar na gCreat. Chuir an RPFN tús lena Creat Rialachais a chur le chéile ag deireadh 2015 le bheith ar fáil faoi mhí Aibreáin 2016. Tá an Creat sin le fáil ar shuíomh idirlín an RPFN ag https://www.djei.ie/en/Publications/Governance-Framework.html

## Feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí

Bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ar ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leo ar son na Státseirbhíse in 2012, thug Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú agus comhairle don Ard-Rúnaí in 2015 maidir le próisis agus gnáthaimh inmheánacha airgeadais agus eile na Roinne.

## Tacaíochtaí TFC i dtaca le Comhlíonadh Straitéisí

Chuathas i ngleic le roinnt gníomhaíochtaí suntasacha le linn na bliana i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise chun tacú le próisis athchóirithe institiúidigh agus le héifeachtúlacht níos fearr i dtaca le comhlíonadh seirbhísí na Roinne:

- Aontaíodh Straitéis nua TFC don Roinn a leagann amach spriocanna um sheachadadh seirbhísí TFC go deireadh 2018.
- Cuireadh córais nua i bhfeidhm a thacaíonn le hobair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh le déanaí. Ina measc tá córais nua chúloifige agus ríomhfhoirmeacha nua a chuirfidh ar chumas cliant iarratas a dhéanamh ar líne ar sheirbhísí.
- Seachadadh seirbhísí nua TFC d'Oifig na bPaitinní, ina measc seirbhís a chuirfidh ar chumas iarratasóirí dearaí a chlárú ar líne, agus idir-inoibritheacht níos fearr le hOifigí eile um Maoin Intleachtúil san Eoraip. Cuireadh tacaí TFC ar fáil don Oifig um Chlárú Cuideachtaí chun Acht nua na gCuideachtaí a chur i bhfeidhm.

- Cuireadh suíomh nua Roinne le chéile agus cuireadh i ngníomh é, agus cuireadh láithreacht nua idirlín ar fáil freisin don Choimisiún um Pá Íseal agus chun an fhreagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn.
- Cuireadh seirbhísí nua i bhfeidhm do sheirbhís ceadanna fostaíochta na Roinne, ar mhaithe le tacú le hiarratais ó chomhpháirtithe iontaofa agus le stádas iarratais a fhiosrú ar líne. Cuireadh tús chomh maith le seirbhís nua iarratais ar líne a chur le chéile agus beidh an tseirbhís sin beo in 2016.

## Daoine agus Cumas

Agus an timpeallacht ghnó ag athrú de shíor, tá caighdeán an lucht saothair ríthábhachtach d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scileanna cuí ag an Roinn chun freagairt do na dúshláin agus na deiseanna atá ann. I dteannta daoine sciliúla a earcú, tá raon leathan cláir chuimsitheacha oiliúna i bhfeidhm againn chun na scileanna agus an t-eolas a thabhairt don fhoireann a bheidh de dhíth chun freastal ar riachtanais ghnó a bhaineann leis an Roinn a bhunú mar aireacht dhomhanda nua-aimseartha den scoth atá ag féachaint chun cinn.

Thug an Bord Bainistíochta de bhun Ghrúpa Stiúrtha an tionscnaimh Bealaí Nua Oibre tús áite do chóitseáil agus do mheantóireacht mar nithe ba chóir a sheachadadh in 2015, agus rinneadh an taighde cuí chun na múnlaí cóitseála agus meantóireachta is fearr a oireann do riachtanais na Roinne a shonrú. Sonraíodh na tionscnaimh sin mar chur chuige cruthaithe i ndáil le heagraíocht foghlama, nuálach agus solúbtha a chothú ach daoine a chumhachtú de bhun éascaíocht a dhéanamh don fhoghlaim féinstiúrtha, don fhás pearsanta agus d'fheidhmíocht fheabhsaithe phearsanta.

Mar aon le leanúint ar aghaidh ag déanamh infheistíochta i meithleacha reatha agus ina gcumais, lean an Roinn ar aghaidh ag cur dlúis faoina clár oibre um fhorbairt feidhmíochta agus bainistíochta don fhoireann in 2015. Le linn 2015, lean Aonad Foghlama agus Forbartha na Roinne uirthi de bheith i dteagmháil leis an bhfoireann agus leis na bainisteoirí chun riachtanais tosaíochta oiliúna agus forbartha a aithint. Cuireadh réimse sainoiliúna dírithe ar fáil don fhoireann chun freastal ar na riachtanais sin.

Leanaimid ar aghaidh ag tabhairt tús áite d'oiliúint bhainistíochta ionas gur féidir dúshláin nua agus athraitheacha a shárú ach cláir shainoiriúnaithe chóitseála a thabhairt isteach do bhainisteoirí líne, mar aon le cláir shainoiriúnaithe d'Oifigigh Chléireachais chun na scileanna cuí a thabhairt dóibh dá róil reatha/amach anseo agus d'fhorbairt a ngairmeacha. Ghlac na hOifigigh Riaracháin a ceapadh le déanaí páirt i gClár Céime na Státseirbhíse freisin.

## Ag Féachaint Chun Cinn agus Bealaí Nua Oibre

Leanann Grúpa Stiúrtha an tionscnaimh Bealaí Nua Oibre, a fheidhmítear ar bhonn comhpháirtíochta leis na Ceardchumainn agus atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, ar aghaidh ag cur roinnt tionscnamh i bhfeidhm faoin gclár ó bunaíodh ag tús 2015 é. Cuireann an cur chuige sin leis an gclár oibre níos leithe um Athchóiriú na Státseirbhíse agus le hiarrachtaí i ndáil le fís agus straitéis athchóirithe na Státseirbhíse a athnuachan.

## Cairt do Chustaiméirí

In 2015, d'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an dara Scéim Teanga 2015-2018 de chuid na Roinne. . Cuireann an Scéim nua le gealltanas i gCairt na Roinne do Chustaiméirí 2014-2016 a chinntiú gur féidir leis na custaiméirí sin ar mhaith leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge déanamh amhlaidh. Leagtar amach inti a oiread atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair, agus aithnítear inti réimsí atá le feabhsú sa tréimhse go 2018.

I rith 2015, lean Coiste Trasrannáin na Roinne, a dhéanann monatóireacht ar fheidhmiú na ngealltanas a dhéantar i bhFoilseacháin na Roinne um Sheirbhísí do Chustaiméirí, a tugadh cothrom le dáta in 2014, agus na Scéime Teanga 2015-2018, ar aghaidh ag teacht le chéile gach ráithe. Chinntigh na cruinnithe sin gurbh fhéidir dul i ngleic in am agus i dtráth le dúshláin ar bith a thiocfaidh chun cinn maidir le cur i ngníomh na ngealltanas a dhéantar sna foilseacháin sin.

I rith 2015, lean an Roinn ar aghaidh ag próiseáil iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise de réir fhorálacha an Achta sin (2014). In ainneoin gur tháinig méadú 132% ar líon na n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a fuarthas in 2015 i gcomparáid le 2014, rinneadh na hiarratais uile a phróiseáil de réir na teorann ama reachtúla. Cuireadh tús ag deireadh 2015 le hobair i ndáil le Scéim Foilsitheoireachta um Shaoráil Faisnéise na Roinne a fhorbairt. Foilsíodh an Scéim, a chuireann eolas ar fáil faoin Roinn agus faoi na seirbhísí a chuireann sí ar fáil, de réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

# Aguisín 1

## Ráitis Airgeadais Iniúchta amhail an 31 Nollaig 2015

### Vóta 32 Poist, Fiontair agus Nuálaíocht
### Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontair | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 359,071 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 11,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,000 | 391,071 | 379,379 | 337,824 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 347,384 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 9,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 29,000 | 385,384 | 382,633 | 357,370 |
| C | Rialáil | | 83,731 | 72,833 | 70,366 |
| | **Caiteachas comhlán** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 790,186 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 50,000 | | | |
| | | | **860,186** | **834,845** | **765,560** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **49,774** | **51,925** | **49,248** |
| | **N+** | | | | |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 740,412 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 50,000 | | | |
| | | | **810,412** | **782,920** | **716,312** |

**Barrachas atá le géilleadh**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán na leithreasaí gan chaitheamh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|

| | € | € |
|---|---|---|
| Farasbarr | 27,492,889 | 38,763,031 |
| Géilleadh iarchurtha | (10,000,000) | (20,000,000) |
| Farasbarr atá le géilleadh | 17,492,889 | 18,763,031 |

**Anailís ar an gcostas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán €000** | **Caiteachas €000** | **Caiteachas €000** |
| I | Tuarastal, pá agus liúntais | 23,834 | 24,196 | 22,032 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 686 | 424 | 555 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,096 | 828 | 785 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 587 | 450 | 408 |
| V | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,959 | 3,090 | 3,403 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 1,750 | 1,271 | 2,310 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 1,210 | 936 | 1,083 |
| Vii i | Fógraíocht agus acmhainní faisnéise | 581 | 391 | 106 |
| | | 33,703 | 31,586 | 30,682 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 803,259 | 734,878 |
| Pá | | 24,196 | 22,032 |
| Neamhphá | | 7,390 | 8,650 |
| **Caiteachas comhlán** | | **834,845** | **765,560** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **51,925** | **49,248** |
| **Glanchaiteachas** | | **782,920** | **716,312** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead | (773) | | |
| Dímheas | 1,834 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 6 | | |
| | | 1,067 | 915 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí – airgead | | (1,126) | (1,239) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 1,310 | | |
| Laghdú ar stoc | 12 | | |
| | | 1,322 | (904) |
| **Caiteachas díreach** | | 784,183 | **715,084** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí caiteachais (airgead) (nóta 1.1) | | 22,694 | 22,601 |
| Cíosanna barúlacha (neamhairgead) (nóta 1.2) | | 1,947 | 1,452 |
| **Glanchostas clár** | | **808,824** | **739,137** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 32 agus a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 144 | 67 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | m | 16,056 | 15,982 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 6,158 | 6,229 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 336 | 323 |
| | | 22,694 | 22,601 |

Seasann 'm' do luach measta nó costas cionroinnte.

### 1.2 Measchíos

Tá an figiúr measchíosa curtha i dtoll a chéile ag Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar chíosanna reatha margaidh. Is i leith dhá áitreabh ina bhfuil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá an figiúr measchíosa.

## 2 Clár Comhardaithe amhail Déardaoin, an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 7,149 | 6,762 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 43 | 354 |
| | | **7,192** | **7,116** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 14,294 | 22,212 |
| Stoic | 2.5 | 197 | 209 |
| Réamhíocaíochtaí | | 922 | 1,063 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,003 | 1,381 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,094 | 2,136 |
| **Sócmhainní reatha san iomlán** | | **17,510** | **27,001** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 446 | 285 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,802 | 1,172 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 2,388 | 4,522 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 13,000 | 19,826 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | **17,636** | **25,805** |
| **Glan(dliteanais)/Sócmhainní Reatha** | | **(126)** | **1,196** |
| **Glansócmhainní** | | **7,066** | **8,312** |
| **Arb ionannas dó:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **7,066** | **8,312** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 8,312 | 7,078 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 810,412 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (10,000) | | |
| Farasbarr atá le géilleadh | Cuntas | (17,492) | | |
| Vóta glan | | | 782,920 | 716,312 |
| Glansócmhainní aistrithe ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais | 2.2 | | 17 | - |
| *Glansócmhainní aistrithe ó Fhorfás* | | | - | 5 |
| *Coigeartú don bhliain roimhe seo* | | | - | 1 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 22,694 | 22,601 |
| Caiteachas nach ndearnadh in airgead – measchíos | 1 | | 1,947 | 1,452 |
| Glanchostas clár | 1 | | (808,824) | (739,137) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **7,066** | **8,312** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige agus TF €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 34,440 | 6,701 | 41,141 |
| Athaicmiú | 4 | (4) | - |
| Aistrithe ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais [a] | 378 | 58 | 436 |
| Méideanna breise | 2,125 | 85 | 2,210 |
| Diúscairtí | (42) | (1,367) | (1,409) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 36,905 | 5,473 | 42,378 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 27,850 | 6,529 | 34,379 |
| Athaicmiú | 4 | (4) | - |
| Aistrithe ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais [a] | 364 | 55 | 419 |
| Dímheas don bhliain | 1,782 | 52 | 1,834 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (37) | (1,366) | (1,403) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | 29,963 | 5,266 | 35,229 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **6,942** | **207** | **7,149** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **6,590** | **172** | **6,762** |

[a] Aistríodh sócmhainní agus troscán agus feistis TFC, ar bhain glanluach €17,252 leo, chuig an Roinn seo ach a ndearnadh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais a chumasc sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2015. D'eascair difríocht €38,000 as na glansócmhainní a aistríodh de bharr difríochtaí i mbeartais chuntasaíochta sa Roinn.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

| | Feidhmchláir ríomhaireachta inmheánacha €000 |
|---|---|
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2015 | 354 |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain [a] | 1,224 |
| In úsáid sa bhliain | (1,535) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | 43 |

[a] Caitheadh maoiniú €97,841 ón AE ar shócmhainní TFC a fháil faoi thionscadail an Chiste Comhoibrithe Paitinní.

| **2.4 Banc agus Airgead** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 14,293 | 22,212 |
| Iarmhéid sa chuntas bainc tráchtála | 1 | — |
| | 14,294 | 22,212 |

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 137 | 144 |
| Soláthairtí TF | 43 | 49 |
| Ábhar glantacháin | 17 | 16 |
| | 197 | 209 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | | 105 | 184 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair | | 631 | 1,385 |
| Caiteachas in-aisghabhála: | | | |
| Taisteal | 333 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 25 | | |
| | | 358 | 567 |
| | | 1,094 | 2,136 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 56 | 966 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 60 | 373 |
| Tobhach Ioncaim | - | 8 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | - | 154 |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha laistigh den AE | - | 53 |
| | 116 | 1,554 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair * | 2,272 | 2,968 |
| | 2,388 | 4,522 |

* Is éard is iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair ann i) táillí athnuachana paitinní – €1.4m, ii) asbhaintí foirne – €0.3m agus iii) iarmhéideanna ilghnéitheacha eile – €0.6m.

| **Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr atá le géilleadh | 17,492 | 18,763 |
| Géilleadh iarchurtha | 10,000 | 20,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (14,492) | (18,937) |
| Glandliteanas don Státchiste | 13,000 | 19,826 |
| **Arb ionannas dó:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 14,294 | 22,212 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 1,094 | 2,136 |
| | 15,388 | 24,348 |

| **Creidiúnaithe** | | |
|---|---|---|
| Dlite don Stát | (116) | (1,554) |
| Iarmhéideanna eile sochair | (2,272) | (2,968) |
| | (2,388) | (4,522) |
| | 13,000 | 19,826 |

| **2.9 Ceangaltais** amhail an 31 Nollaig | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|
| **(A) Gealltanais dhomhanda** | | |
| Fo-cheannteidil soláthair | 1,717 | 1,586 |
| Fo-cheannteidil deontais [a] | 1,427,488 | 1,453,199 |

[a] San áireamh anseo tá gealltanais a mhaoineofar ó ioncam acmhainne a ghinfidh comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne.

**(B) Gealltanais chaipitil ilbhliantúla**

Léirítear deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán €6,350,000 nó níos mó astu féin i dtábla na ngealltanas caipitil ilbhliantúil

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2014 [a]** | **Caiteachas in 2015** | **Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán tuartha: saolré an tionscadail 2015** | **Caiteachas iomlán tuartha saolré: an tionscadail 2014[a]** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ÚFT Éireann | 49,000 | 12,400 | 87,000 | 148,400 | 125,700 |
| Fiontraíocht Éireann | 199,792 | 57,367 | 188,854 | 446,013 | 407,919 |
| An Clár Forbartha, Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 196,127 | 61,887 | 280,068 | 538,082 | 523,823 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal | 95,839 | 28,831 | 48,405 | 173,075 | 173,074 |
| | 540,758 | 160,485 | 604,327 | 1,305,570 | 1,230,516 |

[a] Ní áirítear leis seo tionscadail a tugadh chun críche faoi dheireadh 2014.

**Éagsúlachtaí Suntasacha**

Sa chás gur mhéadaigh caiteachas an chláir faoi bhreis is €500,000 ó 2014 go 2015, seo leanas a mhíniú sin:

| **Tionscadal ar Thionscadal** | **Caiteachas iomlán tuartha 2015** | **Caiteachas iomlán tuartha 2014** | **Méadú bliana ar bhliain** |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| ÚFT Éireann: | 148,400 | 125,700 | 22,700 |
| Míniú: faomhadh deontais nua amháin in 2015, dar luach €13.8 milliún san iomlán agus gealltanas, in 2015 chun íocaíochtaí breise €9 milliún a dhéanamh chun léas nach bhfuil le dul in éag go dtí 2034 a ghéilleadh. | | | |
| Fiontraíocht Éireann: | 446,013 | 407,919 | 38,094 |
| Míniú: baineann an méadú le trí thionscadal nua ar fiú €29.5 milliún iad san iomlán agus méadú ar luach trí ghealltanas reatha tionscadail ar fiú €8.6 milliún é. | | | |
| An Clár Forbartha, Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 538,082 | 523,823 | 14,259 |
| Míniú: baineann an méadú le dhá fhaomhadh deontais nua in 2015. | | | |

**2.10 Dliteanas Aibithe**

| | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|
| Meas na ndliteanas aibithe gan scaoileadh faoi dheireadh na bliana | 206 | 99 |

## Achoimre ar Íocaíochtaí Prasa, Eanáir go Nollaig 2015

Baineann na sonraí atá tugtha thuas le híocaíochtaí le soláthróirí as idirbhearta tráchtála.

| Sonraí | Líon | Luach € | Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh (Líon) % |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí déanta taobh istigh de 15 lá | 5,523 | 35,857,454 | 79.17% |
| Íocaíochtaí déanta taobh istigh de 16 go 30 lá | 1,164 | 4,300,912 | 16.69% |
| Íocaíochtaí déanta i ndiaidh 30 lá | 289 | 548,326 | 4.14% |
| Iomlán na n-íocaíochtaí déanta in 2015 | 6,976 | 40,706,692 | 100% |

# Aguisín 2

## Billí a Foilsíodh nó a Achtaíodh in 2015

- An tAcht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2015
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015
- An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Acht Uimh. 16 de 2015) a shínigh an tUachtarán an 20 Bealtaine 2015

# Aguisín 3

## Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2015

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 31 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brúthrealaimh Iniompartha), 2015 |
| I.R. Uimh. 81 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Brúthrealamh) (Leasú), 2015 |
| I.R. Uimh. 147 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha), 2015 |
| I.R. Uimh. 169 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Tosach Feidhme), 2015 |
| I.R. Uimh. 172 de 2015 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Comhpháirtí Iontaofa), 2015 |
| I.R. Uimh. 196 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú) (Aisghairm), 2015 |
| I.R. Uimh. 203 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 897), 2015 |
| I.R. Uimh. 208 de 2015 | Rialúcháin an Aontais Eorpaigh (Rialú Guaiseacha Mórthubaistí lena mbaineann Substaintí Contúirteacha) (Aisghairm), 2015 |
| I.R. Uimh. 209 de 2015 | Rialúcháin faoin Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthubaistí lena mbaineann Substaintí Contúirteacha), 2015 |
| I.R. Uimh. 212 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 213 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Táillí), 2015 |
| I.R. Uimh. 214 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Stocmhalartáin Aitheanta), 2015 |
| I.R. Uimh. 215 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Nascadh), 2015 |
| I.R. Uimh. 216 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Cuid 14 Oifigigh Shainordaithe), 2015 |
| I.R. Uimh. 217 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 580(4) Tuairisc na mBall ar Fhoirceannadh Toilteanach), 2015 |
| I.R. Uimh. 218 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Tuarascáil Alt 208), 2015 |
| I.R. Uimh. 219 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Cuntas Alt 623), 2015 |
| I.R. Uimh. 220 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 221 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 682), 2015 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 222 de 2015 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2015 (Gnóthais Dícháiliúcháin agus Shriantacha), 2015 |
| I.R. Uimh. 223 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 1313), 2015 |
| I.R. Uimh. 224 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais) (Leasú), 2015 |
| I.R. Uimh. 225 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 150), 2015 |
| I.R. Uimh. 258 de 2015 | Rialacháin faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015 (Foirmeacha), 2015 |
| I.R. Uimh. 259 de 2015 | Rialacháin faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015 (Táillí), 2015 |
| I.R. Uimh. 269 de 2015 | An tOrdú um Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (Cuid 4) (Tosach Feidhme), 2015 |
| I.R. Uimh. 274 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú), 2015 |
| I.R. Uimh. 288 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brúthrealaimh Iniompartha) (Leasú) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 338 de 2015 | Ordú faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Tosach Feidhme), 2015 |
| I.R. Uimh. 340 de 2015 | Ordú faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (Alt 20) (Tosach Feidhme), 2015 |
| I.R. Uimh. 342 de 2015 | Na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Neamhfheidhmiú Forálacha Áirithe i ndáil le Daoine a bhíonn i mbun Gníomhaíochtaí Iompair Shoghluaiste de Bhóthar), 2015 |
| I.R. Uimh. 343 de 2015 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Malartach Díospóide do Dhíospóidí Tomhaltóra), 2015 |
| I.R. Uimh. 344 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 1969 (Alt 3A), 2015 |
| I.R. Uimh. 349 de 2015 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú), 2015 |
| I.R. Uimh. 368 de 2015 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Malartach Díospóide do Dhíospóidí Tomhaltóra) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 385 de 2015 | Ordú faoi Acht na gCuideachtaí, 1976 (Alt 8), 2015 |
| I.R. Uimh. 410 de 2015 | Ordú faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 2), 2015 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 411 de 2015 | Ordú faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (Alt 20) (Tosach Feidhme) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 412 de 2015 | Ordú faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Lá Bunaithe) 2015 |
| I.R. Uimh. 413 de 2015 | Ordú faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Lá an Díscaoilte), 2015 |
| I.R. Uimh. 417 de 2015 | An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála), 2015 |
| I.R. Uimh. 418 de 2015 | An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais um Ghlantóireacht ar Chonradh), 2015 |
| I.R. Uimh. 419 de 2015 | Na Rialacháin um an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Fógra um Íocaíocht Shocraithe), 2015 |
| I.R. Uimh. 423 de 2015 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cuideachtaí Trádáilte – Ráitis um Rialachas Corparáideach), 2015 |
| I.R. Uimh. 442 de 2015 | An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta, 2015 |
| I.R. Uimh. 463 de 2015 | An tOrdú faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais um Íospairt) (Dearbhú), 2015 |
| I.R. Uimh. 464 de 2015 | An tOrdú faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais um an Acht um Nochtadh Cosanta 2014) (Dearbhú), 2015 |
| I.R. Uimh. 498 de 2015 | An tOrdú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha Alt 457), 2015 |
| I.R. Uimh. 500 de 2015 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Díospóide ar Líne do Dhíospóidí Tomhaltóra), 2015 |
| I.R. Uimh. 519 de 2015 | Ordú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Aisghairmeacha) (Tosach Feidhme), 2015 |
| I.R. Uimh. 521 de 2015 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Dugaí) (Aisghairm), 2015 |
| I.R. Uimh. 536 de 2015 | Na Rialacháin um an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Táillí), 2015 |
| I.R. Uimh. 543 de 2015 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 150) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 572 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 602 de 2015 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2), 2015 |
| I.R. Uimh. 621 de 2015 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Meaisínre) (Leasú), 2015 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 622 de 2015 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí) (Leasú), 2015 |
| I.R. Uimh. 623 de 2015 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Gníomhaithe Ceimiceacha) (Leasú), 2015 |

**Is ionann na híomhánna ar chlúdach an doiciméid seo agus líníochtaí le Gabriel Hayes, ar coimisiúnaíodh í sa bhliain 1941 chun raon saothar cloiche snoite a dhearadh agus a chríochnú d'aghaidh fhoirgneamh na Roinne Tionscail agus Tráchtála ar Shráid Chill Dara.**

.


**An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 TD30

Teil: **+353 1 631 2121**
Íosghlao: **1890 220 222**

R-phost: **info@djei.ie**
**www.djei.ie**


An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation